



Bord um Thionóntachtaí Cónaithe  
Residential Tenancies Board




# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2021



# Eolas faoin mBord um Thionóntachtaí Cónaithe

## Cad é an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe?

Comhlacht poiblí is ea an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe, ar a dtugtar an RTB, a cuireadh ar bun chun earnáil tithíochta ar cíos a fheidhmiú go maith a fhorbairt agus a thacú. Síneann sainchúram an RTB chuig na hearnálacha: tithíocht phríobháideach ar cíos, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHB) agus Cóiríocht Sonrach do Mhic Léinn (SSA). Is é ról an RTB chun an earnáil cíosa a rialáil, faisnéis agus taighde a sholáthar chun beartas a chur in iúl, clár náisiúnta tionóntachtaí a choimeád, díospóidí a réiteach idir tionóntachtaí agus tiarnaí talún, imscrúdú a thionscnamh in Iompar Míchuí ag tiarna talún, agus faisnéis a sholáthar don phobal chun a chinntiú go n-éiríonn tionóntachtaí go breá gan aon saincheisteanna ag teacht chun cinn.



# Sainchúram an RTB

## Faisnéis, Taighde agus Oideachas

Soláthraíonn an RTB faisnéis ardchaighdeán agus cúnamh do thiarnaí talún, do thionóntaí agus don phobal maidir lena gcearta agus a bhfreagrachtaí, i dtéarmaí bheith ina gcónaí san earnáil cíosa agus cóiríocht a sholáthar san earnáil araon. Soláthraíonn an RTB sonraí cruinne agus údarásacha ar fáil chomh maith maidir leis an earnáil cíosa, amhail an t-Innéacs Cíosa Ráithiúil, lenar féidir monatóireacht a dhéanamh ar na treochtaí san earnáil cíosa, agus lenar féidir le daoine aonair chomh maith comparáid a dhéanamh idir cíosanna agus iad a sheiceáil in áiteanna áirithe.

## Clárúcháin

Ní mór do gach tiarna talún cónaithe, Comhlacht Tithíochta Ceadaithe (ar soláthraithe tithíochta neamhbhrabúis iad, dá dtagraítear dóibh go minic mar Chumainn Tithíochta), Cíos Costais, agus tiarnaí talún ar Chóiríocht Dírithe ar Mhic Léinn, a dtionóntachtaí a chlárú leis an RTB. Is féidir leat cuardach a dhéanamh le fáil amach má tá tionóntacht cláraithe ar láithreán gréasáin an RTB. Cuireann clárú tionóntachtaí ar chumas an RTB sonraí tábhachtacha a bhailiú ar an earnáil. Is príomhghné é freisin den rialáil agus den tacaíocht i leith na hearnála agus de chinntiú go mbíonn tiarnaí talún agus tionóntachtaí feasach ar a gcearta agus ar a bhfreagrachtaí.






## Réiteach Díospóidí

Ó 2004 i leith, cuireadh an RTB in ionad na gcúirteanna maidir le déileáil le formhór na ndíospóidí idir tiarnaí talún agus tionóntaí tríd an tSeirbhís Réitigh Díospóidí. Tairgeann an tseirbhís sin rogha cineálacha réitigh do pháirtithe – Eadráin nó Breithniú ar Theileafón - agus an rogha achomharc a dhéanamh trí Bhinse Tionóntachta.

## Imscrúduithe agus Smachtbhannaí

In Iúil 2019, tugadh cumhachtaí nua don RTB chun imscrúdú a dhéanamh ar thiarnaí talún agus chun smachtbhannaí a ghearradh orthu a ndéanann sárúithe áirithe ar dhlí an chíos, amhail an cíos a shocrú go neamhdhleathach sa RPZ os cionn 4% nó deireadh a chur le tionóntacht gan chúis a lua nár ghníomhaigh an tiarna talún dá réir sin, i measc nithe eile. Is féidir imscrúduithe a thosú ar bhonn faisnéise a fhaightear ó bhall an phobail nó go réamhghníomhach ar chonlán an RTB ar bhonn faisnéise a bhíonn ar fáil faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe. San áireamh le smachtbhannaí tá rabhadh i scríbhinn nó fíneáil de suas le €15,000 agus/nó costais de suas le €15,000.

# Clár Ábhair

<b>Eolas faoin mBord um Thionóntachtaí Cónaithe</b>	3
<b>Teachtaireacht an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra</b>	6
<b>Grafaic Eolais 2021</b>	8
 <b>Caibidil 1</b> – Conas a dhéanann an RTB cumarsáid le custaiméirí	10
 <b>Caibidil 2</b> – Conas a chuidíonn an RTB le díospóidí cíosa a réiteach	18
 <b>Caibidil 3</b> – Conas a Rialálann an RTB an Earnáil Chíosa	32
 <b>Caibidil 4</b> – Conas a dhéanann an RTB monatóireacht ar threochtaí	40
 <b>Caibidil 5</b> – Conas a chinntíonn an RTB dea-rialachas	50
<b>Eochairfhocail an RTB - Treoir maidir leis na Focail a Úsáidtear sa Tuarascáil</b>	95



Bord um Thionóntachtaí Cónaithe  
Residential Tenancies Board

# Teachtaireacht an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra

Tá freagracht ar an RTB, mar rialtóir na hearnála cíosa cónaithe, don phobal a chinntiú go ndéanaimid ár bhfeidhmeanna reachtúla a sheachadadh ar bhealaí a thacaíonn agus a fheabhsaíonn an earnáil. Tá sé seo ar cheann de na príomhbhealaí ina gcruthaíonn RTB fíorluach poiblí. Tá an RTB tiomanta freisin do fhreastal ar leas an phobail. Ciallaíonn sé seo go n-oibrímid lena chinntiú go bhfuil gach tionóntacht ar cheart a chlárú cláraithe, go n-oibrímid Seirbhís Réitigh Aighnis atá cothrom agus éifeachtach, agus go dtabharfaimid aghaidh go tráthúil ar neamhchomhlíonadh dáiríre agus d'aon ghnó. Mar rialtóir freagrach, neamhspleách agus saineolach, tuigeann RTB i gcónaí an gá uileghabhálach lenár gcumhachtaí rialála a úsáid go héifeachtúil agus go héifeachtach agus ar bhealaí a chothaíonn ardleibhéal muiníne poiblí agus muinín ionainn mar chomhlacht poiblí.

Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí RTB i rith 2021. In ainneoin an tionchair shuntasach agus na timpeallachta atá ag athrú go leanúnach a chruthaigh paindéim COVID-19, choinnigh an RTB a chuid seirbhísí ar fud na bealaí teagmhála agus cumarsáide go léir. Dhíríomar freisin ar amlínthe a aisghabháil dár Seirbhísí Réitigh Díospóidí. I rith 2021, d'éascaíomar breis agus 3,000 éisteacht Idirghabhála agus Breithnithe, chomh maith le beagnach 96,000 tionóntacht a chlárú. Ina theannta sin, faoi dheireadh 2021, bhí os cionn 420 imscrúdú ceadaithe ag an RTB ar lompár féideartha Míchuí ag tiarnaí talún, agus thug sé os cionn 40 smachtbhannaí foirmiúla os comhair na Cúirte Cuarda lena ndeimhniú.

Le linn 2021, leanadh den athrú reachtach. I measc athruithe eile, chonacthas reachtaíocht in 2021 chun tionóntachtaí a chosaint le linn na paindéime, chomh maith le hathruithe ar cheanglais an Chríos Brú Cíosa (RPZ) chun arduithe cíosa a rialú tuilleadh. Thug na hathruithe seo isteach freisin teorainneacha ar an méid is féidir a éileamh ar thionóntaí a íoc mar éarlais.

Do mhic léinn, bhí athruithe ar thréimhsí fógra nuair a cuireadh deireadh le tionóntacht. Ba chuid thábhachtach dár gcuid oibre i rith na bliana í faisnéis iontaofa a sholáthar do thionóntaí agus do mhic léinn ar na hathruithe rialála seo, chomh maith le tacú le comhlíonadh a n-oibleagáidí ag tiarnaí talún trí fheachtais ardaithe feasachta, trí sheisiúin faisnéise, seimineáir ghréasáin ar líne, agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara eile a sholáthar.

In obair eile, seoladh ár dtuarascálacha ar Shuirbhé na hEarnála Cíosa i mí Iúil 2021. Cuireann na tuarascálacha cuimsitheacha seo go mór le tírdhreach an bheartais trí shonraí agus léargais a sholáthar ar thaithí tiarnaí talún, tionóntaí agus gníomhairí ligin san earnáil cíosa, chomh maith le tiarnaí talún a d'fhág an earnáil.

Baineadh garsprioc mhór amach ag deireadh 2021 nuair a seoladh córas bainistíochta tionóntachta athdheartha ar líne de chuid RTB. Soláthraíonn an t-ardán teicneolaíochta seo raon leathan feabhsuithe do thiarnaí talún atá ag clárú, ag athnuachan agus ag nuashonrú tionóntachtaí leis an RTB.

Chomh maith leis na dúshláin chasta a thug an phaindéim chun cinn, tá sé tábhachtach freisin na deiseanna a tháinig chun cinn maidir le bealaí nua oibre a aithint, forbairtí teicneolaíochta a ghíaráil, agus nuálaíocht sa chaoi ina seachadann an RTB a phríomhfheidhmeanna.

Le linn na paindéime, lean na fostaithe sa tseirbhís phoiblí a oibríonn don RTB ag seachadadh ár bpríomhthosaíochtaí gnó. Trína athléimneacht, a n-inoiriúnaitheacht agus a gcuimsiú dearfach leis an nuálaíocht, chuir RTB tacaíochtaí tábhachtacha gnó ar fáil agus chuir siad reachtaíocht nua i bhfeidhm go tapa, go minic laistigh de laethanta ó cuireadh tús leis.

Aithníonn agus admhaíonn an RTB tiomantas leanúnach ár bhfoirne, ár gcomhaltaí Boird, comhaltaí ár gcoistí, breithneoirí neamhspleácha, idirghabhálaithe agus chomhaltaí binsí, agus ár bpríomhpháirtithe díoltóra. Gan tacaíocht agus ranníocaíocht leanúnach ó na daoine seo ar fad, ní fhéadfadh an RTB na torthaí atá doiciméadaithe sa Tuarascáil Bhliantúil seo a bhaint amach. Aithnímid freisin an tacaíocht leanúnach ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus a chuid oifigigh le linn 2021. Bhí ról tábhachtach ag an gcomhoibriú agus an comhar leanúnach idir an Roinn agus an RTB le linn 2021 maidir lenár gclár oibre comhroinnte a chur chun cinn chun cabhrú le hearnáil cíosa atá cóir agus cothrom a chruthú do chách.

I rith 2021, chríochnaigh an RTB próiseas earcaíochta do Stiúrthóir nua agus ceapadh Niall Byrne sa ról seo, ag dul i mbun a phoist ag deireadh Eanáir 2022. Ba mhaith le Bord an RTB buíochas ar leith a ghabháil le Pádraig McGoldrick as a mhaoirseacht ar an BTC mar Stiúrthóir Eatramhach le linn 2020 agus 2021 agus aitheantas a thabhairt don iliomad dúshlán breise a tháinig chun cinn le linn a shealbhaíochta le tosú na paindéime COVID-19.

### Súil ar aghaidh

Tá an RTB ag pointe tábhachtach ina fhorbairt mar chomhlacht rialála. Agus muid ag éirí as an tréimhse is measa den phaindéim, táimid ag druidim le deireadh an phlean straitéisigh reatha agus ar tí tús a chur leis an bpróiseas chun tosaíochtaí straitéiseacha nua a leagan síos do 2023 go 2025. Táimid ag tnúth le dul i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara go léir i rith 2022 agus muid ag obair chun ár gclár oibre um athrú straitéiseach todhchaíoch don RTB a fhorbairt.



**Tom Dunne**  
Cathaoirleach



**Niall Byrne**  
Stiúrthóir

# Athbhreithniú 2021

**73,821** Comhrá Gréasáin ar siúl in 2021

Chuaigh córas clárúcháin  
tionóntachta athdheartha an RTB  
ar líne beo ar

**15 Samh 2021**

**462,992**

radhairc ar leathanaigh  
láithreán gréasáin RTB in 2021

**60+**

imeachtaí páirtithe leasmhara agus  
seisiúin faisnéise eagraithe agus  
freastal orthu

**Breis is 1.6 milliún\***

daoine aimsithe ag cuntas  
Twitter an RTB

**Sé**

fheachtas feasachta náisiúnta chun  
athruithe reachtaíochta a mhíniú

Seoladh Mol Taighde &  
Sonraí an RTB i

**Márta 2021**

Foilsíodh an chéad chéim de  
thaighde Suirbhé na hEarnála  
Cíosa RTB

*\* Léirítear san fhiigiúr seo na himprisin iomlána a bhain cuntas Twitter an RTB amach in 2021. Is é an sainmhíniú a thugann Twitter ar “taispeáint” ná uair ar bith a fheiceann úsáideoir Twitter ceann de do tvuíteanna ina bhfotha, torthaí cuardaigh, nó mar chuid de chomhrá.*



**5,657**

iarratas ar réiteach  
díospóide in 2021

**2,759**

eisíodh Orduithe Cinnidh  
ag an RTB in 2021

**38%**



de na hiarratasóirí ar réiteach  
díospóide a saincheisteanna a  
réiteach trí Idirghabháil Gutháin  
saor in aisce

**412**

iarratais faighte  
ón bpobal chun  
Orduithe Cinnidh a  
fhorfheidhmiú in 2021

**breis is €400,000**

i ndamáistí bronnta nuair a eisíodh  
Ordú Cinnidh tar éis éisteachtaí  
Breithnithe

**90%**



faomhadh 365 na hiarratas  
a próiseáladh in 2021 do  
chúnamh dlíthiúil RTB

**169**

imscrúduithe ceadaithe  
in 2021

Faoi dheireadh 2021, thar

**€250,000**

de chíos ró-íoctha ar  
ais do thionóntaí mar  
thoradh ar imscrúduithe  
ar cuireadh tús leo ó  
2019.

# 1

## Conas a dhéanann an RTB cumarsáid le custaiméirí



# Buaicphointí 2021

Seoladh córas clárúcháin tionóntachta **athdheartha ar líne an RTB** mar aon le cruthú **ábhar treorach fairsing** chun tacú le húsáideoirí an córas a threorú

I rith thréimhse COVID-19, **soláthraíodh seirbhís neamh-idirbhriste do chustaiméirí tríd an ionad teagmhála**

D'éagraigh an RTB, nó chuir sé i láthair, **ag níos mó ná 60 imeacht fíorúil le páirtithe leasmhara** agus seisiúin faisnéise, agus sholáthair sé nuashonruithe ríomhphoist rialta do pháirtithe leasmhara maidir le reachtaíocht nua cíosa agus taighde RTB

Sheachaid an RTB **sé fheachtas náisiúnta fógraíochta ilmheán** chun athruithe reachtaíochta a mhíniú

Chruthaigh agus scaip an RTB **doiciméid treoracha nua** agus **FAQS** nua chun cabhrú leis an earnáil rialaithe reachtaíocht nua a thuiscint

# Réamhrá

**Freastalaíonn an RTB ar réimse fairsing custaiméirí agus páirtithe leasmhara, idir tiarnaí talún, tionóntaí, agus gníomhairí leis an Rialtas, comhlachtaí stáit, na meáin, agus an pobal. Tá sé mar phríomhthosaíocht ag an RTB do chinntiú gur féidir lena chustaiméirí teacht ar eolas iontaofa nuair a theastaíonn sé uathu trí bhealaí éagsúla. Tá sé mar chuspóir anseo ná chun cabhrú le custaiméirí a gcearta agus a bhfreagrachtaí cíosa a thuiscint níos fearr. Cuidíonn an tuiscint seo le cosc a chur ar díospóidí thionóntachta, agus cuidíonn sé freisin le tacú le comhlíonadh an dlí tionóntachta. In 2021, tháinig roinnt forbairtí tábhachtacha ar an gcaoi a ndearna an RTB cumarsáid lena chustaiméirí.**

## Conas a dhéanann an RTB caidreamh le custaiméirí

Cuireann an RTB bealaí éagsúla ar fáil do chustaiméirí chun rochtain a fháil ar fhaisnéis atá de dhíth orthu agus cúnaimh a lorg chun a bhfreagrachtaí rialála a chomhlíonadh, mar shampla a gcuid tionóntaí a chlárú agus a nuashonrú. Tacaíonn na bealaí seo freisin le faisnéis a sholáthar maidir leis an tseirbhís um réiteach díospóide. Tá líne ghutháin ar leith, neamhthairfeadta, ag an RTB le haghaidh imní custaiméirí maidir le hiompar míchuí faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 arna leasú (RTA).

Tá láithreán gréasáin fairsing ag an RTB chun tacú le custaiméirí idirghníomhú leis an RTB agus chun cabhrú leis an bpobal tuiscint a fháil ar rialú na hearnála cónaithe príobháideach.

## Seirbhís Comhrá Gréasáin an RTB

Is seirbhís idirghníomhach é Comhrá Gréasáin an RTB a léirítear go suntasach ar fud láithreáin gréasáin an RTB. Comhrá Gréasáin Beo é seo, ag feidhmiú ó 9am go 5pm, Luan go hAoine. Ligeann an ghné Comhrá Gréasáin, atá le fáil ar ár suíomh gréasáin, agus laistigh dár dtairseach clárúcháin ar líne, do chustaiméirí dul i dteagmháil go díreach le gníomhaire seirbhísí custaiméara RTB.

Tá an-tóir ag custaiméirí ar an tseirbhís Comhrá Gréasáin agus ó tugadh isteach é, tá méadú tagtha ar an éileamh atá ar Chomhrá Gréasáin. I rith 2021, ghlac an RTB páirt i 73,821 Comhrá Gréasáin, agus is ionann seo agus méadú 8% ó 2020 (68,367). Is féidir le custaiméirí a gcomhrá a íoslódáil agus a shábháil freisin a thugann taifead dóibh ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil dóibh, agus is féidir le custaiméirí doiciméid a fháil tríd an mbealach seo freisin, mar an litir dheimhnithe a eisítear nuair a chríochnaítear clárú tionóntachta.

Léiríonn fás na seirbhíse Comhrá Gréasáin tiomantas an RTB chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí digiteacha agus feabhas a chur ar an raon bealaí faisnéise atá ar fáil don phobal. Tá feidhm suirbhé iar-chomhrá ag an RTB in Comhrá Gréasáin chun “Guth an Chustaiméara” a ghabháil. Úsáideann an RTB an fhaisnéis seo chun caighdeán a chothabháil, chun foláireamh a thabhairt faoi aon fheabhsuithe riachtanacha agus chun oiliúint na nGníomhairí Seirbhíse Custaiméara a fheabhsú. In 2021, críochnaíodh 21,875 suirbhéanna.

In 2021, ghlac an RTB páirt i **73,821 Comhrá Gréasáin** agus is ionann seo agus méadú **8%** ó 2020 (68,367).

In 2021, **21,875 “Guth an Chustaiméara”** suirbhéanna críochnaithe.

## Torthaí an tSuirbhé Guth an Chustaiméara 2021

### C1.

Cé chomh sásta a bhí tú le heolas agus saineolas an chomhairleora a láimhseáil do cheist?

### Bhí

### 87%

de chustaiméirí a d'fhreagair an cheist seo sásta.

### C2.

Bunaithe ar an idirghníomhú a rinne tú le déanaí, cé chomh sásta agus a bhí tú le do thaithí iomlán leis an RTB?

### Bhí

### 83%

de chustaiméirí a d'fhreagair an cheist seo sásta.

## Líne Ghutháin an RTB

In 2021, d'fhreagair foireann seirbhísí custaiméara an RTB 82,296 glao gutháin san iomlán, arb ionann é sin agus laghdú 18% ar ghlaonna 2020 (100,591). Léiríonn an laghdú ar ghlaonna an chaoi a bhfuil an RTB ag obair chun custaiméirí a aistriú chuig Comhrá Gréasán ó ghlaonna teileafóin gan laghdú a dhéanamh ar cháilíocht na hidirghníomhaíochta. Ligeann an t-aistriú seo don RTB tosaíocht a thabhairt do thacaíocht a thabhairt do chustaiméirí a bhfuil fiosrúcháin níos casta acu trí theagmháil gutháin chomh maith le tacaíocht níos fearr a thabhairt do na custaiméirí sin ar gá dóibh teagmháil a dhéanamh ar an guthán agus nach rogha cabhrach é Comhrá Gréasáin dóibh. Cuireann an líne gutháin seirbhísí Ghaeilge ar fáil do chustaiméirí freisin.

## Teagmhálaithe Ríomhphoist

In 2021, fuair an RTB 105,594 ríomhphoist, go príomha maidir le clárúcháin agus díospóidí, arb ionann seo agus méadú 10% ó 2020 (96,343).

## Gearáin ó Chustaiméirí

Foilsítear Cairt Chustaiméirí an RTB ar an láithreán gréasáin agus leagtar amach ann thiomantas do seirbhís chustaiméara agus an próiseas chun gearán a dhéanamh nuair nach bhfuil an custaiméir sásta le seirbhís an RTB.

Aithnítear na gearáin fhoirmiúla go léir a fhaightear laistigh de dhá lá i ndiaidh go bhfaightear iad ag an RTB.

Scrúdaíonn an RTB gach gearán go cúramach agus freagraíonn sé go hiomlán do chustaiméirí. I gcás nach gcomhlíontar na caighdeáin a leagann an eagraíocht síos dá seirbhís, leigheasfaidh an RTB an cheist trí: oiliúint foirne a athnuachan, athruithe ar chleachtais ghnó de réir mar is cuí, faisnéis nua ar an suíomh gréasáin, srl. Tá sé rithábachtach éisteacht go díreach ón gcustaiméir, is cuma cén taithí atá agat, maidir leis an mbealach a fhoghlaimíonn an RTB mar eagraíocht chun seirbhísí a fheabhsú.

In 2021, fuair an RTB 197 gearán foirmiúil, méadú ar an 108 a fuarthas in 2020.

Bhain an líon is airde gearán leis an tSeirbhís Réitigh Díospóide, agus ceisteanna clárúcháin ina dhiaidh sin. Ar an iomlán, freagraíodh 87% (172) de ghearáin laistigh den tréimhse 28 lá mar atá leagtha amach faoin gCairt.

Tábla 1

Miondealú ar Ghearáin a Fuair an RTB de réir Cineál Gearáin 2020 – 2021, de réir Minicíochtaí

Cineál Gearáin		2020	2021
<b>Réiteach Díospóidí</b>	<b>Seirbhís Réitigh Díospóidí:</b> Custaiméir míshásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil. (m.sh., amlínte cásanna, sceidealú cáis, deonú ar atráth, gearáin maidir le comhfhreagras a fuarthas, srl).	20	33
	<b>Toradh Réitigh Díospóidí:</b> Custaiméir nach raibh sásta le toradh éisteacht díospóide, nós imeachta, srl.	13	27
	<b>Réiteach Díospóidí Eile:</b> Gearáin a bhaineann le Breithniú Páipéarbhunaithe, dlínse agus táillí achomhairc.	7	15
	<b>Binsí/Achomhairc:</b> Ní raibh an custaiméir sásta le héisteacht achomhairc/amlínte cáis, sceidealú/ torthaí cáis	9	13
	<b>Próiseas Réitigh Díospóidí:</b> Ní raibh custaiméirí sásta le conas a thug an t-Idirghabhálaí/ an Breithneoir nó ball den Bhinse faoin éisteacht.	5	11
	<b>Réiteach Díospóidí &amp; Tríú Páirtithe:</b> Is éard atá i gceist le gearáin a fhaightear ó thríú páirtithe ná iad siúd a ndéanann tionóntaí comharsanachta dochar dóibh go diúltach agus go mbíonn an ceart acu mar sin cás a thabhairt i gcoinne thiarnaí talún na dtionóntaí sin.	1	3
<b>Clárúcháin:</b> Gearán maidir le Clárúcháin (m.sh. saincheisteanna cláraithe ar líne, táillí clárúcháin dhéanaigh, saincheisteanna tairsí srl.).	24	27	
<b>Clárú tionóntachta ar líne RTB (Tairseach)</b>	-	23	
<b>Seirbhís do Chustaiméirí (glaonna/Comhrá Gréasáin/ríomhphoist, srl.)</b> Custaiméir míshásta leis an tseirbhís.	9	16	
<b>Forfheidhmiú Clárúcháin:</b> Litreacha eisithe maidir le tionóntachtaí neamhchláraithe féideartha.	-	14	
<b>Cumarsáid:</b> Baineann na gearáin a fuarthas le heolas, téarmaíocht agus teanga a chuirtear ar fáil ar láithreán gréasáin an RTB.	6	6	
<b>Smachtbhannaí/Cúrsaí Dlí/ Reachtaíocht:</b> I measc na ngearán, tá iad siúd a bhaineann le hathrú reachtaíochta/ cúrsaí dlí agus/nó an tAonad Imscrúduithe agus Smachtbhannaí.	7	3	
<b>Forfheidhmiú Orduithe:</b> Custaiméirí míshásta le próiseas an RTB um chúnamh dlíthiúil chun forfheidhmiú na nOrduithe Cinnidh RTB a mhaoiniú, thar ceann cáspháirtí, trí na cúirteanna.	6	3	
<b>Gearáin Eile</b>	1	3	
<b>Iomlán na ngearán a fuarthas</b>	<b>108</b>	<b>197</b>	

**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadadh luach na sonraí.

## Conas a n-idirghníomhaíonn custaiméirí leis na seirbhísí RTB

Tháinig athrú suntasach in 2021 ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn tiarnaí talún agus gníomhairí ligin le seirbhísí clárúcháin an RTB, nuair a seoladh tairseach clárúcháin tionóntachta athdheartha ar líne agus Bainistíocht Caidrimh le Custaiméirí (CRM). (Is straitéis é CRM a úsáideann cuideachtaí chun idirghníomhaíochtaí le custaiméirí agus le custaiméirí féideartha a bhainistiú).

Chuaigh an córas athdheartha beo ar an 15 Samhain 2021 agus seachadann sé cuntas athdheartha ar líne agus tairseach clárúcháin do thiarnaí talún agus gníomhairí ligin. Soláthraíonn an córas clárúcháin athdheartha do fhíorú níos fearr ar na sonraí a chuirtear isteach. Príomhathrú anseo is ea fíorú dian a thabhairt isteach ar an Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPSN) do thiarnaí talún aonair agus úsáid phróiseas fíoraithe na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO) do chuideachtaí. Is féidir fíorú a dhéanamh do thiarnaí talún neamhchónaitheacha freisin, le tacaíocht ó na Gníomhairí Seirbhíse Custaiméara.

Tá go leor gnéithe feabhsaithe ag an gcóras a cheadaíonn slándáil níos fearr, níos mó roghanna íocaíochta agus fógra a ailíniú le rogha an chustaiméara, agus gnéithe a laghdaíonn dúbailt sonraí. Príomhphrionsabal dearaidh is ea rochtain níos fearr a thabhairt don tiarna talún agus don ghníomhaire ligin chun a dtáifid féin a choinneáil.

Sheol an RTB Mol Faisnéise Cuntas Ar Líne nua RTB, ar [www.RTB.ie](http://www.RTB.ie) chun cabhrú le custaiméirí a úsáideann an tairseach athdheartha Cuimsíonn an Mol Faisnéise naisc, faisnéis agus físeáin chun tacú le húsáideoirí an córas a nascleanúint.



Le himeacht ama, agus le tabhairt isteach an chlárúcháin bhliantúil in 2022, tabharfaidh an córas athdheartha rochtain don RTB ar fhaisnéis ghnó níos fearr agus ar chumas ardchruinnithe sonraí agus tuairiscithe. Cabhróidh na forbairtí seo leis an RTB a shuíomh mar rialtóir níos éifeachtaí don earnáil chónaithe phríobháideach.

Do chustaiméirí a bhfuil díospóidí á ndéanamh acu, seoladh foirm ghréasáin nua freisin i mí na Samhna, in ionad na tairsí ar líne.

## Conas a choimeádann an RTB custaiméirí ar an eolas

Is cuid mhór de ról an RTB é eolas a sholáthar faoin earnáil chiosa cónaithe do thiarnaí talún, tionóntaí agus an pobal i gcoitinne chun cabhrú leo tuiscint a fháil ar a gcearta agus a bhfreagrachtaí cíosa, agus feasacht a mhúscailt ar an RTB agus na seirbhísí a sholáthraíonn sé.

In 2021, rinneadh roinnt athruithe tábhachtacha ar an reachtaíocht. Is príomhfhócas de ghníomhaíocht chumarsáide an RTB é tacú le comhlíonadh trí fhaisnéis rialála a sholáthar. Tá an RTB tiomanta d'fheasacht a ardú ar na hathruithe seo trí eolas a thabhairt dóibh siúd a chónaíonn agus a oibríonn san earnáil cíosa chónaithe agus tacú leo.

## Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

Tá an RTB tiomanta do rannpháirtíocht éifeachtach agus bhríoch lena pháirtithe leasmhara chun cabhrú le feabhas a chur ar thuiscint an RTB ar a gcuid tosaíochtaí agus tuairimí, chomh maith le tacú le comhlíonadh ar fud na hearnála.

In 2021, d'eagraigh agus rinne an RTB cur i láthair ag breis agus 60 imeachtaí fíorúil le páirtithe leasmhara agus seisiún eolais. Mar chuid de struchtúr Fhóram na bPáirtithe Leasmhara, a tugadh isteach in 2018, reáchtáladh cúig sheisiún de chuid Fhóram na bPáirtithe Leasmhara in 2021. Thug siad seo le chéile ionadaithe ó thiarnaí talún, ó thionóntaí, ó Chomhlacht Tithíochta Ceadaithe (AHB), agus ó ghrúpaí gairmiúla maoinne.

Lean an RTB freisin ag eisiúint nuashonruithe rialta i rith 2021 ar a liosta seoltaí páirtithe leasmhara aon uair a bhí faisnéis nua ar athruithe reachtaíochta, ar thaighde RTB, nó ar shaincheisteanna ábhartha eile.



### Betterlet: Tiarna Talún Creidiúnaithe an RTB

An Betterlet: Cuireann scéim Tiarna Talún Creidiúnaithe an RTB cúrsaí oiliúna ar fáil do thiarnaí talún ina dtugtar cuntas ar dhea chleachtas maidir le conas tionóntacht a bhainistiú. Bíonn úinéireacht ag formhór na dtiarnaí talún ar réadmhaoin amháin nó dhó, agus is minic go mbainistíonn siad an tionóntacht agus iad ag oibriú go lánaimseartha freisin. Ag aithint nach gairmithe lánaimseartha sa réimse seo iad tiarnaí talún, lorgaíonn an scéim seo níos mó cleachtais ghairmiúla san earnáil chíos a spreagadh agus tacú leo trí thiarnaí talún a chur ar an eolas ar an gcreat reachtaíochta agus, ar an gcaoi sin, tacú leo a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh.

In 2021, reáchtáil an RTB an chéad phíolóta fíorúil den Betterlet: Seisiún oiliúna scéime Tiarna Talún Creidiúnaithe an RTB d'iaratasóirí nua. Lean an RTB freisin de bheith ag plé leis na tiarnaí talún sin atá creidiúnaithe cheana féin faoin scéim, ag óstáil dhá sheisiún faisnéise breise i mBealtaine 2021. D'fhreastail 45 tiarnaí talún creidiúnaithe ag Betterlet ar sheisiún faisnéise breise, agus bhí creidiúnú nua ag 31 tiarna talún le linn 2021 Líon iomlán Betterlet: Is ionann Tiarnaí Talún Creidiúnaithe RTB agus 127 ag deireadh 2021.

### Láithreán Gréasáin an RTB

Tá láithreán gréasáin an RTB ([www.rtb.ie](http://www.rtb.ie)) ar cheann de na bealaí chumarsáide is tábhachtaí a úsáideann an RTB chun eolas a sholáthar don earnáil chíos.

Tá an RTB, mar chomhlacht poiblí, tiomanta dá oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht ar láithreáin gréasáin agus feidhmchlár soghluaiste Comhlachtaí san Earnáil Phoiblí) 2020 agus le cur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta Daonna. Le linn 2021, lean an RTB ar aghaidh ag déanamh an láithreán gréasáin níos so-úsáidte agus níos inrochtana agus choinnigh sé cothrom le dáta é le hábhar ábhartha agus úsáideach. Rinneadh iniúchadh fairsing ar chomhlíonadh an láithreán gréasáin le Treoirlínte Inrochtaineachta Ábhar Gréasáin (WCAG). Fuair an RTB rátáil 2.1 Leibhéal AA agus leanfaidh sé ar aghaidh ag déanamh iniúchtaí rialta chun a chinntiú go bhfuil an láithreán gréasáin chomh héasca le húsáid agus inrochtana agus is féidir.

In 2021, bhí 462,992 cuairteoir uathúil san iomlán ar láithreán gréasáin nuashonraithe an RTB i gcomparáid le 573,131 in 2020, laghdú 9% Bhí 2.8 milliún amhairc leathanaigh ar an láithreán gréasáin freisin in 2021, laghdú 3.2% ar 2.94 milliún in 2020.

### Na Meáin Shóisialta

Bunaíodh cuntas Twitter an RTB, @RTBinfo, in 2018. Ó shin i leith, lean an RTB lena láithreach mheán sóisialta agus a n-idirchaidreamh leis na meáin shóisialta a fhás. Ag deireadh 2021, bhí 4,012 leantóir, san iomlán, ag @RTBinfo, méadú 4% ar na 3,860 leantóir ag deireadh 2020. Shroich an cuntas breis agus 1.6 milliún\* duine in 2021 freisin.

Ag cur le láithreach mheán sóisialta an RTB, sheol an RTB a chainéal YouTube in 2020. In 2021, leathnaigh an cainéal a phunann chun físeáin teagaisc a chur san áireamh maidir le conas an tairseach clárúcháin tionóntachta ar líne athdheartha a nascleanúint. Leanfaidh an RTB le níos mó físeán a chruthú chun cabhrú leis an earnáil rialáilte a chur ar an eolas agus le hoideachas a chur air.

Ag deireadh 2021, bhí **4,012** leantóir, san iomlán, ag @RTBinfo, méadú 4% ar na 3,860 leantóir ag deireadh 2020.

In 2021, bhí **462,992** cuairteoirí uathúla san iomlán ar láithreán gréasáin nuashonraithe an RTB.

\* Léirítear san fhigiúr seo na himprisin iomlána a bhain cuntas Twitter an RTB amach in 2021. Is é an sainmhíniú a thugann Twitter ar "taispeáint" ná uair ar bith a fheiceann úsáideoir Twitter ceann de do tvuíteanna ina bhfotha, torthaí cuardaigh, nó mar chuid de chomhrá.



## Feachtas Fógraíochta

I rith 2021, chuir an RTB sé fheachtas straitéiseach feasachta poiblí ar fáil le fócas láidir ar athruithe ar an reachtaíocht a chur in iúl.

Dhírigh ceithre cinn de na feachtais sin ar dhlíthe cíosa COVID-19, amhail na cinn a bhaineann le srianta taistil agus riaráistí cíosa agus bhí siad ar siúl ó Eanáir go lár mhí Iúil 2021.




Leag an feachtas 'Keep Your House in Order', a bhí ar siúl ón 20 Meán Fómhair go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2021, béim ar na rialacha nua maidir le teorainneacha ar athbhreithnithe cíosa i gCriosanna Brú Cíosa (RPZs) agus taiscí. Feachtais náisiúnta a bhí iontu seo le sócmhainní lasmuigh, preasa, raidió, twitter agus digiteacha a d'iarr ar an bpobal cuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin an RTB chun tuilleadh eolais a fháil faoina gcearta agus faoina bhfreagrachtaí.

I mí Mheán Fómhair, chuir an RTB feachtas fógraíochta digiteach ar fáil dírithe ar mhic léinn a bhí ag tosú ar an gcoláiste.

Ba é cuspóir an fheachtais ná teacht ar lucht féachana na mac léinn, na dtuismitheoirí agus na soláthróirí cóiríochta mac léinn chun iad a chur ar an eolas faoina gcearta agus a bhfreagrachtaí agus iad ag ligean lóistín ar cíos agus na hathruithe reachtaíochta nua a raibh tionchar acu orthu a chur in iúl, go háirithe na rialacha nua maidir le taisce.

Tríd is tríd, d'éirigh leis na feachtais a bheith ina bhealach rathúil chun feasacht a spreagadh ar athru reachtaíochta. Ar fud na feachtais:

- **Thángthas ar 4.65 milliún** daoine trí fhógraí raidió
- **Chliceáil 495,000** daoine ó na fógraí digiteacha agus sóisialta ar an láithreán gréasáin le tuilleadh eolais a fháil.
- **Léigh 788,000** duine na fógraí sna nuachtáin réigiúnacha agus náisiúnta.



# 2

## Conas a chuidíonn an RTB le haighnis cíosa a réiteach



# Buaicphointí 2021

Athbhreithníodh acmhainní laistigh den tseirbhís chun **éisteachtaí fíorúla a éascú** agus chun **éisteachtaí duine le duine a éascú** go sábháilte arna iarraidh sin

Cobhsaíodh riaráistí go luath in 2021 agus le linn R3 agus R4 de 2021 tháinig na **leibhéil seirbhíse** ar ais i dtreo noirm réamhphaindeimeach

Ceapadh painéal nua **Moltóirí agus Idirghabhálaithe** don tSeirbhís Réitigh Díospóidí

**90% de na hiarratais**

faomhadh cúnamh Forfheidhmithe Ordaithe a próiseáladh in 2021

Ceapadh **painéal nua aturnaetha**, ó cheann ceann na tíre, chun éascú a dhéanamh ar chustaiméirí ar theastaigh uathu a **nOrduithe Cinnidh** a fhorghníomhú

Tugadh isteach **modhanna luath-idirghabhála** chun oibriú le páirtithe díospóide agus chun socraíochtaí níos luaithe a bhaint amach agus **comhlíonadh** Orduithe Cinnidh níos fearr

# Réamhrá

## Ó 2004, cuireadh an RTB in ionad na gcúirteanna maidir le déileáil le formhór na ndíospóidí idir tiarnaí talún agus tionóntaí trí Sheirbhís Réitigh Díospóidí an RTB.

Is seirbhís ríthábhachtach í Seirbhís Réitigh Díospóidí an RTB ina bhfuil ról ríthábhachtach leathbhreithiúnach ag an RTB laistigh den earnáil cíosa chónaithe. Chun an fheidhm seo a chomhlíonadh, tá go leor de na cumhachtaí atá ag na Cúirteanna ag an RTB; áfach, níl an bealach a réitíonn an RTB díospóidí chomh foirmiúil ná an Chúirt. Tá sé i gceist freisin go mbeidh na nósanna imeachta um réiteach díospóide níos inrochtana agus níos tapúla ná iad siúd atá ag na Cúirteanna. I dteannta a chéile, ciallaíonn sé seo go bhfuil sé níos simplí, níos lú costasaí agus níos lú ama a chaitheamh chun díospóid a réiteach tríd an RTB ná mar a bheadh dá mbeadh ar thiarnaí talún agus tionóntaí a gcuid díospóidí a thabhairt chuig na Cúirteanna.

Lean an tSeirbhís Réitigh Díospóidí ag cur in oiriúint do na dúshláin a bhí ann de bharr na paindéime COVID-19 i rith 2021. Ag tús na paindéime, b'éigean éisteachtaí Breithiúnais agus Binse duine-le-duine a chur ar fionraí chun sábháilteacht custaiméirí agus fhoireann an RTB a chinntiú. Leanadh le héisteachtaí fíorúla ar feadh 2021, áfach. Chun a chinntiú go raibh an tseirbhís chomh inrochtana agus chomh sábháilte agus ab fhéidir, níor deonaíodh éisteachtaí duine le duine ach ar bhonn cás ar chás. Cé gur oiriúnaigh an RTB go tapa agus gur chuir siad go leor athruithe i bhfeidhm ar phróisis chun seirbhísí a chothabháil le linn na paindéime COVID-19, chruthaigh tionchar na paindéime riaráiste cásanna. In 2021 tugadh isteach go leor beart nua chun é seo a mhaolú.

### Cad iad na figiúirí gníomhaíochta díospóide in 2021?

#### Líon na n-iarratas a fuarthas

In 2021, fuarthas 5,657 iarratas ar réiteach díospóide (féach Tábla 2). Is méadú 9% é seo i gcomparáid le líon na n-iarratas a fuarthas in 2020. As na 5,657 iarratas a fuarthas in 2021, bhí 62% (3,524) le haghaidh Breithnithe agus 38% (2,133) le haghaidh Idirghabhála Gutháin.

#### Tábla 2

##### Líon Iomlán na nIarratas ar Sheirbhís Réitigh Díospóidí RTB a Fuarthas 2017 - 2021, de réir Minicíochtaí

Bliain	2017	2018	2019	2020	2021
Iarratais ar Sheirbhís Réitigh Díospóidí an RTB	5,823	6,398	6,185	5,178	5,657

**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadadh luach na sonraí.

Roimh 2019, tháinig méadú bliain ar bhliain ó 2012 ar líon na n-iarratas díospóide a fuarthas. Cé go raibh laghdú suntasach ar líon na n-iarratas le linn na tréimhse paindéime, faoi dheireadh na bliana 2021, bhí na huimhreacha ag filleadh ar na leibhéil réamh-phaindéimeach.

#### Líon na n-iarratas a tarraingíodh siar roimh éisteacht

- > Líon na n-iarratas a tarraingíodh siar nó a socraíodh gan gá le héisteacht

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach rachaidh gach iarratas a gheofar chuig Idirghabháil Gutháin nó Breithniú. I rith na céime tosaigh measúnaithe iarratais, oibríonn an RTB le páirtithe díospóide chun eolas a sholáthar ar an reachtaíocht maidir lena gcás. Is féidir le feacht mhéadaithe ar chearta, ar fhreagrachtaí agus ar oibleagáidí an dá pháirtí ag céimeanna tosaigh díospóide an gá atá le leanúint ar aghaidh chuig Idirghabháil nó Breithniú foirmiúil Gutháin a mhaolú. Mar thoradh ar phlé a dhéanamh leis an RTB agus a bheith níos feasaí ar chearta agus freagrachtaí tiarnaí talún agus tionóntaí, tagann go leor páirtithe ar a réiteach féin gan gá le haon idirghabháil bhreise ón RTB agus gan aon ghá le dul i mbun idirghabhála nó breithnithe.

Sa bhliain 2021, tarraingíodh siar nó socraíodh 1,645 iarratas a fuarthas ar réiteach díospóide sular cuireadh éisteacht Idirghabhála Gutháin nó Breithnithe (féach Tábla 3). Is méadú beag é seo i gcomparáid le 2020 inar tarraingíodh siar nó réitíodh 1,587 iarratas ar réiteach díospóide sula raibh éisteacht sceidealaithe.

# Próiseas Réitigh Díospóidí

Tá roinnt roghanna ag tiarnaí talún agus tionóntaí díospóidí a réiteach má thagann siad chun cinn.

## Féin-Réiteach

Is féidir go leor díospóidí a réiteach go luath trí idirphlé oscailte idir tionóntaí, tiarnaí talún agus tríú páirtithe.

Is cuspóir bunúsach de chuid an RTB é a bheith ag tacú le hearnáil cíosa a fheidhmíonn go maith, trí chur chuige níos iomlánaíche a chur chun cinn maidir le réiteach agus cosc díospóidí. Déanann an RTB cosc díospóidí a chur chun cinn mar chéad chéim, agus spreagann sé tionóntaí agus tiarnaí talún go gníomhach línte cumarsáide a choimeád ar oscailt chun iarracht a dhéanamh an fhadhb a réiteach gan an gá a bheith leis éisteacht díospóide fhoirmiúil a chur ar siúl.

## Idirghabháil Gutháin

Is próiseas saor in aisce, deonach agus rúnda é Idirghabháil Teileafóin. Ceadaíonn sé do bheirt nó níos mó daoine a bhíonn ag díospóid a gcoimhlínt a réiteach ar bhealach atá ag brath ar a chéile, le cabhair idirghabhálaí neamhspleách agus oilte. Is seirbhís neamhchospóideach saor in aisce í a dhéantar ar an bhfón.

Chomh maith leis sin, tá comhaontuithe a bhaintear amach trí úsáid a bhaint as Idirghabháil Gutháin ina gceangal dlí agus is dóchúla go gcomhlíonfar iad i ngeall gur bhain na páirtithe a gcomhaontú frithpháirteach féin amach.

Is é Idirghabháil Gutháin an modh is éifeachtúla chun díospóid a réiteach a chuireann an RTB ar fáil.

## Breithniú

Is próiseas bunaithe ar fhianaise é breithniú.

Tugann sé deis don dá thaobh fianaise a sheoladh ar aghaidh chun tacú lena gcás réitigh díospóide sula bhfreastalófar ar éisteacht le Breithneoir neamhspleách.

Déanann an Breithneoir measúnú ar an bhfianaise agus cuireann siad an dlí i bhfeidhm chun cinneadh a dhéanamh faoi conas ba cheart an díospóid a réiteach. Cuirtear tús leis an gcás in aghaidh an tiarna talún in iarratas a dhéanann tríú páirtí (e.g. comharsa); ach cuirtear na tionóntaí ar an eolas ar an gcás agus cuirfear cóipeanna den fhianaise go léir a seoladh ar aghaidh ar fáil dóibh, áfach.

## An Binse

Mura bhfuil páirtí i ndíospóid sásta le toradh éisteacht idirghabhála nó breithnithe is féidir leis/léi an cás a achomharc nó a tharchur chuig binse tionóntachta.

Is éard atá in éisteacht Bhinse ná triúr cinnteoirí neamhspleácha. Éistfidh lucht déanta na gcinntí leis an gcás arís agus tugtar deis don dá pháirtí a gcás a chur i láthair arís. Eiseofar Ordú Cinnidh ag deireadh an phróisis i dteannta leis an tuarascáil chríochnaitheach.

Foilsítear an dá dhoiciméad seo ar shuíomh gréasáin RTB.

## Orduithe Cinnidh

Is doiciméad ceangailteach ó thaobh dlí é Ordú Cinnidh a shonraíonn cinneadh críochnaitheach an cháis nó toradh cáis réiteach díospóide. Is féidir Ordú Cinnidh a eisiúint tar éis Idirghabhála Teileafóin, Breithnithe, nó tar éis achomhairc chuig Binse Tionóntachta. Leagtar amach ann na téarmaí atá le comhlíonadh, cibé acu san áireamh an bhfuil nó nach bhfuil aon íocaíocht le déanamh agus an fad ama a tugadh chun an cinneadh a chomhlíonadh.

Mar shampla, b'fhéidir go ndeimhneoidh Ordú Cinnidh go bhfuil ar thionónta riaráistí cíosa a íoc leis an tiarna talún nó go mbeidh ar thiarna talún athbheithniú a dhéanamh ar mhéid an chíosa i gcomhréir le critéir an Chreasa Brú Cíosa. Tabharfar fad ama sonrath leis an gcinneadh a chomhlíonadh.

Tábla 3

Miondealú ar na Cúiseanna a Aistarraingítear Iarratais ar Réiteach Díospóide RTB roimh Éisteacht a Sceidealú 2018 - 2021, de réir Minicíochtaí

Cúis na hAistarraingthe	2018	2019	2020	2021
Iarratas aistarraingthe sular sceidealáíodh an éisteacht tar éis idirghabháil luath an RTB	1,500	1,705	1,587	1,645
Iarratais a measadh a raibh neamhiomlán/níl aon dlínse ag an RTB/níl an tionóntacht cláraithe	522	485	931	889
<b>Iomlán</b>	<b>2,002</b>	<b>2,190</b>	<b>2,518</b>	<b>2,534</b>

**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadadh luach na sonraí.

- Líon na n-iarratas nár chomhlíon na critéir do chás díospóide

Aistarraingíodh 889 iarratas eile in 2021 mar gheall ar iarratais a bheith neamhiomlán a mheasúnú, nach raibh dlínse ag an RTB sa scéal, nó nach raibh an tionóntacht cláraithe, mar sin de, ní raibh an tiarna talún i dteideal cás a thógáil.

### Líon na nÉisteachtaí

In 2021, reáchtáladh 3,046 éisteacht Idirghabhála Teileafóin agus Breithnithe (féach Tábla 4). Is méadú 11% é seo i gcomparáid le 2020, inar tharla 2,732 éisteachtaí.

### Líon na gcásanna a aistarraingíodh sular eisíodh Ordú Cinnidh

I rith réiteach díospóide, is féidir le páirtí cáis an t-iarratas a aistarraingt ag aon tráth sa phróiseas. Go minic, tar éis éisteacht a bheith sceidealta, nuair a bhíonn na páirtithe fostaithe agus go bhfuarthas réiteach, aistarraingítear go leor cásanna sula n-eisítear an t-Ordú Cinnidh deiridh. In 2021, aistarraingíodh 568 cás tar éis an éisteacht a sceidealú ach sular eisíodh an t-Ordú Cinnidh (féach Tábla 5).

Tábla 4

Líon Iomlán na nÉisteachtaí Seirbhíse Réitigh Díospóide RTB a Rinneadh le haghaidh Idirghabhála Gutháin agus Breithniú 2018 - 2021, de réir Minicíochtaí

Bliain	2018	2019	2020	2021
Idirghabháil Gutháin & Éisteachtaí Breithnithe a Tharla	4,757	4,655	2,732	3,046

**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadadh luach na sonraí.

Tábla 5

Líon na gCásanna Réitigh Díospóide RTB A Aistarraingíodh tar éis Éisteacht a Sceidealáíodh 2018 - 2021, de réir Minicíochtaí

Cúis na hAistarraingthe	2018	2019	2020	2021
Sceidealáíodh an éisteacht ach aistarraingíodh an cás sular eisíodh Ordú Cinnidh	856	930	568	568

**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadadh luach na sonraí.

## Líon na n-Orduithe Cinnidh a eisíodh tar éis cáis díospóide

In 2021, eisíodh 2,759 Ordú Cinnidh, sin méadú 54% i gcomparáid leis an líon a eisíodh in 2020 (féach Tábla 6).

Tábla 6

Líon na nOrduithe Cinnidh a Eisíodh 2018 - 2021, de réir Minicíochtaí

Bliain	2018	2019	2020	2021
Orduithe Cinnidh eisithe	3,132	3,130	1,794	2,759

**Nóta** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadh luach na sonraí.


## Cé a chuir iarratais díospóide isteach?

In 2021, as na 5,657 iarratas um réiteach díospóide a fuair an RTB, rinne tionóntaí 3,071 (54%) agus tiarnaí talún 2,433 (43%) (féach Figiúr 1). (Is iad tríú páirtithe na daoine a mbíonn tionchar díreach agus díobhálach ag na tionóntaí in aice láimhe orthu agus tá an ceart acu cáis a thionscnamh i gcoinne thiarna talún na dtionóntaí sin).

Léiríonn sé seo na treochtaí bliain ar bhliain ó cuireadh tús leis an tSeirbhís Réitigh Díospóide. Is iad na tionóntaí a chuir formhór na n-iarratas isteach i gcónaí. Thar na blianta tá méadú tagtha ar líon na dtiarnaí talún a rinne iarratas agus is ionann 43% agus an sciar is airde d'iarratais a cuireadh isteach go dtí seo.

Figiúr 1

Miondealú ar Iarratas ar Réiteach Díospóide a Fuarthas an BTC in 2021 de réir Páirtithe Cásanna, de réir Minicíochtaí agus Céatadán\*



**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadh luach na sonraí.

\* Mar gheall ar shlánú, ní gá go mbeadh an céatadán cothrom le 100%.

## Cúiseanna le Díospóidí Cíosa

Bliain i ndiaidh bliana is beag éagsúlacht a bhí sna príomhchúiseanna a luadh le díospóidí. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go ndéanann an t-iarratasóir féintuairisciú ar na cineálacha díospóidí agus gur féidir cúiseanna iolracha a roghnú.

Tugann Tábla 7 miondealú ar na cúiseanna a luadh ar iarratais díospóide. Ba é riaráistí cíosa/riaráistí cíosa agus rósheilbh an cineál díospóide ba mhíniche a tuairiscíodh in 2021 agus luaigh 1,805 (32% de na cásanna) iarratais an chúis seo. Ba é an dara cúis ba choitianta a tuairiscíodh ná coinneáil éarlaisí (19% de cásanna). Ina dhiaidh sin bhí bailíocht an Fhógra Foirceanta (17% de na cásanna) agus sárú ar oibleagáidí tiarna talún (17% de na cásanna).

Tábla 7

Miondealú ar Iarratais ar Réiteach Díospóide a fuair an RTB in 2020 - 2021 de réir Saghsanna Díospóide, Minicíochtaí, agus Céatadán Cásanna\*

Cineál Díospóide (Gach cás)	2020		2021	
	Líon	% cásanna*	Líon	% cásanna*
Riaráistí cíosa/riaráistí cíosa agus rósheilbh	1,599	31%	1,805	32%
Coimeád éarlaise	1,410	27%	1,093	19%
Bailíocht an Fhógra Foirceanta (Dul i gcoinne bhailíocht fógra foirceanta)	728	14%	970	17%
Sárú ar oibleagáidí tiarna talún**	1,011	20%	951	17%
Rósheilbh	446	9%	690	12%
Caighdeán agus cothabháil na teaghaise	536	10%	570	10%
Sárú ar oibleagáidí tionóntaí**	503	10%	548	10%
Iompar frithshóisialta	447	9%	469	8%
Foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta (díshealbhú neamhdhleathach)	373	7%	371	7%
Bailíocht an fhógra um athbhreithniú cíosa	176	3%	283	5%
Damáiste sa bhreis ar ghnáthchaitheamh agus gnáthchuimilt	286	6%	262	5%
Níl an t-athbhreithniú cíosa ar aon dul le Crios Brú Cíosa	180	3%	222	4%
Sárú léasa téarma sheasta	201	4%	172	3%
Ba mhó an cíos ná ráta an mhargaidh (neamhbhainteach le Tionóntachtaí Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta)	123	2%	122	2%
Eile***	672	13%	716	13%
<b>Iomlán na gCineálacha Díospóide a Tuairiscíodh (Cásanna Iomlána)</b>	<b>8,691 (i 5178 Cásanna)</b>		<b>9,244 (i 5657 Cásanna)</b>	

**Nóta** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadh luach na sonraí.

\* D'fhéadfadh cúiseanna iolracha a bheith ann, dá dtagraítear mar cineálacha díospóidí, ar gach iarratas ar réiteach díospóide agus tá % cásanna bunaithe ar líon na n-iarratas (cásanna).

\*\* Chun teacht ar eolas breise maidir le hoibleagáidí tionóntaí agus tiarnaí talún féach le do thoil ar láithreán gréasáin an RTB ag [www.rtb.ie](http://www.rtb.ie)

\*\*\* Tabhair faoi deara, le do thoil, is féidir 'Eile' a bheith marcáilte ar fhoirm iarratais taobh le saghsanna eile díospóide.

**Ba é riaráistí cíosa/riaráistí cíosa agus rósheilbh an cineál díospóide ba mhinice a tuairiscíodh in 2021 agus luaigh 1,805 (32% de na cásanna) iarratais an chúis seo.**



## Riaráistí Cíosa/Riaráistí Cíosa agus Rósheilbh

Tarlaíonn rósheilbh nuair a theipeann ar thionónta an réadmhaoin atá ar cíos a fhágáil faoin dáta atá liostaithe ar Fhógra Foirceanta bailí. I gcás nach bhfágann tionónta an tionóntacht tar éis Fógra Foirceanta bailí a fháil, caithfidh siad leanúint le cíos a íoc. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, nach gciallaíonn íocaíocht cíosa sna himthosca seo go n-aithneofar tionóntacht atá ag leanúint ar an dlí.

Mura n-íocann tionónta cíos, tugtar riaráistí cíosa ar an tsuim chíos a atá le híoc. Is féidir le riaráistí cíosa agus rósheilbh a bheith ina shaincheistanna suntasacha do thiarnaí talún agus do thionóntaí araon. Má theipeann ar thiarna talún agus tionónta comhaontú a dhéanamh ar phlean íocaíochta riaráistí cíosa go neamhfhoirmiúil, is minic a dhéanfaidh tiarna talún iarratas ar réiteach díospóide chuig an RTB. Féadfaidh an dá shaincheist an mhaoin agus an tionóntacht a chur i mbaol, agus mar sin tugann an RTB tosaíocht do na hiarratais seo.

Ba iad riaráistí cíosa nó riaráistí cíosa agus rósheilbh na cúiseanna is coitianta fós le díospóid a tuairiscíodh in 2021, atá ag teacht leis na hocht mbliana roimhe sin (2013 – 2020). As na hiarratais go léir chun díospóidí a réiteach a fuarthas in 2021, bhain 32% díobh le riaráistí cíosa nó riaráistí cíosa agus rósheilbh.

### Tábla 8

Líon na gCásanna ar Bronnadh Méid Riaráiste Cíosa orthu agus an méid Riaráiste Cíosa is Ísle, is Airde, agus Iomlán a Bronnadh, 2018 - 2021

Bliain	An Dámhachtain is Ísle	An Dámhachtain is Airde	An Meán-Dámhachtain	Méid Iomlán Cíosa a Dámhadh	Líon na gCásanna
2018	€29	€33,800	€4,039	€2,201,261	545
2019	€26	€33,696	€4,274	€2,124,306	497
2020	€39	€31,549	€4,455	€1,385,532	311*
2021	€77	€46,800	€4,998	€2,403,978	481

\*Bhí gá le hathbhreithnithe ar staitisticí 2020.

## Riaráistí Cíosa a Bronnadh in 2021

In 2021, eisíodh 571 (26%) de na hOrduithe Cinnidh i ndiaidh Idirghabháil Gutháin nó éisteacht Bhreithnithe a bhain le riaráistí cíosa a chur ar siúl Nuair a dámhadh luach, bronnadh iomlán de bhreis agus €2.4m i riaráistí cíosa ar thiarnaí talún. Ba mhéadú 74% é seo i gcomparáid leis an bhfigiúr os cionn €1.3m a bronnadh in 2020 (féach Tábla 8). Baineann an méadú seo ar an méid a dámhadh do riaráistí cíosa leis an laghdú ar líon na gcásanna a tógadh in 2020. Laghdaíodh cásanna go príomha mar gheall ar thionchar na mbeart eacnamaíoch agus reachtach a glacadh chun iad siúd a chónaíonn agus a oibríonn laistigh den earnáil a chosaint mar thoradh ar an bpaindéim.

Tá dlínse ag an RTB uasmhéid de €20,000 nó méid comhionann le dhá oiread chíos a bliantúil na teaghaise atá i gceist, cibé acu is airde (faoi réir uasmhéid de €60,000).

In 2021, ba é an dámhachtain aonair ab airde de riaráistí cíosa ná €46,800. Ba é an meán-dámhachtain ná €4,998, sin méadú beag ar fhigiúr 2020 de €4,455.

**In 2021, ba é an bronnadh aonair is airde de riaráistí cíosa ná €46,800.**  
Ba é an meánbhronnadh ná €4,998, sin méadú beag ar fhigiúr 2020 de €4,455.

## Coinneáil Éarlaise

Cuirtear cás coinneála éarlais isteach nuair a chreideann tionónta go bhfuil a éarlais iomlán nó cuid di coinnithe go neamhdhleathach ag an tiarna talún tar éis dóibh an réadmhaoín a fhágáil. Is iondúil go n-íoctar an éarlais ag tús na tionóntachta agus ba chóir í a thabhairt ar ais don tionónta go pras mura gcoinnítear siar go dleathach í.

Is féidir le tiarna talún aon riaráistí cíosa, billí gan íoc, nó costas damáiste don réadmhaoín de bhreis ar ghnáthchaitheamh agus cuimilt a asbhaint, nó aon chostais a thabhaítear má chuireann tionónta deireadh le tionóntacht go neamhbhailí. Sna cásanna seo, is ar an tiarna talún atá an dualgas cruthúnais a chruthú gur tharla an meath suntasach, na riaráistí cíosa, nó na costais bhreise chun cuid den éarlais nó an éarlais ar fad a choinneáil.

Maidir le tionóntachtaí a thosaigh an 9 Lúnasa 2021 nó ina dhiaidh sin, ní féidir le tiarna talún éarlais a lorg le haghaidh réadmhaoine atá níos mó ná coibhéis cíosa míosa don mhaoín sin. Ba cheart an éarlais urrúis a aontú, agus admháil sínithe agus dáta a sholáthar don tionónta.

In 2021, bhain 19% (1,093) de na hiarratais ar réiteach díospóide a fuarthas le coinneáil éarlaise, rud a fhágann gurb é an dara cineál díospóide is coitianta a choinneáil. Ba laghdú 22% é seo, i gcomparáid leis an 1,410 iarratais a fuarthas in 2020 a liostaigh coinneáil éarlaise mar shaincheist.

As an 2,223 cásanna inar eisíodh Ordú Cinnidh tar éis Idirghabhála Gutháin agus Breithniú, rinne 121 tagairt do choinneáil éarlaise. Nuair a eisíodh Ordú Cinnidh a bhaineann le coinneáil éarlaise, tar éis Idirghabhála Gutháin agus Breithniú - aischuireadh 69% de na héarlaisí go hiomlán, tugadh ar ais 25% go páirteach, agus choinnigh an tiarna talún 7% (féach Tábla 9).

**Tábla 9**

**Líon na gCásanna Coinneála Éarlaise agus Miondealú Éarlaisí a Aisíocadh go Hlamlán, a Aisíocadh go Páirteach, nó a Coinníodh ag Tiarnaí Talún 2019 - 2021, de réir Minicíochtaí agus Céatadáin**

Bliain	Aisíochta go hiomlán		Aisíochta go páirteach		Coinnithe		Líon na gcásanna coinneáil éarlaise
	U	%	U	%	U	%	
2019	134	44%	86	28%	82	27%	302
2020	40	44%	39	43%	12	13%	91
2021	83	69%	30	25%	8	7%	121

**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadadh luach na sonraí.

As an **2,223** cásanna inar eisíodh Ordú Cinnidh tar éis Idirghabhála Gutháin agus Breithniú, rinne 121 tagairt do choinneáil éarlaise.

## Fógraí Foirceanta

Is é Fógra Foirceanta an cháipéis oifigiúil a chuireann deireadh le tionóntacht. Má tá Fógra Foirceanta le bheith bailí tá roinnt rialacha i bhfeidhm nach mór a leanúint. Ní mór do na páirtithe sa tionóntacht cloí le tréimhsí fógra a shonraíonn an méid fógra atá le soláthar ag tionónta nó ag tiarna talún. Mura bhfuil dáta deiridh ag an tionóntacht agus má mhaireann sí níos mó ná 6 mhí ní féidir le tiarna talún an tionóntacht sin a fhoirceannadh ach ar sheacht bhforas ar leith.

Soláthraíonn an RTB samplaí Fógraí Foirceanta agus teimpléid litreacha rabhaidh ar a láithreán gréasáin mar aon le sonraí faoi thréimhsí fógra agus faisnéis maidir le Fógra Foirceanta bailí a sheirbheáil.

In 2021, ba é bailíocht Fhógra Foirceanta an tríú cineál díospóide is coitianta a luadh, a bhain le 17% de na hiarratais ar fad a fuarthas chun díospóidí a réiteach. Is méadú é seo i gcomparáid le 2020, nuair a luaigh 14% de na hiarratais ar réiteach díospóide a fuarthas bailíocht Fhógra Foirceanta mar shaincheist agus gurbh é an ceathrú aighneas ba choitianta é. Roimh 2020, ó 2014 go 2019, ba é bailíocht Fhógra Foirceanta an dara cineál díospóide is coitianta a luadh in iarratais um réiteach díospóide.

Ba é ba chúis leis an laghdú seo ar bhailíocht an Fhógra Foirceanta a bhí á lua in iarratais um réiteach díospóide in 2020 ná éifeacht na reachtaíochta a tugadh isteach go sealadach le seirbheáil Fógraí Foirceanta mar fhreagra ar Phaindéim COVID-19 a chur ar fionraí.

As an 2,223 cás inar eisíodh Ordú Cinnidh tar éis éisteachta Idirghabhála agus Breithnithe in 2021, bhain 549 (25%) go sonrach le bailíocht Fhógra Foirceanta. As na 549 cás seo, fuarthas go raibh 54% de na Fógraí Foirceanta bailí agus 46% neamhbhailí (féach Tábla 10).

In 2021, ba iad na cúiseanna ba choitianta le Fógra Foirceanta a eisiúint (dóibh siúd a bhaineann le hOrduithe Cinnidh Idirghabhála agus Breithnithe) ná riaráistí cíosa (36%); ina dhiaidh sin rún díolachán (13%) agus iompar frithshóisialta (10%).

Laistigh de Chríos Brú Cíosa, ba iad na cúiseanna ba choitianta le Fógra Foirceanta a eisiúint ná riaráistí cíosa (36%), agus rún chun díol (13%) ina dhiaidh sin, fógra 10 lá mar gheall ar iompar frithshóisialta (10%), agus foirceannadh ag tionónta - gan aon chúis ag teastáil (10%). I 75% de na cásanna díospóide maidir le Bailíocht an Fhógra Foirceanta, bhí na tionóntachtaí i gCrios Brú Cíosa.

### Tábla 10

**Miondealú ar Bhailíocht Fógraí Foirceanta (Bailí/Neamhbhailí) a Bhaineann le hOrduithe Cinntí Idirghabhála agus Breithnithe 2018 - 2021, de réir Minicíochtaí agus Céatadáin**

Bliain	Neamhbhailí		Bailí		Iomlán	
	U	%	U	%	U	%
2018	409	42%	560	58%	969	100%
2019	394	45%	482	55%	876	100%
2020	161	41%	233	59%	394	100%
2021	252	46%	297	54%	549	100%

**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadadh luach na sonraí.

**Laistigh de Chríos Brú Cíosa ba iad na cúiseanna ba choitianta le Fógra Foirceanta a eisiúint, dóibh siúd a bhaineann le hOrduithe Cinnidh Idirghabhála agus Breithnithe, ná riaráistí cíosa.**

## Cad iad na damáistí a bronnadh i gcásanna?

Is ionann damáistí agus suim airgid a bronnadh ar pháirtí i gcás mar thoradh ar Ordú Cinnidh a bheith eisithe. Tá an rogha ag Cinnteoirí damáistí suas le €20,000 a bronnadh.

Féadfar damáistí a bronnadh do thionónta, do thiarna talún, nó tríú páirtí agus go ginearálta baineann siad le cailteanais agus míchaoithiúlacht a fulaíngíodh le linn tionóntachta. Níl an chumhacht ag na Cinnteoirí damáistí pionósacha a bronnadh. D'fhéadfadh baint a bheith ag damáistí a bhronntar le go leor cúinsí éagsúla amhail damáiste de bhreis ar ghnáthchaitheamh agus cuimilt, éarlais

a choinneáil go neamhdhleathach, mainneachtain riaráistí cíosa a íoc, gan maoin a chothabháil nó iniúchadh réadmhaoine a cheadú.

As na 1,763 cás inar eisíodh Ordú Cinnidh tar éis éisteacht Breithnithe in 2021, bronnadh damáistí ar 293 cás (17%) (féach Tábla 11). As na 293 cás a fuair bronnadh damáistí, bhain 64% de na cásanna le damáistí a bronnadh ar thionóntaí, bhain 35% de na cásanna le damáistí a bronnadh do thiarnaí talún, agus 1% le damáistí a bronnadh ar tríú páirtí.

Tábla 11

Miondealú ar Shonraí Damáistí a Bronnadh (€) nuair a eisíodh Ordú Cinnidh tar éis éisteacht Breithnithe in 2021

Damáistí a bronnadh do -	An Bronnadh is Ísle	An Bronnadh is Airde	Iomlán Bronnta	Líon na gCásanna
Tionónta	€50.00	€20,000.00	€272,333.31	187
Tiarna Talún	€25.00	€12,987.50	€138,989.21	102
Tríú Páirtí	€500.00	€1,500.00	€3,500.00	4

Damáistí a bronnadh do - Gach Páirtí				
An Bronnadh is Ísle	An Bronnadh is Airde	An Meánbhronnadh	Iomlán bronnta	Líon na gCásanna
€25.00	€20,000.00	€1,415.78	€414,822.52	293

## Cé mhéad cásanna a ndearnadh achomharc orthu ?

Mura bhfuil páirtí i ndíospóid sásta le toradh éisteachta Idirghabhála nó Breithnithe, is féidir leo an cás a achomharc chuig binse tionóntachta.

Fuair an RTB 591 iarratais achomharc in 2021 i gcomparáid leis an 482\* a fuarthas in 2020. In 2021, ceadaíodh 81% (481) d'iarratais achomharc (féach Tábla 12).

As na hiarratais achomhairc a fuair an RTB in 2021, ba thionóntaí 58% díobh agus tiarnaí talún a rinne 41% díobh (féach Tábla 13).

Tábla 12

Achomhairc (Binse) 2021, de réir Minicíochtaí

	2021
Iarratais Achomharc a Fuarthas	591
Achomhairc Ceadaithe	481

**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadadh luach na sonraí.

\*Bhí gá le hathbhreithnithe ar staitisticí 2020 do Bhinsí.

Tábla 13

## Achoimhirc chuig an mBinse Tionóntachta de réir Cineál Iarratasóra 2021, de réir Minicíochtaí

	2021
Tionónta	341
Tiarna Talún	242
Tríú Páirtí	8
<b>Iomlán</b>	<b>591</b>

**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadadh luach na sonraí.

## Cá fhad a thógann díospóid?


Is í seirbhís Idirghabhála Gutháin an RTB an modh is tapúla ar fáil chun díospóidí a réiteach do chustaiméirí RTB. As na 1,546 cás Idirghabhála Teileafóin a dúnadh in 2021, dúnadh thart ar 54% laistigh d'ocht seachtaine (féach ar Figiúr 2). Mhéadaigh an meán-am próiseála do chásanna Idirghabhála Gutháin beagán ó 9.1 seachtain in 2020 go timpeall 9.7 seachtain in 2021.

Mar a thuairiscítear roimhe seo, leasaigh an RTB na próisis Bhreithnithe le linn 2020 agus 2021 chun sábháilteacht na gcustaiméirí agus na foirne a chinntiú. As na 3,151 cás Breithiúnais a dúnadh in 2021, dúnadh 43% díobh laistigh de 16 seachtaine. Ba é an meán-am próiseála do chásanna Breithnithe in 2021 ná 19.5 seachtain, sin gar don am de 19.6 seachtaine in 2020.

Laghdaigh an meán-am próiseála do chásanna an Bhinse ó 39.4 seachtain in 2020 go 33.4 seachtain in 2021.

Figiúr 2

Líon na gCásanna Idirghabhála Gutháin, Breithnithe agus Binse a Dúnadh in 2021 arna miondealú de réir Am Próiseála (seachtainí), de réir Minicíochtaí agus Céatadán na gCásanna\*



**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadadh luach na sonraí.

\* Mar gheall ar shlánú, ní gá go mbeadh an céatadán cothrom le 100%.

## Conas a chuirtear Orduithe Cinnidh i bhfeidhm?

In 2021, eisíodh 2,759 Ordú Cinnidh. I bhformhór na gcásanna seo, tá na téarmaí atá sonraithe san Ordú Cinnidh á gcomhlíonadh ag tiarnaí talún agus tionóntaí. Mar sin féin, tá cásanna áirithe ann nach gcomhlíonann páirtithe atá faoi réir Ordú Cinnidh an tOrdú. Mar chomhlacht rialaitheach, glacann RTB go ndáiríre le neamhchomhlíonadh na nOrduithe Cinnidh.

Is é an chéad réim ghnímh an RTB fháil amach an féidir an tsaincheist a réiteach gan caingean dlí sna Cúirteanna. Scríobhann an RTB chuig na páirtithe lena mbaineann ar dtús chun téarmaí an Ordaithe Cinnidh a mheabhrú dóibh agus ag iarraidh orthu socruithe a dhéanamh chun an t-Ordú Cinnidh a chomhlíonadh. Mura gcomhlíontar Ordú, in ainneoin an chomhfhreagrais seo, tá dhá rogha ann maidir le forghníomhú.

1. Is féidir le páirtí sa bhun aighneas cúnamh a iarraidh ón RTB chun Ordú Cinnidh a fhorfheidhmiú sa Chúirt Dúiche. Tá sé mar aidhm ag an RTB a oiread cásanna forfheidhmithe agus is féidir a ghlacadh faoi réir buiséid agus a bheartais inmheánaigh féin.
2. Is féidir le páirtí sa bhun dhíospóid a gcásanna forfheidhmithe féin a thabhairt go díreach chuig an gCúirt Dúiche agus tairgeann an RTB tacaíocht do na páirtithe trí chomhaid cáis agus cruthúnais a thiomsú do na cúirteanna.

### Cé mhéad iarratas ar fhorfheidhmiú a bhí ann?

In 2021, mhéadaigh an t-éileamh ar sheirbhísí Forfheidhmithe Ordú Cinnidh ó 2020 de réir mar a mhéadaigh líon na nOrduithe. Mar is léir ó Thábla 14, fuair an RTB 412 iarratas ar chúnamh chun leanúint le himeachtaí forfheidhmithe, arb ionann é agus méadú 40%, ó 2020

As na 412 iarratas:

- > D'éascaigh an RTB comhaontuithe comhlíonta nó socraíochta iomlán i 71 cás gan dul i muinín caingean dlí. Mar sin, bhí an RTB in ann comhlíonadh iomlán agus socraíochtaí a éascú i 17% de na hiarratais go léir a fuarthas trí theagmháil luath leis na páirtithe sula raibh gá le dlíthíocht a chheadú.
- > Bhí 14 chás eile (thart ar 3%) ann inar tarraingíodh siar ábhair nó nár leanadh leo tar éis don RTB páirt a ghlacadh ar dtús.

### Cé a d'iarr forfheidhmiú?

In 2021, as na 199 iarratas forfheidhmithe a fuarthas ó thiarnaí talún (féach Figiúr 3), bhain 90% de na hiarratais le riaráistí cíosa agus/nó rósheilbh. Bhí na saincheisteanna seo fós ar na cineálacha díospóide ba mhó a d'eascair as iarratais forfheidhmithe ó thiarnaí talún.

Ba é coinneáil éarlaisí an chúis ba choitianta le hiarratais ó thionóntaí, agus bhain 64% d'iarratais uile na dtionóntaí ar fhorfheidhmiú leis an tsaincheist seo.

Tábla 14


Líon na n-Iarratas chun Forfheidhmiú a Leanúint a Fuarthas 2012-2021, de réir Minicíochtaí

2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021
346	405	535	633	359	347	348	510	294	412

**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadh luach na sonraí.

Figiúr 3

Miondealú ar Chás-Pháirtithe a D'Iarrataigh Forghníomhú in 2021, de réir Minicíochtaí agus Céatadán\*



**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadh luach na sonraí.

\* Mar gheall ar shlánú, ní gá go mbeadh an céatadán cothrom le 100%.

## Conas a thacaigh an RTB le forfheidhmiú?

- As na 365 cás a próiseáladh in 2021, ceadaíodh 327 cásanna do chúnamh dlíthiúil RTB. Ciallaíonn sé seo gur cheadaigh an RTB 90% de na cásanna a próiseáladh in 2021
- As na 327 cásanna a ceadaíodh do chúnamh dlíthiúil, socraíodh 21 acu sular ghé atur nae a fhostú.
- Dúnadh 433 cásanna san iomlán in 2021 (áirítear leis an bhfigiúr cumaisc seo cásanna a osclaíodh sna blianta roimhe seo).
- In 2021, chuir an RTB na doiciméid agus na hábhair riachtanacha ar fáil do 43 páirtithe a theastaigh ó na Cúirteanna chun a gcásanna forfheidhmithe féin a dhéanamh.

## Cad iad torthaí na Cúirte?

Bhí rochtain ar na Cúirteanna srianta fós ar feadh cuid mhór den bhliain agus chuir go leor Cúirteanna Dúiche cúrsaí sibhialta ar atráth thar thréimhse na srianta ar leibhéal 4 agus 5 maidir le COVID-19.

Fuair an RTB 136 Ordú Cúirte in 2021, méadú ó 123 in 2020 (féach Tábla 15). I bhformhór na gcásanna seo sa Chúirt Dúiche, dámhadh a chostais ar an RTB. Is é an tionchar a bhíonn aige sin gur féidir le páirtithe neamhchomhlíontacha costais shuntasacha dlí a bheith á ndámhadh ina gcoinne chomh maith le haon airgead a d'fhéadfadh a bheith acu faoin Ordú Cinnidh.

Tá sé tábhachtach a thabhairt chun suntais, fiú má tá atur nae ceaptha i gcás, gur féidir le páirtí plean socraíochta a chur isteach sula dtabharfar an cás os comhair na gCúirteanna. Tuairiscíonn aturnaetha painéil BTC gur chomhlíon 52 cás in 2021 go hiomlán, nó gur chomhaontaigh siad téarmaí socraíochta, roimh dháta na Cúirte nó ar lá na héisteachta.

Ní chláróidh RTB an breithiúnas le hOifig na hArd-Chúirte má chloíonn na páirtithe le plean íocaíochta comhaontaithe. Má thagann deireadh le híocaíochtaí, cláróidh an RTB an fiach atá gan íoc le hOifig na hArd-Chúirte mar fhiachas breithiúnais.

## Tábla 15

### Orduithe Cúirte faighte ag an RTB thar ceann Páirtithe Cásanna 2012 - 2021, de réir Minicíochtaí

2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021
91	140	158	302	204	107	108	153	123	136

**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadadh luach na sonraí.


## Cé mhéad Ordú Cinnidh a ndearnadh achomharc ina leith ar phointe dlí in 2021?

Má chreideann duine gur cuireadh an dlí i bhfeidhm go mícheart chun teacht ar chinneadh sa phróiseas um réiteach díospóide, is féidir leo achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí. Tugtar cásanna Alt 123 ar na cásanna seo agus rinneadh achomharc chuig an Ard-Chúirt i 2021 ar 10 gcinn acu. Ba é an meán-amlíne do chásanna Alt 123 a éisteadh san Ard-Chúirt ná 16 mhí in 2021.

## Cé mhéad uair a cuireadh an próiseas réitigh díospóidí os comhair na hArd-Chúirte?

Féadfar Athbhreithniú Breithiúnach a iarraidh ar an Ard-Chúirt i gcás ina n-éilíonn páirtí go raibh earráid dlínse nó easpa próisis chothrom ann san éisteacht díospóide nó in imscrúduithe agus smachtbhannaí an RTB. Baineann Athbhreithniú Breithiúnach leis an bpróiseas a úsáidtear chun teacht ar chinneadh seachas leis an gcinneadh féin. Is faoi rogha na hArd-Chúirte a dheonófar an leigheas seo. Tógadh dhá chás i gcoinne an RTB le haghaidh Athbhreithniú Breithiúnach in 2021 maidir le héisteachtaí díospóide. Ba é an meán-amlíne do chásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh a éisteadh san Ard-Chúirt ná 14 mhí in 2021. As an dá chás, thángthas ar chomhaontú i gceann amháin agus tá an cás eile fós ar siúl.

# 3 Conas a Rialáinn RTB an Earnáil Chíosa





# Buaicphointí 2021

Tugadh isteach **córas clárúcháin tionóntachta athdheartha ar líne**, do thiarnaí talún agus gníomhairí, ó mhí na Samhna 2021

**Tháinig** tionóntachtaí costas cíosa faoi shainchúram an RTB

Ceadaíodh beagnach **170 imscrúduithe** ar sháruithe féideartha ar an dlí cíosa

## **Breis is 130**

imscrúduithe faoi bhráid Chinnteoirí neamhspleácha a ceapadh go cuí le haghaidh cinntí maidir le smachtbhanna foirmiúil

Dheimhnigh an Chúirt Chuarda **39 smachtbhannaí** san iomlán

Faoi dheireadh 2021, **tugadh breis is ceathrú milliún euro de chíos ró-íoctha** ar ais do thionóntaí mar thoradh ar imscrúduithe ar cuireadh tús leo ó 2019 i leith

# Réamhrá

**Mar an rialtóir don earnáil cíosa, tá sé ar cheann de príomhróil an RTB comhlíonadh na riachtanais rialála a chur chun cinn agus a chinntiú. Tá comhlíonadh na riachtanais dleathacha seo riachtanach ar mhaithe le leas na dtionóntaí agus na dtiarnaí talún araon.**

Ar fud a ghníomhaíochtaí rialála ar fad, tuigean an RTB an tábhacht a bhaineann le feidhmiú de réir na bprionsabail leathan beartais rialála ar a dtugtar “Rialáil Níos Fearr”\*. Ciallaíonn sé seo go bhfuil sé mar aidhm ag an RTB a chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí agus cinntí rialála (1) Riachtanach, (2) Comhréireach, (3) Éifeachtach, (4) Cuntasach, (5) Comhsheasmhach, agus (6) Trédhearcach, mar atá leagtha amach i bPáipéar Bán 2004, *Rialáil Níos Fearr*.

Is é an cur chuige rialála atá againn glacadh leis, ar an gcéad dul síos, go bhfuil tiarnaí talún sásta a bhfreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh. Bunaithe ar an mbonn tuisceana seo, tá sé mar aidhm ag an RTB tacú leis an gcomhlíonadh deonach seo trí fhaisnéis a sholáthar agus trí phróisis a chur i bhfeidhm atá deartha chun comhlíonadh a dhéanamh chomh simplí agus is féidir. I bhformhór na gcásanna, oibríonn an cur chuige seo go maith. Sna cásanna sin nach bhfuil comhlíonadh deonach le fáil nó ina bhfuil sárúithe soiléire ar an dlí cíosa, úsáideann an RTB a chumhachtaí éagsúla chun comhlíonadh a fhorfheidhmiú nó chun iompar míchuí a smachtbhannaí.

In 2021, i gcomhthéacs leanúnach na paindéime domhanda COVID-19, agus ag teacht leis na prionsabail thuasluaite, lean an RTB ar aghaidh ag rialú na hearnála ar mhaithe le leas an phobail i gcoitinne agus rinneadh roinnt dul chun cinn tábhachtach agus é sin á dhéanamh.

Léiríonn na forbairtí agus na gníomhartha seo an chaoi a bhfuil an RTB tiomanta do rialáil na hearnála cíosa cónaithe de réir bheartas an Rialtais agus de réir prionsabail bhunaithe an dea-rialacháin.

## Cad é an Clár Tionóntachta?

Ceanglaítear go dlíthiúil ar tiarnaí talún príobháideacha go léir, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBs), agus soláthraithe Cóiríochta ar Cíos ar Chostas agus Cóiríocht Sonrach do Mhic Léinn a dtionóntachtaí a chlárú leis an RTB. Príomhfhreagracht rialála de chuid an RTB is ea an Clár a bhainistiú. Nuair atá an t-eolas clárúcháin bailithe, is féidir an fhaisnéis clárúcháin a úsáid ansin chun faisnéis chinntitheach a bhaint, a anailísiú agus a fhoilsiú ar an earnáil cíosa, lena n-áirítear Innéacs Ráithiúil Cíos an RTB. Úsáidtear an fhaisnéis luachmhar seo, lena n-áirítear sonraí ar cé chomh fada is atá tionóntachtaí i bhfeidhm agus na cíosa atá á ngearradh, chun bonn eolais a chur faoi bheartas poiblí níos leithne i ndáil leis an earnáil agus chun tionchar na dtionscnamh beartais agus rialála éagsúla a mheas.

Tá feidhm thábhachtach ag an bpróiseas clárúcháin tionóntachta freisin maidir le tionóntachtaí caidrimh tiarna talún-tionónta a shocrú ar bhonn maith ón tús. Nuair a chláraítear tionóntacht leis an RTB, seolann an RTB treoir mhionsonraithe maidir le cearta agus freagrachtaí cíosa chuig an tiarna talún agus chuig an tionónta araon. Tá caidrimh dearfacha idir tiarnaí talún agus tionóntaí thar a bheith tábhachtach agus tá fonn ar an RTB tacú leis seo, mar sin, cuidiú leis an scóip le haghaidh díospóidí a thagann chun cinn níos déanaí a laghdú.

In 2021, mar gheall ar aistriú chuig ardán nua a óstálann an Clár agus athrú reachtach a bhaineann le fad thionóntachtaí cuid 4, bhí sé riachtanach meastachán a dhéanamh ar líon na dtionóntachtaí san earnáil (féach Tábla 16). Tá tuilleadh eolais ar fáil ar Mhol Taighde agus Sonraí an RTB ar na cúiseanna a raibh gá le meastachán, agus an mhodheolaíocht ar glacadh léi.

\* Féach Rialachán Níos Fearr - DETE (enterprise.gov.ie)

Tábla 16

Tionóntachtaí Príobháideacha, Comhlacht Tithíochta Ceadaithe (AHB) agus Cóiríocht Shainiúil do Mhic Léinn (SSA) ag deireadh na bliana (pointe ama\*), 2017 - 2021 (meastar 2021)

	2017	2018	2019	2020	2021 Meastachán
Líon na dtionóntachtaí cíosa príobháideacha	313,002	307,348	303,023	297,837	276,223**
Líon na dtionóntachtaí AHB	26,445	29,542	32,662	34,169	38,255***
Líon na dtionóntachtaí Cóiríocht Shonrach do Mhic Léinn	-	-	28,414	10,691	21,681
An líon iomlán tionóntachtaí cláraithe (AHB, Príobháideach & SSA)	339,447	336,890	364,099	342,697	336,159****

Is ionann sonraí clárúcháin tionóntachta agus pointe ama, a thógtar ag deireadh na bliana, ón gClár RTB agus tá sé bunaithe ar líon na dtionóntachtaí a chláraigh agus a d'íoc.

\*\* Is meastachán é an figiúr clárúcháin agus forbraíodh é ag úsáid sonraí reatha RTB atá ar fáil chun líon measta na dtionóntachtaí a bhainfí nó a athnuafaí ar an gClár RTB in 2021 a aithint, mura dtabharfaí isteach na hathruithe ar fhad thionóntachtaí cuid 4. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar Mhol Taighde agus Sonraí an RTB ar na cúiseanna a raibh gá le meastachán, agus an mhodheolaíocht ar glacadh léi.

\*\*\* Mar gheall ar athruithe ar an ardán a óstálann an Clár RTB i mí na Samhna 2021, fuarthas an figiúr seo ó sonraí a fuarthas ón dá ardán.

\*\*\*\* Mar a leagtar amach thuas meastar na figiúirí 2021.

**Ceanglaítear go dlíthiúil ar tiarnaí talún príobháideacha go léir, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBs), agus soláthraithe Cóiríochta ar Cíos ar Chostas agus Cóiríocht Sonrach do Mhic Léinn a dtionóntachtaí a chlárú leis an RTB.**

In 2021, fuair an RTB 97,121 iarratais ar chlárú tionóntachta (féach Tábla 17). Is laghdú de thart ar 25% é seo ar fhighúirí 2020. Tharla an laghdú seo go páirteach de bharr na n-athruithe ar fhad thionóntachtaí Chuid 4, a mhéadaigh ó cheithre bliana go sé bliana, rud a d'fhág nach raibh ach líon teoranta athnuachan ar siúl in 2021.

**Tábla 17**

**Líon na n-Iarratas\* ar Chlárú Tionóntachta a Fuair an RTB 2015 – 2021, de réir Minicíochtaí**

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021**
Iarratais ar chlárú tionóntachtaí cíosa príobháideacha (nua & athnuachan)**	105,566	106,177	101,640	98,362	95,245	95,646	60,993**
Iarratais ar chlárú tionóntachtaí Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (AHB) (nua & athnuachan)**	-	5,452	23,092	3,738	3,878	21,587	5,220***
Tionóntachtaí Cóiríochta Sonracha do Mhic Léinn (SSA) cláraithe leis an RTB	-	-	-	-	28,414	12,784	30,908
<b>Líon iomlán na n-Iarratas ar chlárú tionóntachta faighte</b>	<b>105,566</b>	<b>111,629</b>	<b>124,732</b>	<b>102,100</b>	<b>127,537</b>	<b>130,017</b>	<b>97,121</b>

**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadadh luach na sonraí.

\*Is ionann iarratais agus líon na n-Iarratas ar chlárú tionóntachta a fuarthas, ní líon iomlán na dtionóntachtaí atá cláraithe leis an RTB.

\*\*Ciallaíonn athruithe ar fhad thionóntacht Chuid 4 ó cheithre bliana go sé bliana go raibh líon teoranta athnuachana déanacha ann in 2021.

\*\*\* Ciallaíonn athruithe ar fhad thionóntacht Chuid 4 ó cheithre bliana go sé bliana go raibh líon teoranta athnuachana tionóntachta AHB in 2021.

### Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHB)

In 2021, ba thionóntachtaí nua formhór na gclárúcháin AHBanna. Lean an RTB freisin ag fáil tuilleadh athnuachana faoi Chuid 4 i rith na bliana. Tá formhór na n-athnuachan seo tugtha chun críche in 2020.

### Cóiríocht Sonrach do Mhic Léinn (SSA)

Léiríonn líon na gclárúcháin tionóntachta/ceadúnais SSA méadú in 2021, i gcomparáid le 2020. Taispeánann na sonraí clárúcháin a fheictear i dTábla 17 (30,908) clárúcháin a críochnaíodh go luath in 2021, chomh maith le clárúcháin nua de réir mar a fhágann mic léinn agus mic léinn nua an chóiríocht lena mbaineann. Taispeánann na sonraí SSA i dTábla 16 (21, 681) sonraí clárúcháin tionóntachta pointe - ama, a tógadh ag deireadh na bliana, ón gClár RTB agus tá siad bunaithe ar líon na dtionóntachtaí a chláraigh agus a d'íoc.

### Clárú Cíosa Costais

In 2021, tháinig tionóntachtaí Cíosa Costais faoi shainchúram an RTB. Is cineál de thithíocht sheachbhrabúsach é cíos costais ina gclúdaíonn an cíos a íocann an tionónta costas tógála, bainistíochta agus cothabhála an tí.

In 2021, cláraíodh 25 Cíosanna Costas leis an RTB.

Cé go bhfuil Cíosa Costais ag céim luath forbartha in Éirinn, is cineál tionachta é a bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú suntasach air sna blianta amach romhainn. Faoi láthair, tá sé mar aidhm ag an Rialtas 18,000 tithe cíosa costas a sheachadadh faoi 2030 faoin bplean Tithíocht do Chách. Oibreoidh an RTB lena chinntiú go mbeidh na tacaíochtaí agus na próisis riachtanacha ar fad i bhfeidhm chun tionóntachtaí Cíosa Costas a rialú de réir mar a éiríonn siad seo níos coitianta.

## Córas clárúcháin tionóntachta athdheartha ar líne

Mar a leagtar amach i gCaibidil 1, i mí na Samhna 2021, thug an RTB isteach córas clárúcháin tionóntachta athdheartha ar líne, do thiarnaí talún agus gníomhairí. Tá an córas seo níos sábháilte ná an córas a tháinig ina áit, agus tá feidhmiúlacht mhéadaithe aige do chustaiméirí. Áirítear leis seo úsáid Éirchóid (chun seoltaí a thaifeadadh go beacht), modhanna íocaíochta breise agus fógraí agus cumarsáid fheabhsaithe le tiarnaí talún agus a ngníomhairí. Ina theannta sin, dhear an RTB an córas chun tacú le clárú bliantúil na dtionóntachtaí, atá beartaithe le tabhairt isteach sa chéad leath de 2022.

Soláthróidh Clárúchán Bliantúil, arna éascú tríd an gcóras clárúcháin athdheartha ar líne, sonraí feabhsaithe don RTB, agus do lucht déanta beartas, ar an margadh cíosa. Tacóidh sé freisin le Hlnnéacs Cíos Ráithiúil RTB/ESRI feabhsaithe mar go gceadóidh an córas nua idirdhealú a aithint idir cíosanna a íoctar ar thionóntachtaí leanúnacha agus, dá airde go ginearálta, cíosanna a íoctar ar thionóntachtaí nua.

## Conas a sholáthraíonn an RTB dearbhú go bhfuil gach tionóntacht cláraithe de réir an dlí?

Tá an RTB freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann tiarnaí talún a n-oibleagáidí dlíthiúla maidir le gach tionóntacht a chlárú. Mar a luadh níos luaithe, is é an cur chuige rialaitheach ná glacadh leis, ar an gcéad dul síos, go bhfuil tiarnaí talún toilteanach a bhfreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh agus tacú le comhlíonadh deonach trí fhaisnéis a sholáthar agus trí phróisis a chur i bhfeidhm atá deartha chun comhlíonadh a dhéanamh chomh simplí agus is féidir. Sa chás go bhfuil fianaise ag an RTB a thugann le tuiscint, in ainneoin an chur chuige dearfach seo, nach bhfuil tiarna talún ag comhlíonadh an dlí, tá cumhachtaí rialála ag an RTB chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíonadh seo.

## Conas a thagann an RTB ar an eolas faoi neamhchomhlíonadh na gceanglas clárúcháin ag tiarnaí talún?

Faigheann an RTB faisnéis ó raon foinsí maidir le neamhchomhlíonadh féideartha. I rith 2021, chuimsigh siad seo:

### > Atreoruithe ó Bhaill den Phobal

In 2021, chuir daoine den phobal 846 tionóntachtaí neamhchláraithe líomhnaithe faoi bhráid an RTB. Ba laghdú 16.2% é seo ar fhigiúr 2020 de 1,010.

### > An Roinn Coimirce Sóisialaí

In 2021, fuair an BTC 3,433 taifead maidir le tionóntachtaí a fuair an Liúntas Forlíonadh Cíos ón Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP).

### > Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP)

Fuair an BTC 16,537 taifead maidir le tionóntachtaí a bhí ag fáil na híocaíochta HAP.

### > Údaráis Áitiúla

Tharchuir Údaráis Áitiúla 105 taifead de bhun iniúchtaí caighdeáin. Is laghdú é seo ar an 289 atreorú a rinneadh in 2020.

Bhí tionchar ar gach atreorú thuas mar gheall ar shrianta COVID-19 a raibh tionchar acu ar leibhéal iniúchta le linn 2021.

### > Eolas Inmheánach

Déanann an RTB seiceáil réamhghníomhach agus obair leantach ar fhoirmeacha clárúcháin neamhiomlána lena chinntiú go bhfuil na tionóntachtaí seo comhlánaithe agus cláraithe. Le linn an phróisis um réiteach díospóide, seiceálann an RTB tionóntachtaí freisin chun a chinntiú go bhfuil an tionóntacht cláraithe. Mura bhfuil, déantar é a leanúint mar neamhchomhlíonadh féideartha. In 2021, rinneadh 506 atreoruithe inmheánacha RTB.

## Conas a spreagann an RTB comhlíonadh roimh ionchúiseamh mar gheall ar neamhchomhlíonadh na gceanglas clárúcháin?

Ag teacht lenár mbeartas chun tacú le comhlíonadh, agus gan ionchúiseamh a dhéanamh ach sa chás gur léir nach bhfuil tiarna talún toilteanach géilleadh, scríobhann an RTB chuig tiarnaí talún ina bhfuil amhras faoi neamhchlárú agus tugann sé deis réasúnta don tiarna talún géilleadh sula dtionscnófar ionchúiseamh. Faigheann tiarnaí talún dhá Fhógra ón RTB sula n-éisítear aon litreacha dlíthiúla (Féach Tábla 18).

Mar gheall ar shrianta COVID-19 a chuaigh i bhfeidhm ar oibriú na Seirbhíse Cúirteanna i rith 2020 agus 2021, chinn an RTB eisiúint Fógraí a chur ar fionraí ar feadh tréimhse suntasach i 2020 agus 2021. Mar a thaispeánann an tábla, áfach, ba é líon na bhfógraí a eisíodh in 2021 ná méadú ar fhigiúirí 2020.

Ní raibh aon ionchúisimh in 2021 mar gheall ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear infhaighteacht teoranta seomra cúirte mar gheall ar shrianta paindéime agus déileáil le cásanna tosaíochta amháin.

Tábla 18

## Fógraí agus Litreacha Forfheidhmiúcháin Cláraithe Eisithe 2018 - 2021, de réir minicíochtaí

	2018	2019	2020	2021
1ú Fógra	4,651	6,013	1,282	3,524
2ú Fógra	2,384	1,823	148	330
1ú Litir Aturrae	748	540	167	0
2ú Litir Aturrae	253	188	73	0
Eile*	363	111	108	137
<b>Iomlán</b>	<b>8,399</b>	<b>8,675</b>	<b>1,778</b>	<b>3,991</b>

**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadadh luach na sonraí.

\* Is litreacha iad seo inar chláraigh tiarna talún tionóntacht ach nuair a thug sé Dáta Tosaigh Tionóntachta mícheart.

## Conas a cheadaíonn an RTB Iompar Míchuí ag tiarnaí talún?

Ba í an bhliain 2021 an dara bliain iomlán oibríochta de chumhachtaí smachtbhannaí an RTB. Faoi na cumhachtaí seo is féidir leis an RTB, tar éis imscrúdaithe, smachtbhannaí a chur ar thiarnaí talún a bhfuil baint acu le sárúithe áirithe ar an dlí cíosa, ar a dtugtar “iompar míchuí”. Áirítear le hIompar Míchuí:

- Mainneachtain ceanglais an Chríos Brú Cíos (RPZ) a chomhlíonadh;
- Ag brath go bréagach ar Dhíolúine RPZ;
- Teip fógra a thabhairt don RTB faoi bheith ag brath ar Dhíolúine RPZ;
- Mainneachtain faisnéis tionóntachta a nuashonrú laistigh de mhí ó athrú cíosa;
- Mainneachtain tionóntacht a chlárú;
- Cúis sonraithe ar Fhógra Foirceanta arb eol atá bréagach nó míthreorach; agus/nó
- Mainneachtain tionóntacht a thairiscint ar ais do thionónta nuair a chomhlíontar coinníollacha áirithe.

I mí Iúil 2021, cuireadh dhá Iompar Míchuí nua leis:

- Éarlais níos mó ná a choibhéis de chíos míosa a lorg; agus
- Réamhíocaíocht de níos mó ná cíos míosa a lorg.

Ba é príomhfhócas an RTB in 2021 ná imscrúduithe a cuireadh tús leo cheana féin a thabhairt chun críche agus próisis agus nósanna imeachta a bheachtú agus a fheabhsú. Ina theannta sin, agus le rochtain ar an gCúirt Chuarda ag tosú arís de réir a chéile in 2021, ag iarraidh ar an gCúirt smachtbhannaí a forchuireadh thar na blianta atá ag dul ar aghaidh a dhearbhu.

## Foinsí eolais le haghaidh imscrúdaithe

Féadfaidh an RTB tús a chur le himscrúdú ar iompar míchuí a d'fhéadfadh a bheith ann:

### De bhun gearáin fhoirmiúla ó bhaill an phobail.

I rith 2021, fuair an RTB 820 teagmháil ó bhaill den phobal ar mian leo Iompar Míchuí féideartha ó thiarnaí talún a thuairisciú. Díobh seo, gearáin fhoirmiúla i scríbhinn ab ea 14 % (116)

Nó

### Ar a thoil féin

Déanann an 704 eile (86 %) teagmháil leis an RTB a fuarthas ó bhaill den phobal mar aon le faisnéis óna thaifid féin, amhail clár na dtionóntachtaí, sonraí foinsí oscailte mar láithreáin gréasáin cíosa agus faisnéis a sholáthraíonn comhlachtaí rialtais eile Rinneadh iad seo a mheasúnú le fáil amach an raibh bunús le himscrúdú foirmiúil a thionscnamh. Nuair a bhain saincheisteanna a d'ardaigh baill den phobal maidir le sárúithe ar an dlí cíosa nach sainmhínítear faoin reachtaíocht mar iompair míchuí, cuireadh an duine i gcion ar sheirbhísí eile a sholáthraíonn an RTB nó comhlachtaí poiblí eile a bheadh i riocht níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar a n-ímní.

## Imscrúduithe Ceadaithe

I rith 2021, cheadaigh an RTB 169 imscrúdú ar Iompar Míchuí féideartha.


Díobh seo,

- Tionscnaíodh 80% (135) de réir an RTB féin agus
- Bhí 20 % (34) bunaithe ar ghearáin fhoirmiúla i scríbhinn ón bpobal.

Tá miondealú ar na cineálacha imscrúduithe a cheadaíodh in 2021 le fáil i bhFigiúr 4.

## Figiúr 4

Miondealú ar Seolta Líomhnaithe de réir Cineál Líomhain (n=187) le haghaidh Imscrúduithe a Ceadáíodh in 2021, de réir Riachtanais agus Céatadán na hImscrúduithe Iomlán a Chur i bhFeidhm (n=169) \*



**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadadh luach na sonraí.

\* Féadfaidh imscrúduithe níos mó ná líomhain amháin ar lomp ar lomp míchuí agus sin an fáth go bhfuil líon na gcineálacha líomhaintí difriúil ná líon na n-imscrúduithe.

\*\* Tagraíonn RPZ don Chrios Brú Cíos

\*\*\*Tagraíonn NoT d'Fhógra Foirceanta

### Smachtbhannaí

Faoi dheireadh 2021, bhí 132 imscrúduithe curtha faoi bhráid na gCinnteoírí neamhspleácha, a ceapadh faoin dlí chun torthaí imscrúdaithe a athbhreithniú, le haghaidh cinnidh ar smachtbhanna. D'eisigh an RTB 90 cinneadh do na tiarnaí talún ábhartha agus níor taisceadh aon achomhairc. Cuimsíonn an figiúr seo na cinntí ó imscrúduithe a tosaíodh in 2020.

### Smachtbhannaí a Dhaingniú agus a Fhoilsiú

Ní mór an cinneadh smachtbhanna a fhorchur a dheimhniú sa Chúirt Chuarda. Mar gheall ar phaindéim COVID-19 cuireadh srianta ar rochtain cúirte. In 2021, áfach, deimhníodh 39 cás i gCúirteanna Cuarda Bhaile Átha Cliath, Chill Dara, Lú agus na Gaillimhe.

Nuair a dheimhnítear smachtbhanna, agus a bhfuil na tréimhsí achomhairc go léir caite agus na próisis riaracháin go léir curtha i gcrích, foilsíonn an RTB sonraí an smachtbhanna ar láithreán gréasáin an RTB. Faoi dheireadh 2021, bhí 29 smachtbhannaí réidh le foilsiú agus tugadh isteach leathanach gréasáin tiomnaithe chun na críche sin.

Ó tugadh na cumhachtaí nua smachtbhannaí seo dó, tá tosaíocht tugtha ag an RTB do líomhaintí maidir le sárú ar shrianta RPZ. Is fianaise é seo ón bhfíric go raibh 28 as na 29 smachtbhannaí a foilsíodh mar gheall ar shárú ar rialacháin RPZ agus go raibh formhór na n-imscrúduithe ar cuireadh tús leo go dtí seo mar gheall ar an sárú céanna.

Roghnaigh na tiarnaí talún, sna cásanna foilsithe seo, an t-iompar míchuí a líomhnaítear a admháil ag tús an imscrúdaithe. Tríd an gcur chuige seo a ghlacadh, cuireann an tiarna talún dlús leis an bpróiseas agus léiríonn sé go bhfuil siad ag comhoibriú leis an imscrúduithe. Cuireann an Cinnteoir é seo san áireamh, mar aon le haon bhearta a ghlacfaidh an tiarna talún chun sárú an dlí cíosa a chur ina cheart, nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh acu ar an gcineál smachtbhanna agus ar an méid smachtbhanna airgeadaíochta.


Íoctar leis an Státchiste gach smachtbhannaí airgeadaíochta a fhorchuirtear sna cásanna seo.

### Feachtas Comhlíonadh Socrú Cíos

I mí na Nollag 2021, ar iarratas ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, chuir an RTB tús le feachtas spriocdhírthe agus incriminteach chun tionóntachtaí a aithint ina bhféadfadh dóchúlachtaí níos airde a bheith ann maidir le neamhchomhlíonadh cíosa a shocrú. Chuathas i dteagmháil le breis agus 2,700 tiarna talún le faisnéis a fháil faoi conas a chinntiú go raibh sonraí a dtionóntachtaí ceart agus cothrom le dáta agus conas aon fhaisnéis mhícheart a soláthraíodh don RTB a cheartú. Cuireadh eolas ar fáil do na tiarnaí talún freisin maidir le conas a sheiceáil go bhfuil siad ag comhlíonadh socrú cíosa agus conas an cás seo a leigheas. Bainfear úsáid as an bhfaisnéis a bhaileofar san fheachtas seo chun tús a chur le himscrúduithe, nuair is gá, i rith 2022.

# 4

## Conas a dhéanann an RTB Monatóireacht ar Threochtaí





# Buaicphointí 2021

Rinneadh tuilleadh forbairt ar **Innéacs Cíosa Ráithiúil an RTB** chun **faisnéis agus anailís níos doimhne** a sholáthar maidir le cíosanna ag leibhéal Údaráis Áitiúil, a chinntigh gur lean an t-innéacs ar aghaidh ag soláthar an eolais is cruinne agus is údarásaí ar chíosanna ar fud na hearnála

Seoladh na **tuarascálacha ar Shuirbhéanna na hEarnála Cíosa** a rinne Amárach Research go rathúil, rud a thug **suirbhé ionadaíoch don earnáil cíosa ar thionóntaí, tiarnaí talún agus gníomhairí** a chónaíonn agus a oibríonn san earnáil phríobháideach cíosa in Éirinn

Seoladh **Mol Taighde agus Sonraí** an RTB agus leathnaíodh é ar láithreán gréasáin an RTB. Áiríonn sé **nuashonruithe ráithiúla ar staitisticí** ar an earnáil cíosa, clárúcháin RTB, agus gníomhaíocht réitigh díospóide, i measc nithe eile

# Réamhrá

**Cuidíonn an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe le tuiscint níos fearr ar an earnáil cíosa a chur chun cinn trí shonraí tionóntachta a sholáthar, trí Innéacs Ráithiúil Cíosa RTB a tháirgeadh, agus trí chlár Taighde RTB a sheachadadh.**

Is feidhm de chuid an RTB é faisnéis a bhailiú agus a sholáthar ar an earnáil cíosa lena n-áirítear faisnéis ar na leibhéil cíosa atá i réim. Bailíonn an RTB sonraí ar an earnáil cíosa trí thionóntachtaí a chlárú (príobháideach, AHB, SSA) agus trí sheachadadh a fheidhmeanna, lena n-áirítear soláthar Seirbhísí Réitigh Díospóidí agus faoi shainchúram Imscrúduithe agus Smachtbhannaí an RTB.

## Buaicphointí Chlár Taighde an RTB

In 2021, ag teacht le tosaíochtaí straitéiseacha RTB, ba phríomhfhócas é leanúint ar aghaidh ag úsáid sonraí agus taighde chun tuiscint níos fearr a chothú ar an earnáil cíosa, chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí san earnáil, agus chun beartas a sholáthar. B'iad a leanas príomhchodanna Chlár Taighde an RTB in 2021:

1. Táirgeadh agus forbairt Innéacs Cíosa Ráithiúil an RTB;
2. Suirbhéanna Earnáil Cíosa i measc tiarnaí talún, tionóntaí agus gníomhairí ligin; agus
3. An Mol Taighde agus Sonraí a fhorbairt, uirlis idirghníomhach a sholáthraíonn rochtain éasca don phobal ar an bhfaisnéis a bhailíonn RTB

**In 2021, ag teacht le tosaíochtaí straitéiseacha RTB, ba phríomhfhócas é leanúint ar aghaidh ag úsáid sonraí agus taighde chun tuiscint níos fearr a chothú ar an earnáil cíosa.**

## Cad a insíonn Innéacs Cíosa an RTB dúinn faoin earnáil cíosa in 2021?

Coinníonn an RTB, trí shonraí clárúcháin tionóntachta, an tacar sonraí is cuimsithí ar an earnáil cíosa chónaithe in Éirinn. Bunaithe ar shonraí ó thaifid clárúcháin tionóntachta RTB, a ndéanann an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) anailís neamhspleách orthu, soláthraíonn Innéacs Cíosa RTB táscairí cíosa a rianaíonn gluaiseachtaí i gcíosanna do thionóntachtaí nua in earnáil cíosa phríobháideach na hÉireann. Tá sonraí ó Innéacs Cíosa Ráithiúil an RTB ar fáil ó 2007 go 2021 trí Mhol Taighde agus Sonraí an RTB.

## Treochtaí Praghsanna Cíosa i dTionóntachtaí Nua 2021 – Innéacs Cíosa RTB R4 2021

Tugann an roinn seo forbheathnú ar na treochtaí praghsanna cíosa a tháinig chun cinn san earnáil cíosa phríobháideach in 2021. Tá an fhaisnéis bunaithe ar na tionóntachtaí nua a cláraíodh leis an RTB i R4 2021 agus atá san áireamh i dtuarascáil Innéacs Ráithiúil Cíosa R4 2021 RTB.

## Náisiúnta


Bhí laghdú ar líon na dtionóntachtaí príobháideacha nua a cláraíodh leis an RTB i R4 2021 i gcomparáid leis na ráithe roimhe seo.

Ag deireadh 2021, léirigh Innéacs Cíosa Ráithiúil an RTB gur lean leibhéil cíosa le haghaidh tionóntachtaí nua ag ardú ar fud na tíre. Idir R4 2020 agus R4 2021, tháinig méadú €116.61 (9.0%) ar an meánchíos caighdeánaithe náisiúnta do thionóntachtaí nua, ó €1,298.52 in aghaidh na míosa i R4 2020, go €1,415.13 in aghaidh na míosa i R4 2021. Cé gur tháinig méadú 9.0% in aghaidh na bliana ar an meánchíos caighdeánaithe náisiúnta, tháinig laghdú 0.3% ar an meánchíos caighdeánaithe náisiúnta ráithe ar ráithe idir R3 2021 agus R4 2021.

I bhFigiúr 5, taispeántar an meánchíos caighdeánaithe náisiúnta i ngach ráithe ó 2007 (R3) go 2021 (R4). Tógtar na sonraí seo ó Innéacs Cíosa R4 2021 RTB agus taispeánann sé go bhfuil méadú 42.5% tagtha ar an meánchíos caighdeánaithe náisiúnta do thionóntachtaí nua ón mbuaic i R1 2008 go dtí deireadh 2021.

## Figiúr 5

### Innéacs Cíosa RTB - Meánchíos caighdeánaithe náisiúnta do Thionóntachtaí Nua i ngach Ráithe ó 2007 (R3) go 2021 (R4)\*



\*Úsáideann an RTB an meánchíos caighdeánaithe, ar cíós é arna choigeartú de réir meascán a chuireann san áireamh an t-athrú ar an meascán réadmhaoine i gceantar.

**Foinse:** Innéacs Cíosa R4 2021 RTB


## Baile Átha Cliath

Is é margadh cíosa Bhaile Átha Cliath an margadh is mó agus is leis an margadh seo a bhaineann an meánchíos caighdeánaithe is airde sa tír. Tá tionchar suntasach ag an gcaoi a n-athraíonn an earnáil cíosa i mBaile Átha Cliath le himeacht ama ar na meánleibhéil chíosa chaighdeánaithe náisiúnta i dtionóntachtaí nua. Ag deireadh 2021 (R4), b'ionann an meánchíos caighdeánaithe do thionóntachtaí nua i mBaile Átha Cliath agus €1,972.23, arb ionann é sin agus méadú bliantúil de 8.9% i gcomparáid leis an ráithe chéanna in 2020.

I bhFigiúr 6, taispeántar an meánchíos caighdeánaithe do thionóntachtaí nua i mBaile Átha Cliath i ngach ráithe ó 2007 (R3) go 2021 (R4). Baineadh na sonraí seo as Innéacs Cíosa R4 2021 agus léiríonn sé gur tháinig ardú 51.6% ar an meánchíos caighdeánaithe do thionóntachtaí nua i mBaile Átha Cliath sna 14 bliana idir an bhuaic i R4 2007 agus ag deireadh 2021 (R4).

## Figiúr 6

### Innéacs Cíosa RTB - Meánchíos caighdeánaithe Bhaile Átha Cliath do Thionóntachtaí Nua i ngach Ráithe ó 2007 (R3) go 2021 (R4)\*



\*Úsáideann an RTB an meánchíos caighdeánaithe, ar cíós é arna choigeartú de réir meascán a chuireann san áireamh an t-athrú ar an meascán réadmhaoine i gceantar.

**Foinse:** Innéacs Cíosa R4 2021 RTB

## Mórcheantar Bhaile Átha Cliath Seachas Baile Átha Cliath

Tagraíonn Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA) gan Baile Átha Cliath san áireamh sa chomhthéacs seo do chontaetha Chill Dara, na Mí agus Chill Mhantáin. Ag deireadh na bliana 2021, b'ionann an meánchíos caighdeánaithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (gan Baile Átha Cliath a áireamh) agus €1,393.36 suas 2.0% ó €1,365.77 i R4 2020. Tá sé seo 35.8% níos airde ná an bhuaic i R4 2007. Chiollaigh an chónagaracht do Bhaile Átha Cliath go bhféadfadh éileamh suntasach a bheith ar thithíocht sna contaetha mórthimpeall.

## Éire Seachas Mórcheantar Bhaile Átha Cliath

Ba é an meánchíos caighdeánaithe do thionóntachtaí nua lasmuigh de GDA ná €1,058.95 ag deireadh 2021 (R4), suas ó €944.86 i R4 2020. Is ionann é seo agus méadú bliantúil de 12.1%.


Bhí an meánchíos caighdeánaithe do thionóntachtaí nua i mBaile Átha Cliath 86% níos airde ná lasmuigh de Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, rud a thugann le tuiscint go bhfuil difríochtaí suntasacha i leibhéal cíosa ar fud na tíre.

## Éire Seachas Baile Átha Cliath

Ag deireadh 2021 (R4), ba é an meánchíos caighdeánaithe do thionóntachtaí nua in Éirinn gan Baile Átha Cliath san áireamh ná €1,104.08, méadú 10.8% in aghaidh na bliana ó €996.02 i R4 2020. Figiúr 7 - léirítear an bhearna idir na meánchíos caighdeánaithe i mBaile Átha Cliath agus lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

### Figiúr 7

Innéacs Cíosa RTB - Baile Átha Cliath agus Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath (Éire seachas Baile Átha Cliath) meánchíos caighdeánach do Thionóntachtaí Nua i ngach Ráithe ó 2007 (R3) go 2021 (R4)\*



\*Úsáideann an RTB an meánchíos caighdeánaithe, ar cíosa é arna choigeartú de réir meascán a chuireann san áireamh an t-athrú ar an meascán réadmhaoine i gceantar.

**Foinse:** Innéacs Cíosa R4 2021 an RTB

## Conas a bhailíonn an RTB faisnéis ar thaithí an tionónta agus an tiarna talún?

In 2021, d'fhoilsigh an RTB sé thuarascáil ar an earnáil cíosa phríobháideach. Bhí an taighde seo, arna choimisiúnú ag an RTB agus arna dhéanamh ag Amárach Research, ina chuid shuntasach de chlár taighde an RTB don bhliain 2021. Bhí sé ar cheann de na staidéir is mó ar an earnáil cíosa phríobháideach a rinneadh in Éirinn riamh. Ba é cuspóir an tionscadail taighde ná:

- Cabhrú le próifíl chruinn a chruthú de thiarnaí talún, tionóntaí agus gníomhairí ligin san earnáil cíosa phríobháideach;
- Bonn fianaise de shonraí fíorasacha a bhunú do chohóirt tiarnaí talún agus tionóntaí san earnáil thar raon réimsí téamacha chun monatóireacht ar threochtaí thar am a éascú;
- Léargas a fháil ar iompraíochtaí agus tiománaithe do chodanna laistigh den earnáil cíosa agus bealaí chuig an staid reatha cíosa a ghabháil; agus,
- Tuarascálacha suirbhé atá láidir go hacadúil agus ionadaíoch a sheachadadh.

Bhí comhpháirteanna iolracha sa bhuntaighde, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Taighde ina measc siúd a chónaíonn i gcóiríocht ar cíos (cailíochtúil agus cainníochtúil)
- Taighde i measc tiarnaí talún (cailíochtúil agus cainníochtúil)
- Taighde i measc gníomhairí ligin (cailíochtúil agus cainníochtúil)

Tugann Tuarascálacha Suirbhé Earnála Cíosa RTB léargas cuimsitheach ar an margadh cíosa, ag clúdach peirspictíocht na dtiarnaí talún, na dtionóntaí agus na ngníomhairí ligin. Seo a leanas cuid de phríomhthorthaí an taighde agus tá na tuarascálacha iomlána ar fáil ar Mhol Taighde agus Sonraí an RTB.

- Is ceist shuntasach fós í inacmhainneacht agus tionóntaí ag íoc, ar an meán, 36% dá n-ioncam indiúscartha ar chíos.
- I mBaile Átha Cliath, thug 64% de thionóntaí le fios go gcaitheann siad níos mó ná 30% dá nglanioncam ar chíos.
- Tá próifíl na dtiarnaí talún ag athrú, le 26% de na tiarnaí talún beaga a bhfuil 1-2 thionóntacht acu ag tabhairt le fios go bhfuil sé beartaithe acu maoin a dhíol laistigh de na cúig bliana amach romhainn.


- Tá sé beartaithe ag tiarnaí talún móra (le 100+ thionóntacht) leanúint ar aghaidh ag infheistiú agus ag leathnú a bpunanna. Ag an am céanna, agus iad ag fás, ní bhainistíonn tiarnaí talún móra faoi láthair ach níos lú ná 6% de thionóntachtaí príobháideacha san earnáil.
- Dúirt 79% de na tionóntaí go raibh a dtaithe cíosa dearfach/an-dearfach.
- Thug 88% de thiarnaí talún beaga le fios go bhfuil taithí dearfach nó an-dearfach acu lena dtionóntaí reatha.

## Conas a roinneann an RTB faisnéis?


I mí an Mhárta 2021, sheol an RTB an Mol Taighde agus Sonraí. Soláthraíonn an Mol Taighde agus Sonraí rochtain éasca ar fhaisnéis cothrom le dáta ar an earnáil cíosa a thaispeántar trí chairteacha agus léarscáileanna idirghníomhacha ar féidir iad a íoslódáil agus a roinnt. Soláthraíonn an Mol Taighde agus Sonraí - sonraí atá éasca le rochtain ar na réimsí seo a leanas:

- Leibhéil cíosa (Innéacs Cíosa)
- Tionóntachtaí príobháideacha agus tiarnaí talún
- Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBs)
- Fógraí Foirceanta (NoTs)
- Staitisticí um réiteach díospóide
- Faisnéis phróifíle do thionóntaí agus tiarnaí talún (Suirbhé RTB ar an Earnáil Cíosa)

Total Number of Application for the RTB Dispute Resolution Service 2018 - 2021



Total Notices of Termination received by RTB Q2 2019 - Q4 2021



➤ Visit [www.rtb.ie/data-hub](http://www.rtb.ie/data-hub) to find out more


## Cad atá ar eolas ag an RTB faoi Chriosanna Brú Cíosá?

Ag deireadh 2016, tháinig reachtaíocht i bhfeidhm a thug isteach Criosanna Brú Cíosá (RPZanna). Is limistéar é RPZ sa tír ina bhfuil na cíosanna ag an leibhéal is airde agus ag ardú, agus ina mbíonn an méid is mó deacrachtaí ag tionóntaí cóiríocht inacmhainne a aimsiú.

Is é atá mar aidhm le RPZanna an t-ardú cíosá sna limistéir seo a mhaolú agus margadh cíosá cobhsaí agus inbhuanaithe a chruthú a chuireann ar chumas tiarnaí talún agus tionóntaí pleananna a dhéanamh bunaithe ar bhreis cinnteachta airgeadais. Nuair a cuireadh na seacht limistéar bhreise seo san áireamh, ag deireadh 2021, bhí 74.32% de thionóntachtaí cláraithe sa tír lonnaithe in RPZanna. Ó 2016, tá sé Údarás Áitiúil agus 48 Toghcheantar Áitiúil san iomlán ainmnithe mar RPZanna Tá amlíne iomlán de na hainmniúcháin RPZ le fáil i bhFigiúr 8, agus tá léarscáil ar a bhfuil a suíomh le feiceáil le fáil i bhFigiúr 9.

### Figiúr 8


#### Amlíne Ainmnithe Crios Brú Cíosá 2017 - 2021



Figiúr 9

Léarscáil de Cheantair Chrios Brú Cíos  
Ainmnithe idir 2016 - 2021

■ Criosanna Brú Cíos  
■ Criosanna Neamhbhrú Cíos



## Díolúintí Crios Brú Cíos

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil gach réadmhaoín atá suite i RPZanna srianta ag teorainneacha Méadú Cíos an RPZ. Áirítear le réadmhaoine díolmhaithe réadmhaoín nár ligeadh ar cíos ar feadh tréimhse dhá bhliain roimh dháta tosaigh na tionóntachta láithreach (díolúine 1); réadmhaoín atá faoi chosaint nó struchtúir chosanta molta agus nár ligeadh ar cíos ar feadh tréimhse bliana roimh dháta tosaigh na tionóntachta láithreach (díolúine 2);

agus iad siúd a bhfuil 'athrú substaintiúil déanta ar nádúr na cóiríochta' (díolúine 3). Ní mór do thiarnaí talún an RTB a chur ar an eolas nuair atá siad ag brath ar dhíolúine RPZ a chiallaíonn nach gcaithfidh siad cloí leis an méadú atá ceadaithe ag teorainneacha an Chrios Brú Cíos. In 2021, chuir tiarnaí talún in iúl don RTB go rabhthas ag brath ar dhíolúintí RPZ i 589 cás (féach Tábla 19). Is ionann é sin agus laghdú beag ar na 596 fógra díolúine RPZ a fuair an RTB in 2020.

Tábla 19

## Fógraí Díolúine Crios Brú Cíos Faighte ag RTB 2019 – 2021, de réir Minicíochtaí agus Céatadáin\*

	Díolúine 1	Díolúine 2	Díolúine 3	Sonraí ar Iarraidh	Iomlán Faighte
<b>2019</b>	150 (78%)	3 (2%)	34 (18%)	5 (3%)	192 (100%)
<b>2020</b>	490 (82%)	12 (2%)	89 (15%)	5 (1%)	596 (100%)
<b>2021</b>	446 (76%)	65 (11%)	75 (13%)	3 (1%)	589 (100%)

**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadh luach na sonraí.

**Nóta:** Tá díolúintí RPZ féintuairiscithe ag tiarnaí talún.

\* Mar gheall ar shlánú, ní gá go mbeadh an céatadán cothrom le 100%.

## Cén faisnéis atá ag an RTB maidir le deireadh a chur le tionóntachtaí?

Más mian le tiarna talún nó tionónta deireadh a chur le tionóntacht, ní mór dóibh Fógra Foirceanta scríofa bailí a sheirbheáil (NoT). I gcás go bhfuil tionóntacht níos faide ná sé mhí, ní mór dóibh cóip den Fhógra Foirceanta a sheoladh chuig RTB agus foirm tuairisceáin Fógra Foirceanta, laistigh de mhí amháin tar éis an dáta a bhfuil dáta foirceanta na tionóntachta caite, agus an tionónta/na tionóntaí tar éis an teaghais a fhágáil.

Léiríonn Tábla 20 líon na bhFógraí Foirceanta a fuair an RTB ó Mheitheamh 2019 – 2021. Déantar é seo a mhiondealú ar an gcúis a rinne tiarnaí talún foráil d'eisiúint an Fhógra Foirceanta. Léiríonn sé, in 2021 gurb í an phríomhchúis a d'eisigh tiarnaí talún Fógra Foirceanta ná go raibh sé ar intinn acu an réadmhaoin a dhíol laistigh de naoi mí ón dáta foirceanta. Tá sé seo comhsheasmhach le 2019 agus 2020.

**Tábla 20**

**Líon na bhfógraí foirceanta a fuair an RTB arna miondealú de réir na Cúise a Eisiódh 2019 - 2021, de réir Minicíochtaí agus Céatadain\***

An Cineál Fógra Foirceanta	Meitheamh-Nollaig 2019		2020		2021	
	Líon	%	Líon	%	Líon	%
Tá sé beartaithe ag an tiarna talún an réadmhaoin a dhíol laistigh de 9 mhí ón dáta foirceanta	367	54%	897	47%	1,823	60.0%
Tá sé ar intinn ag tiarna talún nó ball teaghlaigh bogadh isteach sa réadmhaoin	134	20%	481	25%	691	23%
Sárú oibleagáidí tionónta	130	19%	348	18%	298	10%
Tá sé beartaithe ag an tiarna talún athchóiriú suntasach a dhéanamh ar an réadmhaoin cíosa a chiallaíonn nach mór an teaghais a dhíchur	11	2%	51	3%	72	2%
Críoch a chur le tionóntacht sula gcuirtear tús le tionóntacht Chuid 4/tuilleadh de Chuid 4	17	3%	62	3%	66	2%
Ní oireann an réadmhaoin ar cíos do riachtanais chóiríochta an tionónta níos mó	7	1%	33	2%	54	2%
Tá sé beartaithe ag an tiarna talún úsáid na réadmhaoine ar cíos a athrú	4	1%	10	1%	11	0.4%
Sonraí ar Iarraidh	7	1%	20	1%	23	1%
<b>Iomlán</b>	<b>677</b>	<b>100%</b>	<b>1,902</b>	<b>100%</b>	<b>3,038</b>	<b>100%</b>

**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadadh luach na sonraí.

\* Mar gheall ar shlánú, ní gá go mbeadh an céatadán cothrom le 100%.



## Cad é todhchaí Taighde agus Sonraí RTB?

Tá an RTB tiomanta d'fhianaise a sholáthar a bheidh mar bhonn eolais d'fhorbairt beartas chun tacú le hearnáil cíosa chónaithe a fheidhmíonn go maith. Éascaíonn an RTB an tiomantas seo trí chlár taighde RTB a sheachadadh. Tá an RTB ag leanúint ar aghaidh ag cur lena chumais taighde agus anailíse sonraí trí fhorbairt a dhéanamh sna réimsí seo a leanas:

- In 2021, sheol an RTB córas bainistíochta tionóntachta athdheartha chun clárú tionóntachtaí go bliantúil a éascú, i measc spriocanna eile. Ciallaíonn an teaghlaim de chlárú bliantúil agus córas bainistíochta tionóntachta athdheartha an RTB go gcuirfear go mór le cáilíocht na sonraí agus cumais anailíse sonraí amach anseo. Éascóidh sé seo leathnú amach anseo ar an bhfaisnéis a bheidh ar fáil ar Mhol Taighde agus Sonraí an RTB.
- In 2022, cuirfidh an RTB tús leis an dara céim de thionscadal suirbhé na hearnála cíosa. Cuirfidh an taighde faisnéis cothrom le dáta ar fáil maidir le tiarnaí talún, tionóntaí agus gníomhairí ligin, atá ina gcónaí agus ag feidhmiú san earnáil phríobháideach ar cíos. Leanfaidh sé seo ón taighde a foilsíodh in 2021 agus cuideoidh sé leis an RTB treochtaí atá ag teacht chun cinn san earnáil a aithint.
- Leanfaidh an RTB ag roinnt sonraí ar an earnáil cíosa agus ag comhoibriú le heagraíochtaí eile chun cabhrú le tuiscint na hearnála cíosa cónaithe a fheabhsú.



# 5

## Conas a Chinntíonn an RTB Dea- Rialachas



# Réamhrá

**Tá an RTB tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a chothabháil agus ina leith seo cloíonn sé leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.**

Is é an ról atá ag Bord an RTB ná treoir straitéiseach agus maoirseacht straitéiseach a chur ar fáil don eagraíocht. Leagann amach an Bord cuspóirí straitéiseacha, a gcuireann an Stiúrthóir agus an fhoireann feidhmiúcháin iad i bhfeidhm, agus déanann an Bord príomhchinntí straitéiseacha agus caiteachais ar ábhair ghnó de réir mar a thagann siad chun cinn.. Cuireann an Stiúrthóir an plean straitéiseach, gach plean gnó bliantúil i bhfeidhm, agus bainistíonn sé an eagraíocht ar leibhéal oibríochta, ag tuairisciú go míosúil don Bhord. Mar chomhlacht stáit, tá oibleagáidí áirithe reachtaíochta ag an RTB a thuairiscítear sa chaibidil seo, lena n-áirítear comhlíonadh na nEitic san Oifig Phoiblí, Íocaíochtaí Pras, agus forálacha Nochtadh Cosanta. Tuairiscíonn an RTB freisin ar ár n-oibleagáidí cánachais, cosanta sonraí agus rialachais sa chaibidil seo Leagann an Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Bhoird amach freagrachtaí, comhdhéanamh agus gníomhaíochtaí an Bhoird agus Choistí an Bhoird agus tá príomh-nochtadh faisnéise ann faoi gníomhaíochtaí an RTB i rith 2021.

Faoi dheireadh, is tuarascáil chuimsitheach iad na Ráitis Airgeadais Iniúchta agus an Ráiteas ar Rialú Inmheánach ar ghníomhaíochtaí airgeadais agus ar an timpeallacht rialaithe laistigh den RTB i rith na bliana.



# Ár gComhaltaí Boird

## Tom Dunne

Cathaoirleach

## Audry Deane

Comhalta Boird

Rinne an tAire Audry Deane a athcheapadh le haghaidh dara téarma ar an mBord a chríochnóidh ar an 22 Aibreán 2026.

## James Doorley

Comhalta Boird

Rinne an tAire James Doorley a athcheapadh le haghaidh dara téarma ar an mBord a chríochnóidh ar an 22 Aibreán 2026.

## Julia Carmichael

Comhalta Boird

## Paddy Gray OBE

Comhalta Boird

Rinne an tAire Paddy Gray a athcheapadh le haghaidh dara téarma ar an mBord a chríochnóidh ar an 30 Iúil 2026.

## Justin O'Brien

Comhalta Boird

Rinne an tAire Justin O'Brien a athcheapadh le haghaidh dara téarma ar an mBord a chríochnóidh ar an 30 Meitheamh 2026

## Mary O'Donovan

Comhalta Boird

## Patricia O'Sullivan Lacy

Comhalta Boird

## Colin Potts

Comhalta Boird

## Paul White

Comhalta Boird

Rinne an tAire Paul White a athcheapadh le haghaidh dara téarma ar an mBord a chríochnóidh ar an 30 Meitheamh 2026.

# Acmhainní & Comhlíonadh RTB

## Struchtúr na hEagraíochta agus an Soláthar Foirne

Tá Stiúrthóir an RTB freagrach as ceannaireacht, treo straitéiseach agus bainistíocht na heagraíochta. Bhí Stiúrthóir Eatramhach RTB, Pádraig McGoldrick, i gceannas ar fhoireann bainistíochta sinsearach na heagraíochta i 2021 a raibh naonúr Stiúrthóirí Cúnta ann, a bhí freagrach as gach ceann de réimsí gnó na heagraíochta.

### Lucia Crimin

Ceannasaí Imscrúduithe agus Smachtbhanna

### Claire Diggins

Ceannasaí Tionscadal Straitéiseach agus Soláthair

### Carmel Diskin

Ceann Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha agus Comhlíonta

### Janette Fogarty

Ceannasaí um Fhorfheidhmiú agus Gnóthaí Dí

### Caren Gallagher

Ceannasaí Cumarsáide agus Taighde

### Bryan Kelly

Ceannasaí Airgeadais, Rialachais agus Bainistíocht Riosca

### Pádraig McGoldrick\*

Stiúrthóir Eatramhach

### Clodagh Memery

Ceannasaí Clárúcháin, Seachfhoinsithe & Seirbhís do Chustaiméir

### Emer Morrissey

Ceann Gníomhach na Seirbhísí Réitigh Díospóidí

### Brinsley Sheridan

Ceannasaí TFC

\* Cheadaigh an Bord ceapachán Pádraig McGoldrick mar Stiúrthóir Eatramhach ar an RTB an 1 Márta 2020 ar éirí as an iar-Stiúrthóir agus go dtí go gceapfaí Stiúrthóir nua.

Le roinnt blianta anuas, tá athrú agus leathnú suntasach tagtha ar an RTB, agus mar eagraíocht, leanadh ar aghaidh chun freastal ar riachtanais a páirtithe leasmhara. In 2021, fuair an RTB ceadú ar dhá phost eile, rud a d'fhág go raibh líon iomlán na bpost ceadaithe go 107. Thug an eagraíocht faoi fheachtais earcaíochta ar leibhéal an Rúnaí Cúnta, Ardoifigigh Feidhmiúcháin agus an Oifigigh Feidhmiúcháin i rith 2021.

I dtreo dheireadh 2021, líonadh an chuid is mó de na folúntais foirne a bhí ann agus cuireadh baill foirne nua ar bord san eagraíocht go rathúil. Tá sé mar aidhm ag an RTB, trína mheicníochtaí earcaíochta agus oiliúna, fórsa saothair dinimiciúil a bheith acu ar fud gach cuid den eagraíocht a bhfuil réimse leathan scileanna agus taithí acu a bhaineann le hobair na heagraíochta.

Chomh maith le hearcaíocht foirne a rinneadh i rith na bliana, chríochnaigh an RTB a fheachtas earcaíochta do phainéal Breithiúna agus do phainéal Idirghabhálaithe a cheaptar faoi na hAchtanna Tionóntachtaí Cónaithe. Is conraitheoirí neamhspleácha iad Breithneoirí agus Idirghabhálaithe a sholáthraíonn Seirbhísí Réitigh Díospóide don RTB, de réir mar is gá. Cuireadh an feachtas i gcrích go luath i 2021 agus rinneadh ceapacháin ar na painéil seo go gairid ina dhiaidh sin.

## Oiliúint

Ionas go mbainfidh an RTB a chuspóirí straitéiseacha amach, tá sé ríthábhachtach go mbeidh fórsa saothair ardoilte agus tiomanta san eagraíocht. Is tosaíocht de chuid na heagraíochta, dá bhrí sin, oiliúint agus forbairt fhoireann an RTB. Úsáideann an RTB an Córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta (PMDS), ar próiseas foirmiúil é chun cuspóirí oibre agus feidhmíochta a mheas chun riachtanais forbartha a shainaithint. Cuirtear tacaíocht ar fáil do bhaill foirne atá ag tabhairt faoin oideachas foirmiúil in ábhair a bhaineann lena gcuid oibre trínár Scéim Aisíocaíochta Táillí agus trí thionscnaimh oiliúna bhreise. Mar gheall ar shrianta COVID-19, bhí an chuid is mó d'fhoireann an RTB ag obair ón mbaile i rith 2021. Mionathraíodh tionscnaimh oiliúna agus forbartha mar sin ionas go bhféadfadh baill foirne rochtain a fháil orthu siúd ar líne. Thug an fhoireann faoi raon leathan cúrsaí oiliúna in 2021.

## An Fholláine

Tá an RTB tiomanta don chothromaíocht oibre agus saoil agus don fholláine a spreagadh i measc a fhoirne.

Le blianta anuas, mar thoradh ar thionchar COVID-19 ar chleachtais oibre chuir an RTB fócas suntasach ar thacaíocht agus ar chur chun cinn folláine foirne. I measc na dtionscnamh a bhí curtha i gcrích, rolladh amach faisnéise agus seimineáir ghréasáin bheo ar réimsí mar fholláine choirp, féinfheasacht, bainistíocht ama, féinchúram, cumarsáid éifeachtach, folláine phearsanta, bainistíocht struis, cothromaíocht saoil is oibre agus bainistíocht airgeadais phearsanta. Ina theannta sin, maoiníonn an RTB Clár Cúnaimh Fostaithe (EAP) d'fhoireann a sholáthraíonn rochtain ar chomhairleoireacht agus ar fhaisnéis; bronnadh conradh nua maidir leis an tseirbhís seo in 2021.

## Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí

Ceanglaítear le hAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 ar gach comhlacht poiblí an comhionannas a chur chun cinn, an t-idirdhealú a chosc agus cearta daonna a foirne agus a chustaiméirí araon a chosaint. Dualgas Comhionannais san Earnáil Phoiblí agus Chearta an Duine a thugtar ar an dualgas seo, agus is oibleagáid dlíthiúil atá ann.

Tá an RTB tiomanta do dhualgas Comhionannais agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí a chomhlíonadh chun a chinntiú go ndéantar comhionannas agus cearta an duine a mheas ina chuid oibríochtaí ó lá go lá. Éilíonn an Dualgas Earnála Poiblí ar chomhlachtaí poiblí bogadh níos faide ná cur chuige imoibríoch i leith saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine agus cur chuige réamhghníomhach a shaothrú, agus é mar aidhm idirdhealú san ionad oibre a sheachaint agus saincheisteanna cearta daonna a chur chun cinn níos mó. In 2021, chuir an RTB an tionscadal seo chun cinn le bunú Coiste Stiúrtha, cruthú Plean Gníomhaíochta agus trí oiliúint Inrochtaineachta agus Feasacht Míchumais.

Tá freagracht ar an gCoiste Stiúrtha, ar a bhfuil ionadaí ó gach aonad gnó laistigh den RTB, a chinntiú go dtugann gníomhaíochtaí gach réimse laistigh den RTB aird a thabhairt ar cheanglais Dhualgais na hEarnála Poiblí, chomh maith le haird a tharraingt ar shaincheisteanna agus réimsí a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu agus a chinntiú go gcuirtear gníomhaíochtaí pleanáilte i bhfeidhm.

Is é aidhm an Phlean Gníomhaíochta aird a tharraingt ar réimsí ar féidir aghaidh a thabhairt orthu maidir le Cearta an Duine agus Comhionannas. Cuimsíonn an plean seo moltaí freisin agus sannann sé gníomhartha agus frámaí ama soiléire lena chinntiú go ngineann an tionscadal seo fíor-athrú.

Rinneadh Oiliúint Inrochtaineachta i R2 2021. Thug an oiliúint seo tuiscint ar phríomhchritéir chun eagraíocht agus a seirbhísí a dhéanamh inrochtana go hiomlán d'úsáideoirí go léir, a foláionn rochtain ar fhaisnéis, ag tógáil timpeallacht inrochtana, agus inrochtaineacht fostaíochta agus seirbhísí do chustaiméirí.

Rinneadh Oiliúint Feasachta Míchumais i R3 2021. Ba é aidhm na hoiliúna seo oideachas a chur ar rannpháirtithe maidir le croí-ghnéithe de shaincheistanna a bhaineann le míchumas agus míchumas.

## Nochtadh Cosanta

Ceanglaíonn an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a cothabháil chun déileáil le nochtadh cosanta, agus faisnéis scríofa a sholáthar a bhaineann leis na nósanna imeachta seo d'fhostaithe. I rith 2021, ní dharna aon fhostaí an RTB aon nochtadh cosanta faoi théarmaí na reachtaíochta seo.

## Beartas um an Dínit ag an Obair

Tá an RTB tiomanta do dhínit agus meas a chosaint ar fud na heagraíochta agus cloíonn sé leis an mbeartas um Dhínit ag an obair a d'fhorbair an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2015. Tá sé mar aidhm ag an mbeartas meas, dínit, sábháilteacht agus comhionannas a chur chun cinn san ionad oibre.

## Oifigeach Rochtana

Tá an tOifigeach Rochtana freagrach as cúnamh agus treoir a sholáthar nó a eagrú, agus as iad sin a chomhordú, do dhaoine faoi mhíchumais a bhíonn ag iarraidh seirbhísí a rochtain arna soláthar ag an RTB agus chun gníomhú go ginearálta mar phointe teagmhála do dhaoine faoi mhíchumais ar mian leo rochtain a fháil ar ár seirbhísí. Fuair an RTB 9 iarratais den sórt sin i 2021.

## Eitic in Oifigí Poiblí

Tagann an RTB faoi raon feidhme an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 agus tá nósanna imeachta glactha aige chun na hAchtanna seo a chomhlíonadh. Nuair is gá, tá ráitis leasa curtha i gcrích ag comhaltaí an Bhoird agus ag an mbainistíocht shinsearach i gcomhlíonadh fhorálacha na hAchtanna.

Iarrtar ar chomhaltaí an Bhoird aon choinbhleachtaí leasa féideartha a fhógairt ag tús gach cruinnithe Boird agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun leasanna a nochtadh go leanúnach.

## Íocaíochtaí pras

Tá an RTB feasach ar a chuid freagrachtaí faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, agus an Rialachán um Íoc Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála, 2002, agus tá nósanna imeachta bunaithe aige chun a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí de réir na rialacháin seo. Níor íoc an RTB aon ús ná pionóis a bhain le sonraisc a íocadh go déanach in 2021. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm san RTB freisin chun a áirithiú gur chomhlíonann sé gnéithe ábhartha uile an Chóid Chaiteachas Poiblí.

## Cáin

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an RTB chun a chinntiú go gcomhlíonann sé a chuid oibleagáidí faoin dlí cánachais agus go n-íoctar gach dliteanas chánachais ar nó roimh a ndátaí dlite.

## Soláthar

Dhírigh an RTB ar a chumas soláthair agus bainistíochta conartha a sheachadadh agus a fheabhsú in 2021. Leanann an RTB chun freagracht a ghlacadh as maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar bhainistíocht na ngníomhaíochtaí soláthair, chun a chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht nósanna imeachta soláthair náisiúnta agus AE.

I rith na bliana, críochnaíodh roinnt nósanna imeachta suntasacha soláthair agus cuireadh tús leo agus an Bord agus/nó an Stiúrthóir Eatramhach ag faomhadh sé chonradh nua agus trí athnuachan a dhéanamh ar thrí chonradh nua do na seirbhísí seo a leanas:

### Conarthaí nua

1. Soláthar Seirbhísí Athbhreithnithe Cóid don Tairseach um Chlárú Tionóntachta Ar Líne (córas clárúcháin athdheartha)
2. Soláthar Seirbhísí Aistriúcháin Gaeilge
3. Soláthar Seirbhísí Bainistíochta Clár, Tionscadal agus Punainne
4. An tAthbhreithniú ar Phróiseas Gnó a Sholáthar
5. Soláthar Seirbhísí Comhairliúcháin chun Straitéis Fórsa Saothair a fhorbairt
6. Soláthar Seirbhísí Priontála Bainistithe

## Binse Cíosa

Ba é an Binse Cíosa, a bunaíodh i Lúnasa 1983, an comhlacht eadrána maidir le cíos agus téarmaí eile tionóntachta teaghaisí a chinneadh a bhí faoi rialú cíosa roimhe seo faoi na hAchtanna Srianata Cíosa 1960-1981.

In 2016, dhíscaoil an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an Binse Cíosa agus aistríodh a fheidhmeanna chuig an RTB. Tá gach comhalta boird den RTB ina gcomhaltaí den Bhinse Cíosa. In 2021, ní raibh aon iarratas ná éisteachtaí ón mBinse Cíosa

## Fiosrúcháin Chomhaltaí an Oireachtais

Tá bosca isteach ainmnithe ag an RTB do chomhaltaí an Oireachtais In 2021, fuair an RTB 116 fiosrúcháin, sin méadú 35% ar an líon a fuarthas in 2020 (féach Tábla 21).

**Tábla 21**

### Fiosrúcháin Chomhaltaí an Oireachtais 2018 - 2021, de réir Minicíochtaí

Bliain	2018	2019	2020	2021
Líon Fiosrúcháin Chomhaltaí Oireachtais a Faightear in aghaidh na Bliana	35	42	86	116

**Nóta:** De réir minicíochtaí, ciallaíonn sé an líon uaireanta ar tharla/ar taifeadadh luach na sonraí.

## Cosaint Sonraí agus GDPR

Mar rialaitheoir sonraí a phléann le méideanna móra sonraí, tá an RTB dáiríre faoi príobháideachas úsáideoirí a seirbhísí, ár bhfoirne agus ár bpáirtithe leasmhara. Tá roinnt nósanna imeachta agus beartas i bhfeidhm chun a chinntiú go seastar le cearta na n-ábhar sonraí. Tá na beartais seo faoi athbhreithniú leanúnach.

Comhpháirt mhór amháin de ghníomhaíochtaí príobháideachta na heagraíochta in 2021, ba ea 'Cosaint Sonraí trí Dhearadh' a chomhtháthú i ngach tionscadal RTB, mar chuid den phróiseas Bainistíochta Tionscadal. Rinneadh roinnt Measúnuithe Tionchair Príobháideachta Sonraí (DPIAanna) in 2021, lena n-áirítear DPIA maidir le hathrú reachtach a chur chun feidhme. Déanann DPIAanna measúnú ar rioscaí príobháideachta agus tá sé mar aidhm acu comhlíonadh a chomhtháthú i ngach gníomhaíocht próiseála nua.

Cé gur oibrigh an fhoireann go cianda, thacaigh an RTB leis an eagraíocht chun a chinntiú go raibh rochtain ar sheirbhísí an RTB slán agus faoi rún.

Leanadh le gníomhaíochtaí feasachta foirne mar chuid den phlean freagartha COVID-19, go háirithe maidir le sárú sonraí a chosc agus an tábhacht a bhaineann le cosaint sonraí agus iad ag obair go cianda.

Is cuid riachtanach den chlár um chosaint sonraí í an oiliúint. Is gealltanais leanúnach é oiliúint na foirne reatha chun feasacht phríobháideacht marthanach a chinntiú. Thug gach ball foirne reatha faoi oiliúint athnuachana ar chosaint sonraí in 2021 agus thug gach ball foirne nua faoin oiliúint mar chuid den chlár bordála. Chríochnaigh Ardoifigigh Feidhmiúcháin go léir oiliúint ar Chosaint Sonraí trí Dhearadh. Chríochnaigh foireann an RTB oiliúint ar Mheasúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí i gcrích. Cuireadh oiliúint GDPR ar fáil do na painéil nua de Bhreithneoirí agus de Idirghabhálaithe a ceapadh in 2021.

In 2021, fuair an RTB 108 fiosrúcháin cosanta sonraí, 42 iarratas Rochtana Ábhar, agus 31 iarratas ar scríosadh sonraí agus ar cheartú sonraí.

## Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

I rith 2021, rinne an RTB athbhreithniú agus d'fhoilsigh an loga nocht um Shaoráil Faisnéise faoin Scéim Foilsithe um Shaoráil Faisnéise ar láithreán gréasáin an RTB. Cuireann an scéim ar chumas an phobail rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann le seirbhísí, beartais, airgeadas, soláthar agus faisnéis eile den RTB. In 2021, dhéileáil an RTB le 78 iarratas um Shaoráil Faisnéise.

Ní bhfuarthas aon iarratais faoi na rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol in 2021.

## COVID-19 (Coróinvíreas)

Ós rud é go gcuireann an RTB ar a 'gcumas riaradh an cheartaí', meastar gur seirbhís riachtanach í a d'fhan oscailte le linn na paindéime COVID-19. Lean an RTB ar aghaidh trí 2021 agus d'oibrigh formhór na foirne go cianda de réir chomhairle an Rialtais.

De réir mar a d'athraigh srianta agus treoir le linn 2021, d'fhreagair an RTB go cuí, ag coigeartú na mbeart rialaithe agus sábháilteachta maidir le tinreamh fisiciúil don fhoireann RTB agus dóibh siúd a fhreastalaíonn ar éisteachtaí.

Lean an RTB de bheith á threorú ag comhairle sláinte poiblí. Bhí sláinte agus sábháilteacht fhoireann agus cuairteoirí an RTB thar a bheith tábhachtach i gcónaí.

# Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

<b>Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird</b>	57
<b>Ráiteas ar Rialú Inmheánach</b>	69
<b>Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas &amp; Ciste</b>	75
<b>Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas &amp; Cúlchistí Ioncaim Coinnithe</b>	78
<b>An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach</b>	79
<b>Ráiteas ar Staid an Airgeadais</b>	80
<b>Ráiteas ar na Sreafaí Airgid</b>	81
<b>Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais</b>	82



# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## An Rialachas

Bunaíodh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (“RTB”) faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (2004) (“an tAcht”). Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach i gCuid 8 den Acht. Tá an Bord freagrach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta agus tá sé freagrach as go n-áirítear an dea-rialachas san RTB. Feidhmíonn an Bord an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos don eagraíocht agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le príomhchúrsaí gnó uile.

Tá bainistíocht laethúil, rialú agus treorú an RTB faoi fhreagracht Stiúrthóir an RTB agus a fhoirne ardbhainistíochta. Leanann an Stiúrthóir agus an fhoireann atá aige an treo leathan straitéiseach arna leagan síos ag an mBord agus cinntíonn siad go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar shaincheisteanna na heagraíochta, ar chineálacha na gcinntí nach mór don Bhord a dhéanamh, agus ar na rioscaí suntasacha uile atá os comhair na heagraíochta. Gníomhaíonn Stiúrthóir an RTB mar idirghabhálaí díreach idir an mBord agus lucht bainistíochta an RTB agus tá líne thuairiscithe aige chuig Cathaoireach an Bhoird.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i dtéarmaí tagartha an Bhoird agus sa sceideal gnóthaí atá forchoimeáda go sainiúil le haghaidh chinneadh an Bhoird. Go ginearálta corpraítear leo sin na feidhmeanna atá dílsithe sa Bhord faoin Acht, cinntí rialachais amhail ceapadh chomhaltaí an Bhoird nó faomhadh beartas, príomhchinntí straitéiseacha agus airgeadais amhail faomhadh pleananna, nó gealladh acmhainní suntasacha, agus maoirseacht ar riosca maidir le gníomhaíochtaí an RTB.

Tá an RTB freagrach as reachtaíocht agus beartas an Rialtais a bhaineann leis an earnáil tithíochta cónaithe ar cíos a chur i bhfeidhm go díreach. Tá ról gar-bhreithiúnach agus rialála aige agus tá sé neamhspleách sna feidhmeanna cinnteoireachta dá chuid. Mar sheirbhís ghar-bhreithiúnach, déanann an Bord tiomantas suntasach maidir le cinntí áirithe a mhaoirsiú. Mar aon leis na cruinnithe míosúla dá chuid, tionóltar an Bord chun cinntí a bhreithniú d'fhonn a ról gar-bhreithiúnach a chomhlíonadh.

Le linn 2021, tháinig an Bord le chéile 32 uair (37 in 2020), le haghaidh gnáthchruinnithe boird agus i gcruinnithe chun plé le cúrsaí a bhain lena ról gar-bhreithiúnach. Thionóil an Bord 11 ghnáthchruinniú Boird agus 21 chruinniú an Bhoird um Dhíospóidí Tionóntachta. Áirítear le buanmhíreanna a bhreithníonn an Bord ag gach gnáthchruinniú Boird dearbhuithe leasanna chomhaltaí an Bhoird, bainistíocht riosca, cúrsaí airgeadais, tuarascáil ón Stiúrthóir, comhaltas an Bhoird agus Coistí, miontuairiscí cruinnithe, agus tuarascálacha ó Choistí.

Ceanglaíonn Alt 177 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (2004) do Bhord an RTB go coimeádann sé gnáthcuntais chúí d'airgead a fhaigheann agus a chaitheann sé agus a d'fhéadfadh a bheith formheasta ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta le toil an Aire Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á réiteach, ceanglaítear an méid a leanas ar an RTB:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad sin a chur i bhfeidhm i gcónaí
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn atá ar siúl, ach amháin más rud é go mbeadh sé neamhoiriúnach go gceapfaí go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- a lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin cuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntas leordhóthanacha a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le hAlt 177-179 den Acht. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus as ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin an RTB.

Tá an Bord freagrach as plean gnó bliantúil agus buiséad bliantúil an RTB a fhaomhadh agus as monatóireacht leanúnach ar fheidhmíocht. I rith 2021 rinne an Bord meastóireacht ar fheidhmíocht an RTB i gcoinne an bhuiséid agus fuair sé tuarascálacha rialta ón bhfoireann bainistíochta Feidhmiúcháin maidir le feidhmíocht gach rannóige i gcoinne a plean gnó. Rinne an Bord athbhreithniú foirmiúil ar an toradh airgeadais deiridh agus ar an bhfeidhmíocht i gcoinne phlean gnó 2021 ag an gcruinniú dá chuid an 14 Aibreán 2022.

Tá an Bord freagrach chomh maith as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh, dá bhrí sin, chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir leis na ráitis airgeadais an RTB ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe amhail an 31 Nollaig 2021.

## Struchtúr an Bhoird

Is éard atá sa Bhord ná Cathaoirleach agus suas go dtí 11 gnáthchomhalta, agus gach duine díobh ceaptha ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta. Ceapadh comhaltaí an Bhoird le haghaidh tréimhsí athraitheacha agus tagann siad le chéile ar bhonn míosúil. Tá faisnéis um cheapacháin le haghaidh chomhaltaí an Bhoird le linn na bliana féilire 2021 sonraithe sa tábla ar an gcéad leathanach eile. D'athcheap an tAire Audry Deane, James Doorley, Justin O'Brien, Paul White agus Paddy Gray do dhara téarma ar an mBord a chríochnóidh in 2026.

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí ceathrar ban (40%) agus seisear fear (60%) ag fónamh ar an mBord, le dhá fholúntas ann. Mar sin, comhlíonann an Bord an sprioc atá leagtha síos ag an Rialtas maidir le go léireofar hionadaíocht 40% ar a laghad den dá inscne i gcomhaltaí mBord Stáit.

Is chun an chothromaíocht inscne a chothabháil, agus chun í a thacú ar an mBord seo atá na bearta seo a leanas dréachta chun:

- Tarraingeofar aird an Aire ar an sprioc atá ag an Rialtas ionadaíocht 40% den dá inscne a bhaint amach ar gach uile Bhord Stáit nuair a dhéantar aighneachtaí le haghaidh ceapachán ar an mBord.
- Tarraingeofar aird an Aire ar mheascán inscne an Bhoird faoi láthair nuair a dhéantar aighneachtaí le haghaidh ceapachán ar an mBord.

Tá comhdhéanamh agus téarmaí ceapacháin an Bhoird leagtha amach sa tábla ar an gcéad leathanach eile.

An 13 Eanáir 2022, chinn an Bord go ndéanfaí meastóireacht sheachtrach ar a éifeachtacht féin le linn 2021 i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) ("Cód 2016").

Comhalta an Bhoird	Ról	Téarma Oifige ar an mBord
Tom Dunne	Cathaoirleach	01 Deireadh Fómhair 2019 – 31 Lúnasa 2024
Mary O'Donovan	Comhalta an Bhoird	01 Iúil 2020 – 30 Meitheamh 2024
Paul White	Comhalta an Bhoird	01 Iúil 2021 – 30 Meitheamh 2026
Justin O'Brien	Comhalta an Bhoird	01 Iúil 2021 – 30 Meitheamh 2026
Paddy Gray	Comhalta an Bhoird	01 Lúnasa 2021 - 30 Iúil 2026
Julia Carmichael	Comhalta an Bhoird	01 Nollaig 2017 – 30 Samhain 2022
Audry Deane	Comhalta an Bhoird	23 Aibreán 2021 – 22 Aibreán 2026
James Doorley	Comhalta an Bhoird	23 Aibreán 2021 – 22 Aibreán 2026
Patricia O'Sullivan Lacy	Comhalta an Bhoird	22 Iúil 2019 – 21 Iúil 2023
Colin Potts	Comhalta an Bhoird	22 Iúil 2019 – 21 Iúil 2023

## Coistí an Bhoird

Cuidíonn líon Coistí Boird leis an mBord ina ról maoirseachta ina gcuimsítear comhaltaí boird agus comhaltaí seachtracha ag a bhfuil saineolas ábhair i réimsí freagrachta faoi seach na gCoistí. Leagann an Bord de chúram ar na Coistí sin machnamh grinn a dhéanamh ar ábhair áirithe agus soláthraíonn siad comhairle chun cuidiú le cinnteoireacht an Bhoird. Scaiptear miontuairiscí ó chruinnithe Choistí an Bhoird ar an mBord chun é a choinneáil ar an eolas maidir le hobair na gCoistí.

Déanann an Bord athbhreithniú tréimhsiúil ar Choistí an Bhoird chun a n-éifeachtacht a bhreithniú i gcoinne na dtéarmaí tagartha dá gcuid. Le linn 2021 bhí na Coistí Boird a leanas i bhfeidhm ag an mBord:

- > An Coiste Iniúcháireachta & Riosca
- > An Coiste Reachtaíochta
- > An Coiste Taighde
- > Coiste Dearbhaithe Tionscadail RTB360
- > An Choiste um Alt 189

I rith na bliana níor aisíocadh ach comhalta coiste amháin as freastal ar chruinnithe coiste. Fuair Christine Whitehead €1,372 as freastal ar sheacht gcruinniú de chuid an Choiste Taighde le linn 2018 (2), 2019 (2), agus 2020 (3).

## An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Cuimsítear ceathrar comhaltaí den Bhord leis an gCoiste Iniúcháireachta & Riosca (“ARC”) mar aon le beirt bhall seachtrach ag a bhfuil scileanna agus taithí fheidhmiúcháin ar bhainistíocht riosca, rialachas, agus airgeadas. Thionóil an CIR ceithre chruinnithe le linn 2021.

Tuairiscíonn CIR don Bhord tar éis gach cruinniú. Scaiptear páipéir agus miontuairiscí chruinnithe ARC ar an mBord tar éis gach cruinniú. Amhail an 31 Nollaig 2021, ba iad baill an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca: Comhaltaí an Bhoird Julia Carmichael (Cathaoirleach), Mary O'Donovan, Paul White, & Colin Potts, agus comhaltaí seachtracha Shane O'Keeffe, agus Catherine Comer. D'éirigh Paul Dunne as an ARC le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2021 agus tháinig Catherine Comer ina ionad le héifeacht ón 14 Deireadh Fómhair 2021.

Seo thíos sceideal tinrimh an Choiste le linn 2021 ar an tábla ag seo a leanas.

Comhalta an Choiste	Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
<b>Cruinnithe a Tionóladh</b>	<b>4</b>
Julia Carmichael – Bord	4
Mary O'Donovan – Bord	4
Paul White – Bord	3
Colin Potts – Bord	4
Shane O' Keeffe – Seachtrach	4
Paul Dunne – Seachtrach (D'éirigh as 1 Deireadh Fómhair 2021)	0
Catherine Comer - Seachtrach	1

## An Coiste Reachtach

Cuirtear de shainchúram ar an gCoiste Reachtach chun cuidiú leis an mBord maidir le gnóthaí dlíthiúla agus reachtacha a bhreithniú. Tá triúr comhaltaí Boird agus ceathrar comhaltaí seachtracha ar an gCoiste Reachtach. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste Reachtach le linn 2021.

Amhail an 31 Nollaig 2021, ba iad baill an Choiste Reachtach: Comhaltaí an Bhoird Patricia O'Sullivan Lacy (Cathaoirleach), Justin O'Brien, & Julia Carmichael, agus comhaltaí seachtracha Maeve Hogan, Karen Murphy, Laura Farrell agus Padraic Kenna. Seo thíos sceideal tinrimh an Choiste le linn 2021 ar an tábla ag seo a leanas.

Comhalta an Choiste	Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
<b>Cruinnithe a Tionóladh</b>	<b>2</b>
Patricia O'Sullivan Lacy - Bord	2
Justin O'Brien – Bord	2
Julia Carmichael – Bord	1
Maeve Hogan – Seachtrach	2
Karen Murphy – Seachtrach	2
Laura Farrell – Seachtrach	2
Padraic Kenna – Seachtrach	2

## An Coiste Taighde

Soláthraíonn an Coiste Taighde treoir straitéiseach agus maoirseacht le haghaidh clár taighde an RTB a fhorbairt agus a sheachadadh agus tháinig sé le chéile cúig huaire le linn 2021. Ba iad comhaltaí an choiste amhail an 31 Nollaig 2021 comhaltaí an Bhoird Paddy Gray (Cathaoirleach), Justin O'Brien, Audry Deane agus James Doorley, agus ba iad na comhaltaí sheachtracha John McCartney, Lorcan SIRR, Christine Whitehead agus John McCartney. Le linn na bliana fuair Christine Whitehead €1,372 as freastal ar sheacht gcruinniú de chuid an Choiste Taighde le linn 2018 (2), 2019 (2), agus 2020 (3).

Comhalta an Choiste	Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
<b>Cruinnithe a Tionóladh</b>	<b>5</b>
Paddy Gray – Bord	5
Justin O'Brien - Bord	4
Audry Deane - Bord	5
James Doorley – Bord	3
John McCartney – Seachtrach	5
Lorcan SIRR – Seachtrach	5
Christine Whitehead - Seachtrach	5
Niamh Santry - Seachtrach	4

## Coiste Dearbhaithe Tionscadail RTB360

Chuir an Bord Coiste Dearbhaithe Tionscadail RTB360 ar bun le linn 2020 chun dearbhú a thabhairt don Bhorde maidir leis an dul chun cinn i dtaca le tionscadal RTB360, ar tionscnamh mór é ag an RTB chun córas nua bainistíochta caidrimh le custaiméirí a fhorbairt don eagraíocht. Tháinig an Coiste le chéile aon uair déag le linn 2021. Ba iad comhaltaí an choiste amhail an 31 Nollaig 2021 comhaltaí an Bhoird Paddy Gray (Cathaoirleach), Justin O'Brien agus Mary O'Donovan, agus ba iad Ken Jordan agus Aidan Keogh na comhaltaí sheachtracha.

Comhalta an Choiste	Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
<b>Cruinnithe a Tionóladh</b>	<b>11</b>
Paul White - Bord	10
Justin O'Brien - Bord	11
Mary O'Donovan - Bord	10
Ken Jordan - Seachtrach	10
Aidan Keogh - Seachtrach	11

## An Choiste um Alt 189

Tá an Coiste um Alt 189 comhdhéanta de chomhaltaí uile an Bhoird ar feadh a dtéarmaí oifige mar chomhaltaí an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe. Ní thagann sé le chéile ach amháin nuair a éilítear ag imthosca atá forordaithe in alt 189 den Acht chun a bhreithniú cé acu ba cheart nó nár cheart iarratas a dhéanamh ar na Cúirteanna le haghaidh faoiseamh idirbhreitheach i gcásanna díshealbhuithe mídhleathacha líomhnaithe ag tiarnaí talún. Tháinig an Coiste um Alt 189 le chéile trí huaire le linn 2021. Tá tinreamh chomhaltaí an Bhoird ag Coiste Alt 189 leagtha amach sa tábla dar teideal Tinreamh ag Cruinnithe agus Táillí agus Speansais Chomhaltaí an Bhoird in 2021 níos déanaí sa Ráiteas ar Rialachas seo.

## Sceideal de Tháillí, Tinreamh agus Speansais Chomhaltaí an Bhoird

Le linn 2021 íocadh €106,558 (€112,625 in 2020) le comhaltaí an Bhoird as a bhfreastal ar chruinnithe. Áirítear leis an méid sin táillí as freastal ar chruinnithe an Bhoird agus na gCoistí, as páirt a ghlacadh in imeachtaí oiliúna agus in agallaimh, agus as a gcuid dualgas a chomhlíonadh mar chomhaltaí an Bhoird. Is iad an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht a shocraíonn na táillí. Tá bonn na dtáillí do Chathaoirleach an RTB agus do chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa tábla thíos. Íoctar táillí ar bhonn pro rata nuair nach bhfuil ach bliain seirbhíse pháirteach ag an bhfaighteoir mar Chathaoirleach nó mar chomhalta an Bhoird.

Sceideal de Tháillí Chomhaltaí an Bhoird	Cathaoirleach	Comhalta
An méid bliantúil d'obair ar an mBord agus as freastal ar chruinnithe an Bhoird agus ar chruinnithe na gCoistí	€8,978	€5,985
An méid bliantúil do chruinnithe ina bhfeidhmíonn an Bord a chumhachtaí faoin Acht maidir lena ról gar-bhreithiúnach	€7,700	€5,250

Sna táblaí thíos agus ar an leathanach a leanas leagtar amach táillí agus speansais chomhaltaí an Bhoird a íocadh le haghaidh 2021 mar aon le tinreamh chomhaltaí an Bhoird ag cruinnithe le linn na bliana.

## Táillí & Speansais Chomhalta an Bhoird 2021

Comhalta Boird	Obair an Bhoird	Taisteal & Cothabháil TBD	Iomlán (Táillí & Speansais)
Tom Dunne	€16,678	€0	€16,678
Mary O'Donovan	€11,235	€0	€11,235
Justin O'Brien	€11,235	€0	€11,235
Paul White	€11,235	€0	€11,235
Paddy Gray	€11,235	€0	€11,235
Julia Carmichael	€0	€0	€0
Audry Deane	€11,235	€0	€11,235
James Doorley	€11,235	€0	€11,235
Patricia O'Sullivan Lacy	€11,235	€0	€11,235
Colin Potts	€11,235	€0	€11,235
<b>Iomlán</b>	<b>€106,558</b>	<b>€0</b>	<b>€106,558</b>

D'fhonn an prionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin' a chomhlíonadh, níor íocadh táillí Boird le Julia Carmichael.

D'fhonn treoirínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chomhlíonadh, aisíocadh suim iomlán de €0 le comhaltaí an Bhoird as speansais le haghaidh taistil agus cothaithe a tabhaíodh chun freastal ar chruinnithe agus ar oiliúint.

## Tinreamh agus Táillí & Speansais Chomhaltaí an Bhoird in 2021

Comhalta Boird	Cruinniú Boird	Cruinniú an Bhoird um Dhíospóidí	Cruinniú an Choiste um Alt 189	An Coiste Iniúcháireachta & Riosca	An Coiste Reachtaíochta	An Coiste Taighde	Dearbhaithe um RTB360	Iomlán (Táillí & Speansais)
<b>Cruinnithe a Tionóladh</b>	<b>11</b>	<b>21</b>	<b>3</b>	<b>4</b>	<b>2</b>	<b>5</b>	<b>11</b>	
Tom Dunne	11	20	3	-	-	-	-	€16,678
Mary O'Donovan	10	14	1	4	-	-	10	€11,235
Justin O'Brien	10	17	3	-	2	4	11	€11,235
Paul White	9	10	1	3	-	-	10	€11,235
Paddy Gray	11	20	2	-	-	5	-	€11,235
Julia Carmichael	11	7	0	4	1	-	-	€0
Audry Deane	11	15	2	-	-	5	-	€11,235
James Doorley	11	13	2	-	-	3	-	€11,235
Patricia O'Sullivan Lacy	10	19	2	-	2	-	-	€11,235
Colin Potts	11	20	3	4	-	-	-	€11,235
<b>Táillí Iomlán</b>								<b>€106,558</b>

## An Coiste um Réiteach Díospóide

Is é an Coiste um Réiteach Díospóide (“DRC”) an painéal as a dtarraingítear baill na Binsí Tionóntachta ar a mbíonn triúr ag freastal. Ós rud é nach féidir achomharc a dhéanamh i gcoinne cinntí Binse seachas amháin chun na hArd-Chúirte ar phointe dlí, comhlíonann baill an DRC feidhm gar-bhreithiúnach tábhachtach. Bhí 745 éisteacht Bhinse ann in 2021. Leithdháileann sceidealóir uathoibríoch na héisteachtaí ar dhuine den phainéal atá ar fáil, agus is féidir leis í a glacadh nó a dhiúltú. Leis an tábla thíos taispeántar íocaíochtaí le baill an Bhinse le haghaidh 2021.

### Táillí Chomhaltaí an Bhinse 2021

Ainm	Táillí	Oiliúint	Iomlán
Andrew Nugent	€37,396	€196	€37,592
Anne Leech	€23,467	€588	€24,055
Brian Murray	€25,207	€0	€25,207
Ciara Doyle	€28,959	€392	€29,351
Claire Millrine	€15,320	€588	€15,908
Dairine Mac Fadden	€35,180	€588	€35,768
Dervla Quinn	€49,711	€588	€50,299
Donald Menzies	€14,141	€980	€15,121
Elizabeth Maguire	€22,471	€588	€23,059
Eoin Byrne	€40,354	€588	€40,942
Finian Matthews	€40,166	€392	€40,558
Fintan McNamara	€25,876	€588	€26,464
Healy Hynes	€35,219	€588	€35,807
Helen Claire O'Hanlon	€30,272	€196	€30,468
Hugh Markey	€26,168	€588	€26,756
Jack Nicholas	€9,194	€0	€9,194
James Egan	€35,969	€392	€36,361
John Keane	€19,949	€588	€20,537
John Keaney	€26,425	€588	€27,013
Karen Ruddy	€35,757	€392	€36,149
Kevin Baneham	€19,918	€196	€20,114
Louise Moloney	€37,110	€392	€37,502
Mary Doyle	€34,242	€392	€34,634
Maureen Cronin	€29,279	€392	€29,671
Mervyn Hickey	€15,161	€0	€15,161
Michael Vallely	€22,996	€392	€23,388
Michelle O'Gorman	€35,284	€588	€35,872
Nesta Kelly	€1,701	€588	€2,289
Niall Buckley	€11,615	€0	€11,615

Ainm	Táillí	Oiliúint	Iomlán
Owen Donnelly	€15,153	€0	€15,153
Peter Shanley	€21,623	€196	€21,819
Roderick Maguire	€27,900	€196	€28,096
Rosemary Healy Rae	€22,125	€392	€22,517
Siobhan Phelan	€4,947	€392	€5,339
Suzu Quirke	€26,005	€392	€26,397
<b>Iomlán</b>	<b>€902,260</b>	<b>€13,916</b>	<b>€916,176</b>

## Painéal na mBreithneoirí & na n-Idirghabhálaithe

Is feidhm thábhachtach í de chuid an RTB seirbhís réitigh díospóidí a sholáthar do thiarnaí talún, do thionóntaí agus do thríú páirtithe. D'fhonn neamhchlaontacht a áirithiú sa phróiseas réitigh díospóidí, ceaptar na breithneoirí agus na n-idirghabhálaithe ar ár bpainéal go neamhspleách, agus cuireann siad a gcuid feidhmeanna chun feidhme i gcáil neamhspleách. Íoctar buntáille de €616 in aghaidh an lae le haghaidh trí éisteacht, nó íoctar €616 le haghaidh trí idirghabháil ar theileafón nuair a chomhaontaíonn an dá pháirtí chun dul isteach sa phróiseas idirghabhála. Leithdháileann sceidealóir uathoibríoch na héisteachtaí ar dhuine den phainéal atá ar fáil, agus is féidir leis í a glacadh nó a dhiúltú. Taispeántar sa tábla thíos na híocaíochtaí a íocadh le Breithneoirí/Eadránaithe le linn 2021.

### Táillí Breithneoirí / Idirghabhálaithe 2021

Ainm	Táillí	Oiliúint	Iomlán
Aisling Ryan	€616	€784	€1,400
Alan Brady	€16,632	€784	€17,416
Angela Becker	€21,560	€784	€22,344
Anne Marie Giblin	€11,704	€588	€12,292
Avril O'Meara	€4,928	€588	€5,516
Brian Whelan	€11,088	€784	€11,872
Caitriona O'Connor	€11,704	€196	€11,900
Catherine McGuigan	€0	€588	€588
Cathrina Keville	€12,936	€784	€13,720
Ciaran Joyce	€12,320	€784	€13,104
Cynthia Lennon	€23,408	€588	€23,996
David Duncan	€58,520	€980	€59,500
David McParland	€8,008	€784	€8,792
Denis Keliher	€0	€196	€196
Dermot Sheehan	€14,784	€196	€14,980
Donagh Farrell	€9,856	€784	€10,640
Donald Menzies	€12,320	€0	€12,320
Eithne Corry	€8,624	€980	€9,604
Emma Barry	€12,936	€784	€13,720



Ainm	Táillí	Oiliúint	Iomlán
Emma Foley	€10,472	€784	€11,256
Emma Slattery	€11,704	€588	€12,292
Fiona Walsh	€1,232	€784	€2,016
Frank Brady	€64,680	€980	€65,660
Georgina Farren	€8,624	€784	€9,408
Gerard Murphy	€38,808	€196	€39,004
Grainne Quinn	€8,624	€784	€9,408
John Noonan	€11,704	€784	€12,488
Lauren Tennyson	€9,240	€0	€9,240
Linda Brophy	€9,856	€588	€10,444
Louise Beirne	€48,664	€980	€49,644
Mark Kane	€63,448	€784	€64,232
Mema Byrne	€17,864	€980	€18,844
Michael Landers	€6,776	€784	€7,560
Michael MacNamee	€12,320	€784	€13,104
Monica Brennan	€0	€196	€196
Niamh McHugh	€9,240	€588	€9,828
Niamh O'Doherty	€10,472	€784	€11,256
Orla Ni Rian	€1,848	€784	€2,632
Sarah Brophy	€3,080	€784	€3,864
Sarah Kemple	€3,080	€784	€3,864
Shaun Smyth	€59,752	€980	€60,732
Simon Brady	€27,104	€980	€28,084
Sinéad Fitzpatrick	€11,704	€784	€12,488
Steven Dixon	€62,832	€980	€63,812
Susan Applebe	€14,168	€784	€14,952
Thomas Dowling	€20,328	€784	€21,112
Una Ni Chathain	€12,936	€784	€13,720
Ursula Condon Flynn	€0	€784	€784
<b>Iomlán</b>	<b>€812,504</b>	<b>€33,320</b>	<b>€845,824</b>

## Painéal na gCinnteoírí

An 1 Iúil 2019, cuireadh Cuid 7A den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) 2019 i bhfeidhm lena ndearnadh ról an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe a leathnú amach chun foráil a dhéanamh d'imscrúduithe agus do smachtbhannaí i leith tiarnaí talún a sháraíonn an dlí, rud atá sainmhínithe san Acht mar an Iompar Míchuí. Féadfar imscrúduithe a dhéanamh de bhun faisnéise ó bhail an phobail nó de bhun faisnéise a fhoinsíonn an RTB ó shonraí atá ar fáil dó faoin Acht. Mar thoradh ar an imscrúdú cuirfear tuairisc ar an imscrúdú isteach, é sin nó cuirfidh an tiarna talún admháil faoin Iompar Míchuí isteach. Cuirtear na tuarascálacha, nó na hadmhálacha, ar aghaidh chuig duine de phainéal de chinnteoirí neamhspleácha a thugann faoina bhfeidhm i gcáil uathrialach. Déanann na cinnteoirí seo scrúdú ar na tuarascálacha imscrúdaithe nó na hadmhálacha arna cur isteach ag an tiarna talún agus déanann siad cinneadh ar tharla Iompar Míchuí nó nár tharla, agus, tar éis dóibh na tosca atá leagtha amach in alt 148 den Acht a bhreithniú, ar cheart smachtbhanna agus cainníocht aon smachtbhanna a fhorchur nó nár cheart. Ní mór na cinntí a dhéanamh na cinnteoirí a bheith dearbhaithe sa Chúirt Chuarda. Íoctar táille comhréidh de €340 in aghaidh an chinnidh agus €340 in aghaidh an lae leis na Cinnteoirí má bhíonn orthu freastal ar an gCúirt.

### Táillí na gCinnteoírí 2021

Ainm	Táillí	Oiliúint	Iomlán
Kevin Lenahan	€5,780	€196	€5,976
Margaret Browne	€14,620	€588	€15,208
Susan Ahern	€8,500	€588	€9,088
<b>Iomlán</b>	<b>€28,900</b>	<b>€1,372</b>	<b>€30,272</b>

## Príomhathruithe ar an mBord agus ar Phearsanra

D'athcheap an tAire Audry Deane, James Doorley, Justin O'Brien, Paul White agus Paddy Gray do dhara téarma ar an mBord a chríochnóidh in 2026. Ní dhearnadh aon cheapacháin nua ar an mBord i rith na bliana.

Ceapadh Padraig McGoldrick mar Stiúrthóir Eatramhach ar an RTB le héifeacht ón 1 Márta, 2020 ar éirí as an iar-Stiúrthóir. Críochnaíodh an próiseas chun Stiúrthóir nua a earcú i mí Dheireadh Fómhair 2021 nuair a ceapadh Niall Byrne ina Stiúrthóir ar an RTB le héifeacht ó 24 Eanáir 2022.

## Nochtadh atá de dhíth faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a áirithiú gur chomhlíon an RTB riachtanais Chód 2016 de réir mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilítear na nochtaithe a leanas faoi Chód 2016:

### Briseadh síos ar na Sochair Ghearrthéarma d'Fhostaithe

Íocadh sochair ghearrthéarmacha de níos mó ná €60,000 an duine le 19 ball foirne in 2021. Déantar anailís ar na híocaíochtaí sin i Nóta 5a de Ráitis Airgeadais an RTB don bhliain 2021. Chun críocha an nochtaithe seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe le linn 2021 tuarastail, ragobair agus íocaíochtaí eile a íocadh le fostaithe ach níl ÁSPC fostóra san áireamh leo.

## Costais Sainchomhairleoirleachta

Áiríonn costais sainchomhairleoirleachta costas comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna gnó seachfhoinsithe.

Sainchomhairleoirleacht	2021	2020
Comhairle Dlí	€114,819	€251,059
Feabhsú Próisis	€13,930	€0
Soláthar	€29,948	€412,977
Pleanáil Lucht Saothair	€0	€3,936
<b>Iomlán</b>	<b>€158,697</b>	<b>€667,972</b>

Ní dhearnadh aon chostais sainchomhairleoirleachta a chaipitliú le linn 2020 nó 2021.

## Costais Dlí agus Socraíochtaí

Sa tábla thíos tá miondealú ar suimeanna atá tuairiscithe mar chaiteachas dlíthiúil in 2021. Is é an rud atá taobh thiar de chostais dhlíthiúla RTB ná ár bhfeidhmeanna a chur chun feidhme faoin Acht lena n-áirítear díospóidí a réiteach idir tiarnaí talún agus tionóntaí, dlíthíocht nuair is gá chun Ordú Cinnidh an RTB a fhorfheidhmiú nó cinneadh an RTB a dhearbhu, agus ionchúiseamh i gcás tionóntachtaí neamhchláraithe. Áirítear sa tábla seo costais dhlíthiúla freisin a tabhaíodh d'fhonn reachtaíocht eile a chomhlíonadh lena n-áirítear cosaint sonraí, dlí fostaíochta, agus saoráil faisnéise, agus maidir le heagrúchán laethúil na heagraíochta. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair an RTB, rud atá nochta faoi Chostais Chomhairleachta thuas.

Costais Dlí agus Socraíochtaí	2021	2020
Athbhreithniú Breithiúnach	€8,553	€28,607
Forfheidhmiú	€438,673	€756,744
Socraíochtaí Dlí	€36,760	€0
Achomhairc Ard-Chúirte	€229,400	€264,720
Riarachán Ginearálta	€234,697	€425,720
Tacaíocht Dhlíthiúil Eile	€418,036	€232,772
<b>Iomlán</b>	<b>€1,366,119</b>	<b>€1,708,563</b>

## Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Is mar seo a leanas a aicmítear an caiteachas ar thaisteal agus cothabháil:

Taisteal & Cothabháil	2021	2020
Foireann & Foireann lasachta an RTB	€0	€7,520
Comhaltaí Boird	€0	€319
Comhaltaí an Phainéil	€17,146	€16,524
<b>Iomlán</b>	<b>€17,146</b>	<b>€24,363</b>

Maidir le méid taistil agus cothaithe na bliana reatha d'fhoireann & d'fhoireann iasachta an RTB, baineann €0 le taisteal thar lear (2020: €0). Ní raibh aon taisteal eachtrach ag comhaltaí an Bhoird ná ag comhaltaí an phainéil i gceachtar bliain. Íoctar an caiteachas taistil agus cothabhála uile ar aon dul leis na treoirlínte ón Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí.


## Caiteachas Fáilteachais

Áirítear le caiteachas fáilteachais sólaistí a cuireadh ar fáil ag seisiúin faisnéise arna n-óstáil ag an RTB d'fhonn a shainordú a chomhlíonadh chun imeachtaí oideachais agus feasachta a sholáthar dá pháirtithe leasmhara. Déantar an caiteachas a chatagóiriú thíos.

Caiteachas Fáilteachais	2021	2020
An Fhoireann	€4,944	€6,516
Bord & Eile	€0	€0
Oideachas agus Imeachtaí Feasachta	€0	€2,797
<b>Iomlán</b>	<b>€4,944</b>	<b>€9,313</b>

## Ráiteas Comhlíonta

Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus gnásanna a chur in áit chun géilliúlacht leis an gCód sin a chinntiú. Rinne an lucht bainistíochta obair shuntasach le linn 2021 d'fhonn a áirithiú go ndearnadh Cód 2016 a chomhlíonadh. Rinneadh an obair sin faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, a aithníonn na hiarrachtaí a rinneadh le linn na bliana agus atá sásta gur chomhlíon an eagraíocht Cód 2016 ina iomláine faoi dheireadh 2021.



Stiúrthóir an RTB

Dáta: 27 Meitheamh 2022  
2022



Cathaoirleach

Dáta: 27 Meitheamh

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Mar Chathaoirleach an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe (“RTB”) tuigim go bhfuil freagracht ag an mBord as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach. Agus éifeachtacht na rialuithe inmheánacha á breithniú, bíonn aird ag an mBord, i measc rudaí eile, ar cheanglais an *Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)*, “Cód 2016” ina dhiaidh seo, agus aon cheanglais rialaithe nó reachtacha eile atá gaolmhar leis.

## Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha comhaontaithe ag teacht le fonn riosca na heagraíochta seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéanfar sócmhainní a chosaint, agus idirbhearta a údarú agus a thairfeadh i gceart, agus go ndéanfar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú in am trátha.

Tá córas an rialaithe inmheánaigh atá sonraithe sa ráiteas seo, atá i gcomhréir leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa RTB don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

## Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Bord an RTB freagrach as a áirithiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag an RTB. Cuidítear leis an mBord ina chuid oibre ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca (“ARC”) atá comhdhéanta de cheathrar comhaltaí an Bhoird agus beirt bhall seachtrach a bhfuil saineolas acu ar bhainistíocht riosca, ar rialachas agus ar airgeadas. Tugann an Coiste comhairle don Bhord ar gach ábhar a bhaineann le riosca, rialú inmheánach, agus rialachas agus tacaítear leis trí thuairisciú a fhaigheann sé ón mbainistíocht Fheidhmiúcháin. Tháinig an CIR le chéile ceithre uaire le linn 2021.

Tá údarás feidhmiúcháin tarmligthe ag an mBord don Stiúrthóir a bhainistíonn creat bainistíochta riosca an RTB agus a thuairiscíonn ar riosca ag gach cruinniú Boird nó idir cruinnithe de réir mar is gá, i gcomhar lena fhoireann bainistíochta Feidhmiúcháin.

Tá Feidhm Iniúchta Inmheánaigh ag an RTB atá curtha ar fáil ag gnólacht seachtrach. D’fhorbair an gnólacht iniúcháireachta plean iniúchtaí bliana amháin agus thrí bliana faoi threoir an ARC agus le hionchur ón lucht bainistíochta Feidhmiúcháin. Athbhreithníonn an ARC an plean iniúchtaí agus an chairt um iniúcháireachta ar bhonn bliantúil ar a laghad agus déantar athruithe mar is ga bunaithe ar mholtaí an Choiste.

D’athbhreithnigh an ARC raon feidhme seachadta an ghnólachta i gcoinne an phlean ar bhonn rialta le linn na bliana. In 2021, rinneadh ceithre iniúchadh inmheánacha lenar gcumhdaíodh achomhairc agus binsí, athbhreithniú leantach ar mholtaí iniúchta roimhe seo, agus dhá iniúchadh lenar gcumhdaíodh rialú inmheánach airgeadais, agus rinne an ARC machnamh mionsonraithe ar gach ceann acu. Tá plean gníomhaíochta i bhfeidhm ag an bhFeidhmeannach chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí obair na n-iniúchtaí inmheánacha faoi mhaoirseacht an ARC. Rianaíonn an bhainistíocht gach moladh iniúchta atá fós gan réiteach agus déanann an ARC athbhreithniú bliantúil orthu mar mhír sheasta ar an gclár.

Tá Beartas Bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an RTB lena leagtar amach sraith próiseas chun an cultúr de bhainistíochta riosca a fheabhsú agus a leabú san eagraíocht. Forbraíodh an beartas le maoirseacht agus le treoir ón ARC agus d’fhaomh an ARC agus an Bord é. Tá Ráiteas ar Inghlacthacht Riosca i bhfeidhm ag an RTB freisin a úsáideann an Bord é chun a áirithiú go mbainistítear rioscaí laistigh de na riachtanais inghlacthachta riosca agus go dtuairisceoidh bainistíocht an RTB sárúithe ar lamháltais riosca arna leagan síos ag an mBord agus go ngníomhóidh siad orthu go tráthúil

Maidir le bainistíocht éifeachtach riosca airgeadais, bhí beartas Bainistíochta Cúlchiste i bhfeidhm ag an mBord le linn 2021 a chinntiú go raibh dóthain cúlchistí ag an RTB chun a ghnó a oibriú le linn tréimhsí struis ar shreabhadh airgid agus a cúlchistí a choinneáil ag an leibhéal optamach sa mheántearma. Rinne an Stiúrthóir Eatramhach monatóireacht rialta ar leibhéal na gcúlchistí agus tuairiscíodh go tréimhsiúil don Bhord.

Maidir le bainistíocht éifeachtach ar riosca oibriúcháin, chinntigh an Stiúrthóir Eatramhach agus an fhoireann bhainistíochta Feidhmiúcháin go raibh nósanna imeachta cuí i bhfeidhm le linn 2021 chun rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint, riosca a mheasúnú agus a bhainistiú ó pheirspictíocht straitéiseach agus oibriúcháin, agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Bheartais Bainistíochta Riosca agus an Ráitis ar Inghlacthacht Riosca.

Chuaigh an phaindéim Covid-19 (Coróinvíreas) i bhfeidhm ar an eagraíocht ar go leor bealaí le linn 2021 díreach mar a rinneadh in 2020. Lean an reachtaíocht a achtaíodh chun cosaintí breise a dheonú san earnáil, agus an sainordú chun oibriú ón mbaile agus teagmháil shóisialta a laghdú, nuair ab fhéidir, ag cur isteach ar sheirbhísí do chustaiméirí an RTB agus ar fheidhmeanna láimhseála díospóidí. Mar thoradh, mhéadaigh an meán-am chun díospóidí tionóntachta a réiteach trí phróiseas réitigh díospóidí an RTB i gcomparáid leis an meán-am roimh an bpaindéim.

Rinne an Bord dlúthfhaireachán ar thionchar na paindéime ar líon na gcustaiméirí agus na ndíospóidí i rith 2021. Rinne an Bord maoirseacht freisin ar obair an Feidhmeanaigh maidir le forálacha reachtacha éagsúla a thug an Rialtas isteach i rith na bliana a chur i bhfeidhm a thug cosaintí feabhsaithe do thionóntaí atá i mbaol ó thionchair sláinte agus eacnamaíochta Covid-19. Ina theannta sin, bhí dlúthbhaint ag an mBord leis an bhfoireann Feidhmiúcháin lena chinntiú go rabhtas ag tabhairt aghaidh ar shláinte agus folláine fhoireann agus chonraitheoirí an RTB, cibé acu a d'oibrigh siad ar an láthair in oifigí an RTB nó ar oibrigh siad ón mbaile.

Tá an Bord ag súil go leanfaidh an tréimhse athraithe shuntasach atá tagtha ar an RTB le roinnt blianta anuas ar aghaidh in 2022. Leanfaidh an Bord le maoirseacht a dhéanamh ar chóras an rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca agus áiritheoidh sé go ndéantar é a fhorbairt ar aon dul le tionchar na paindéime agus forbairt an RTB amach anseo.

## An Creat Riosca agus Rialaithe

### An Clár Riosca

Coimeádann an RTB clár rioscaí corparáideacha lena ndéantar na príomhrioscaí a shainathint agus a mheasúnú agus córas scórála bunaithe ar riosca á úsáid, agus lena sainaithnítear na rialuithe atá i bhfeidhm agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a laghdú nó a n-iarbhairt a mhaolú. Ullmhaíonn an lucht bainistíochta an clár agus athbhreithníonn an ARC agus an Bord é go tréimhsiúil. Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh d'fhonn a áirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

### Rialú Inmheánach

Tá córas rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca ag an RTB atá deartha chun príomhrioscaí a shainathint agus a thuairisciú, mar aon leis na gníomhaíochtaí bainistíochta arna nglacadh chun tabhairt fúthu, agus nuair is féidir, iad a mhaolú.

Seo a leanas na príomhghnéithe den chóras:

- Struchtúr eagraíochta atá sainithe go soiléir ina bhfuil deighilt chuí dualgas agus teorainneacha údarais arna n-ainmniú ag an mBord
- Plean straitéiseach, atá faofa ag an mBord, lena dtreoraítear an plean bliantúil agus an buiséad bliantúil
- Buiséad bliantúil agus plean gnó bliantúil do gach stiúrthóireacht, atá faofa ag an mBord, mar aon le tuairisciú míosúil nó ráithiúil ar athruithe suntasacha ar an bplean
- Beartas cúlchistí lena chinntiú go bhfuil dóthain cúlchistí ag an RTB chun a ghnó a oibriú le linn tréimhsí struis ar shreabhadh airgid agus a chúlchistí a choinneáil ag an leibhéal optamach sa mheántearma
- Beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe a chlúdaíonn príomhréimsí riosca a ndéanann an Bord athbhreithniú agus faomhadh orthu go tréimhsiúil
- Teorainneacha agus údarás sainithe do chaiteachas airgeadais lena n-áirítear soláthar earraí agus seirbhísí agus caiteachas caipitil, faofa ag an mBord
- Cuntais bainistíochta míosúla ullmhaithe don Bhord agus athbhreithnithe ag an mBord

- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a sholáthraíonn maoirseacht agus treoir i réimsí na bainistíochta riosca, athbhreithniú ar an gclár riosca, fonn riosca, tuairisciú riosca agus forbairt beartais
- Roinnt Coistí Boird eile a thacaíonn leis an mBord ina ról maoirseachta. Tá siad sin liostaithe sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil na gComhaltaí Boird
- Beartais lena gclúdaítear cosaint sonraí, calaois, slándáil córais ICT, sláinte agus sábháilteacht, agus príomhréimsí riosca eile chomh maith le cóid iompair don Bhord, d'Oifigigh agus don fhoireann
- Beartais agus nósanna imeachta ina gclúdaítear bainistíocht feidhmíochta na foirne, forbairt na foirne, agus oideachas leanúnach
- Beartas agus plean soláthair a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú air go tréimhsiúil agus a ndéanann an Bord athbhreithniú air uair sa bhliain
- Feidhm iniúchóireachta inmheánaí lena ndéantar athbhreithniú ar phróisis, córais agus rialuithe aitheanta agus lena dtuairiscítear a chuid oibre don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéileálann le ceistanna suntasacha rialaithe ar bith arna n-ardú tríd an Iniúchadh Inmheánach, Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, nó athbhreithnithe seachtracha eile
- Clár rioscaí corparáideacha a ullmhaíonn an lucht bainistíochta agus ar a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord athbhreithniú rialta
- Tuairisciú ar mhéideanna agus ar ghníomhaíocht um chustaiméirí inár n-oibríochtaí intí agus seachfhoinsithe lena dtaifeadtar feidhmíocht i gcoinne caighdeán seirbhíse agus lena ndéantar idirghabháil an lucht bainistíochta a spreagadh
- Suirbhéanna custaiméirí, aiseolas, agus gearáin a úsáidimid chun fadhbanna le seachadadh ár seirbhísí a shainaithint agus dul i ngleic leo
- Córais agus bogearraí i bhfeidhm chun ár dtimpeallacht ICT a chosaint ar bhagairtí agus chun slándáil na faisnéise atá i seilbh againn a chinntiú.

## Coistí an Bhoird

Cuidíonn líon Coistí Boird leis an mBord ina ról maoirseachta ina gcuimsítear comhaltaí boird agus comhaltaí seachtracha ag a bhfuil saineolas ábhair i réimsí freagrachta faoi seach na gCoistí. Tugann an Bord cúram do na Coistí as mionbhreithniú a dhéanamh ar ábhair áirithe agus cuireann siad comhairle ar fáil chun cabhrú le cinnteoireacht an Bhoird. Scaiptear miontuairiscí gach cruinniú den Choiste Boird ar an mBord roimh an gcéad chruinniú Boird eile a ligeann don Bhord maoirseacht a dhéanamh ar a chuid oibre. Áirítear sonraí faoi na Coistí a bhí ag feidhmiú in 2021 sa Ráiteas Rialachais & i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird.

## Córas Bainistíochta Riosca

Déantar riosca a bhainistiú agus samhail na dtrí líne chosanta á húsáid. Is í an chéad líne foireann bainistíochta an RTB ag a bhfuil an fhreagracht phríomhúil as riosca a bhainistiú agus as rialú inmheánach ina réimsí freagrachta. Tacaítear leo ag feidhmeanna rialaithe an RTB (Airgeadas, Riosca, Acmhainní Daonna, Cosaint Sonraí agus Soláthar) agus is iadsan an dara líne. Tá an tríú líne chosanta cuimsithe de na baill seachtracha a dhéanann an córas a athbhreithniú. Déanann ár seirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí athbhreithniú neamhspleách ar chóras foriomlán an rialaithe inmheánaigh agus, laistigh de cheanglais rialachais Chód 2016, déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú air.

Tá freagrachtaí atá sainithe go soiléir ag bainisteoirí i réimsí uile an RTB as feidhmíocht a ról agus tá an fhoireann oilte go cuí agus tacaítear leo trí oiliúint. Déantar an méid lena bhfuiltear ag súil ó bhainisteoirí agus ón bhfoireann a leagan síos agus a mhonatóiriú tríd an gcóras bainistíochta um fheidhmíocht fostaithe. Soláthraítear oiliúint don fhoireann nuair a ghlacann siad le ról agus nuair a shainaithnítear riachtanais oiliúna ar leith tacaíonn Acmhainní Daonna leis na riachtanais sin a chomhlíonadh.

Sa bhreis ar fhoireann ar phá an RTB, tacaíonn ionad um chúram do chustaiméirí seachfhoinsithe le seirbhísí do chustaiméirí, ionad a sholáthraíonn an chuid is mó de na seirbhísí líne tosaigh. Áirítear le rialuithe inmheánacha don tseirbhís sin ceanglais um chomhaontuithe seirbhíse follasacha, athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht, tuarascálacha feidhmíochta agus cáilíochta rialta, agus cruinnithe seachtainiúla, míosúla agus ráithiúla idir an soláthraí agus lucht bainistíochta an RTB.

Tá próiseas dearbhaithe cáilíochta leithleach i bhfeidhm laistigh den RTB chun a dhearbhu don lucht bainistíochta agus don Bhord go bhfuil riachtanais na gcustaiméirí á gcomhlíonadh ar bhonn tráthúil agus gairmiúil. Próiseas dinimiciúil is ea athbhreithniú agus monatóireacht ar an obair sheachfhoinisithe ar fad agus ní mór na rioscaí suntasacha ar fad a thiocfaidh chun cinn a thaifeadadh agus a chur in iúl don lucht bainistíochta, don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus don Bhord.

Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag feidhmeanna rialaithe, amhail Airgeadas, Riosca, Acmhainní Daonna, Cosaint Sonraí, agus Soláthar chun riosca a rialú ina réimsí freagrachta agus soláthraítear leo treoir agus maoirseacht ar réimsí oibríocháin chun comhlíonadh maidir leis na dlíthe is infheidhme, rialacháin, agus beartais a chinntiú. Cuireann na haonaid sin athbhreithnithe rialta chun feidhme d'fhonn a chinntiú go gcloifidh bainisteoirí agus foireann ar fud na heagraíochta leis na beartais sin agus go ndéanfaidh siad sárúithe suntasacha a ardú trí ordlathas na bainistíochta ionas gur féidir beart ceartaitheach a dhéanamh.

## Struchtúr Eagrúcháin

Tá foireann bainistíochta an RTB faoi cheannas an Stiúrthóra agus d'eagraigh sé oibríochtaí an RTB ina naoi stiúrthóireacht agus gach ceann díobh faoi stiúir Stiúrthóir Cúnta ag a bhfuil taithí. Is iad na stiúrthóireachtaí sin ná: Réiteach Díospóide; Forghníomhú Ordú Clárúcháin & Cinnidh; HR & Seirbhísí Corparáideacha; ICT; Clárúcháin & Seirbhísí do Chustaiméirí; Imscrúduithe & Smachtbhannaí; Tionscadail Straitéiseacha & Soláthar; Cumarsáid & Taighde; Airgeadas, Rialachas & Bainistíocht Riosca.

Le linn 2021 fuair an RTB ceadú chun ról an Stiúrthóra RTB a athghrádú go leibhéal Rúnaí Cúnta agus cruthú dhá ról nua ag leibhéal an Phríomhoifigigh. Reáchtáil Bord an RTB comórtas oscailte le linn 2021 chun Stiúrthóir nua a earcú ag leibhéal Rúnaí Cúnta. Ceapadh an t-iarrthóir rathúil go déanach in 2021 agus chuaigh sé i mbun a ról i mí Eanáir 2022. Táthar ag súil go n-earcófar ról nua an Phríomhoifigigh le linn 2022.

Chuaigh paidéim Covid-19 (An Coróinvíreas) i bhfeidhm ar an eagraíocht ar go leor bealaí le linn 2021. Leathnaigh reachtaíocht nua a achtaíodh le linn 2021 chun tionchair dhiúltacha na paidéime ar thionóntaí a mhaolú sainchúram an RTB agus chuir sí le hobair agus le freagracht na heagraíochta.

Rinne an Stiúrthóir Eatramhach acmhainní a athdháileadh ar fud na n-aonad gnó chun déileáil leis na héilimh fheabhsaithe ar an eagraíocht agus chun seirbhísí a sheachadadh níos fearr.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá Plean Straitéiseach 2018 – 2022 an RTB i bhfeidhm agus cuimsítear ann sainordú an RTB atá ag athrú agus na hionchais atá leagtha amach dúinn de réir bheartas an Rialtais. Leagadh an plean straitéiseach amach le hionchur suntasach ón mBord agus d'fhorbair an Stiúrthóir agus an fhoireann Fheidhmeannach dá cuid é le cúnaimh ó chomhairleoirí seachtracha. Rinne an fhoireann Feidhmiúcháin agus an Bord athbhreithniú meántéarmach ar an straitéis le linn 2020 agus chomhaontaigh siad na príomhréimsí ar cheart díriú orthu don chuid eile de théarma an Phlean Straitéisigh.

Tá plean bliantúil agus buiséad bliantúil atá cuimsitheach i bhfeidhm gach bliain lena gcuimsítear cuspóirí oibríocháin agus airgeadais do gach réimse gnó agus iad spreagtha ag na cuspóirí sa Phlean Straitéiseach. Déanann an lucht bainistíochta agus an Bord athbhreithniú ar fheidhmíocht i gcoinne an bhuiséid ar bhonn míosúil agus déanann sé athbhreithniú i gcoinne an phlean dhá uair in aghaidh na bliana. Mar thoradh ar mhoill ar chur i bhfeidhm chóras CRM nua an RTB, ar a dtugtar RTB360, níor baineadh amach príomhghnéithe áirithe de phlean gnó an RTB le linn 2021.

Tá Comhaontú Maoirseachta i bhfeidhm leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a leagann amach na socruithe rialachais atá i bhfeidhm idir an Roinn agus an RTB agus a bhfuil sé mar aidhm aige soiléireacht chuntasachta, róil, agus freagrachtaí an RTB agus na Roinne a chinntiú lena chinntiú go gcomhlíonann an RTB a fheidhmeanna reachtúla agus a riachtanais Chód Rialachais ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach. Bíonn sraith cruinnithe ar siúl idir an Roinn agus an RTB i rith na bliana chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chomhaontaithe Maoirseachta.

Tá sraith tuarascálacha ar fheidhmíocht agus ar cháilíocht ann a sholáthraíonn an lucht bainistíochta maidir le hoibríochtaí intí agus soláthraithe seirbhísí seachfhoinisithe an RTB. Baineann an lucht bainistíochta úsáid astu sin chun torthaí iarbhrí a mhonatóiriú i gcoinne leibhéil chomhaontaithe seirbhísí agus caighdeáin cháilíochta.



Nuair a shainnítear fadhbanna sna tuarascálacha géaraítear chuig an lucht bainistíochta Feidhmiúcháin agus chuig na soláthraithe seirbhíse iad chun beart cuí a dhéanamh.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an RTB chun rialuithe a mhonatóiriú, laigí i rialú a cheartú, agus chun fadhbanna a chur in iúl de réir mar a eascraíonn siad chuig an lucht bainistíochta Feidhmiúcháin agus chuig an mBord ar bhonn tráthúil. Leanfaidh an Bord le maoirseacht a sholáthar ar an gcóras bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh ag an RTB agus bainfidh sé leas as tacaíocht óna Choistí agus ó chomhairleoirí seachtracha d'fhonn a ról ceannaireachta a chomhlíonadh.

## Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an RTB chun a áirithiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha soláthair. Aibhsítear ceisteanna a thagann chun cinn maidir le rialuithe ar sholáthar faoi shaincheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

## Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an RTB chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a thimpeallachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Déanann obair na iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha, agus obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, a dhéanann maoirseacht ar an obair sin, bonn eolais a chur ar an monatóireacht agus an athbhreithniú a dhéantar ar éifeachtúlacht an chórais rialú inmheánach atá againn agus tá an bhainisteoireacht Feidhmiúcháin sa CNCC freagrach as forbairt agus as cothabháil an creat rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go bhfuil an Bord tar éis athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtúlacht na srianta inmheánacha in 2021. Seachas na míreanna atá léirithe thíos, dearbhaím nár sainaithníodh laigí ábhartha ar bith sna rialuithe inmheánacha maidir le 2021 lena n-éileofaí iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Chuaigh córas bainistíochta tionóntachta nua an RTB i bhfeidhm le haghaidh clárúcháin custaiméirí i mí na Samhna 2021 agus tá feidhmiúlacht feabhsaithe clárúcháin tionóntachta curtha ar fáil aige ó shin i leith.

Rinne an RTB monatóireacht an-ghar ar fheidhmíocht agus ar chobhsaíocht an chórais tar éis dó a bheith beo. Tá an córas cobhsaí agus ag seachadadh mar a rabhtas ag súil leis.

Tháinig an córas nua i bhfeidhm 24 mí níos déanaí ná mar a bhí beartaithe ar dtús agus thabhaigh RTB costais bhreise shubstaintiúla ag eascairt as an bhfráma ama sínte agus an gá atá le tacaíocht fheabhsaithe a sholáthar chun an tionscadal a sheachadadh. Tabhaíodh na costais mhéadaithe ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear fomheastachán ar scála agus ar chastacht an chórais riachtanach, an iarracht is gá chun é a sheachadadh, agus an gá atá le tacú le hathrú suntasach reachtaíochta a leathnaigh raon feidhme an tionscadail le linn fhorbairt an chórais agus a tháinig chun cinn tar éis don tionscadal tosú cheana féin. Ba é an costas a bhain le forbairt an chórais bhainistíochta tionóntachta nua le haghaidh clárúcháin custaiméirí go dtí go ndeachaigh sé beo i mí na Samhna 2021 ná €7.3 milliún. Níltear ag súil le costais bhreise don chéim seo. Ba é an buiséad bunaidh don tionscadal ná €3.3 milliún. Áiríodh leis an raon feidhme bunaidh ceanglais chórais maidir le láimhseáil agus forghníomhú díospóidí nach bhfuil san áireamh sa chóras mar a sheachadtar é.

Bhunaigh an Bord Coiste Boird, an Coiste um Dhearbhú Tionscadal RTB360, in 2020 chun maoirseacht níos díri a sholáthar ar an tionscadal. Tá an Coiste comhdhéanta de thriúr comhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí seachtracha a bhfuil saineolas acu ar ICT agus ar bhainistiú tionscadal. Lean an Coiste ar aghaidh ag déanamh dlúthmhonatóireacht ar sholáthar an tionscadail i rith 2021 agus thuairiscigh sé ar a chuid oibre don Bhord tar éis gach ceann dá chruinnithe. Tháinig an Coiste le chéile 11 uair le linn 2021

Tar éis don chóras nua a bheith beo, choimisiúnaigh an Bord athbhreithniú ar an tionscadal a bheidh le déanamh ag an ngnólacht iniúchta inmheánaigh. Scrúdóidh an t-athbhreithniú conas a rinneadh an córas a scoipeáil, a bhainistiú agus a sheachadadh agus cuirfeadh a thorthaí agus a mholtaí ar fáil don Bhord agus don Fheidhmeannach le linn 2022.

I rith 2021 thabhaigh an RTB caiteachas i leith ceithre chonradh arbh fhiú €3,239,000 san iomlán iad (gan CBL san áireamh) gan próiseas iomaíoch a sheoladh. Bronnadh trí cinn de na ceithre chonradh gan próiseas iomaíoch a sheoladh mar thoradh díreach ar na saincheisteanna agus na moilleanna leis an tionscadal chun an córas bainistíochta tionóntachta nua a sheachadadh.

Measann an Bord go gcomhlíonann gach ceann de na ceithre chonradh na treoirlínte soláthair toisc go gcomhlíonann gach ceann acu na coinníollacha eisceachtúla a thugann údar le dámhachtain dhíreach nó le modhnú conartha le linn a ré. Fógraíodh trí cinn de na conarthaí sin freisin i Ráiteas 2020 ar Rialú Inmheánach.

Cuireadh síneadh leis an gconradh is mó a sholáthair seirbhísí seachfhoinisithe próisis ghnó ar chostas €2,277,000 i rith na bliana go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2022 gan próiseas iomaíoch. Glacadh an cinneadh seo toisc gur measadh go raibh an leibhéal riosca a bhaineann le seachadadh an chórais bhainistíochta tionóntachta nua moillithe agus go raibh soláthar do sheirbhís sheachfhoinisithe gnó nua do-ghlactha. Ar dtús bronnadh an conradh ar feadh téarma tosaigh trí bliana ag tosú i mBealtaine 2013 leis an rogha síneadh a chur le dhá bhliain eile, rud a feidhmíodh. Ba é costas iomlán an chonartha don bhuntréimhse cúig bliana ná €5,681,000. Cuireadh síneadh breise leis an gconradh trí huaire ar feadh tréimhsí bliana, 18 mí, agus bliain faoi seach go dtí Deireadh Fómhair 2021 mar gheall ar an raon feidhme méadaithe agus moill ar sheachadadh córas bainistíochta tionóntachta nua. Ba é costas iomlán an chonartha do na trí thréimhse sínte seo ná €6,972,000. Le linn 2021, cuireadh síneadh leis an gconradh go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2022 le costas measta de €2,360,000. Foilsíodh fógra VEAT agus fógra mionathrú trí r-tairiscintí in Iris Oifigiúil an AE in 2019 agus 2021 faoi seach i gcomhréir leis na treoirlínte soláthair.

Rinneadh conradh ar a raibh costas €422,000 i rith na bliana ar thacaíocht oidhreachta córais ICT, agus conradh nua amháin ar chostas €379,000 le haghaidh obair dearbhaithe tionscadail ar an gcóras nua bainistíochta tionóntachta, bronnadh an dá cheann acu in 2021 toisc gur measadh gur soláthraithe aonair iad na soláthraithe. Bronnadh an conradh le haghaidh tacaíochta oidhreachta córais ICT ar dtús ar feadh téarma trí bliana ag tosú in Eanáir 2014 agus bhí an rogha ann síneadh a chur leis ar feadh bliana breise, rud a feidhmíodh. Cuireadh síneadh breise leis an gconradh ceithre huaire ar feadh tréimhse 18 mí agus trí thréimhse bliana an ceann go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2022. Ba é costas iomlán an chonartha do na ceithre thréimhse sínte seo ná €1,346,000. Bronnadh an ceathrú conradh freisin, a raibh costas de €161,000

air i rith na bliana ar anailísíocht sonraí dílsithe, toisc gur measadh gur soláthraí aonair é an soláthraí. Ní raibh baint ag an gceathrú bronnadh conartha seo leis na saincheisteanna a bhain leis an gcóras nua bainistíochta tionóntachta.

Tá an Bord tiomanta do leanúint le cur i bhfeidhm treochlár digiteach an RTB. Tá an Bord tiomanta freisin do chomhlíonadh leanúnach na dtreoirlínte soláthair lena n-áirítear tairiscint iomaíoch i ngach cás nuair is féidir. De réir mar a fhorbraíonn samhail dhigiteach an RTB le himeacht ama, beidh an RTB ar an eolas faoi na riachtanais atá ann tionscadail chasta a bhainistiú ionas nach dtarlaíonn dámhachtain neamhiomaíocha conarthaí ach go heisceachtúil agus i gcúinsí amháin ina n-eascaíonn saincheisteanna nach féidir a thuar a chuireann isteach ar oibriú éifeachtach an RTB. I gcás an chonartha seachfhoinisithe próisis ghnó, laghdófar na rioscaí a bhaineann le soláthraí a athrú in 2022 agus ligfidh sé don RTB tús a chur leis an bpróiseas chun tairisceana iomaíoch a dhéanamh le haghaidh na seirbhísí seo. I gcás na tacaíochta oidhreachta córais ICT, cuirfear deireadh leis an gconradh le soláthraí amháin na seirbhísí sin nuair a athrófar an córas oidhreachta. Tá deireadh leis an gconradh le haghaidh obair dearbhaithe tionscadail ar an gcóras nua cheana féin. Ní mór don cheathrú conradh d'anailísíocht sonraí dílseánaigh fanacht i bhfeidhm chomh fada agus a bheidh soláthraí amháin de na seirbhísí sin ann.

D'ainneoin na n-ímní tromchúiseacha a d'eascair as an moill agus na costais bhreise a tabhaíodh ar an bpríomhthionscadal digiteach seo, agus ag tabhairt faoi deara go gcinnteoidh an Bord céimeanna dearfacha a ghlacadh i dtionscadail amach anseo, tá an Bord sásta go bhfuil an córas bainistíochta tionóntachta nua beo agus ag feidhmiú go maith. Ba mhór an t-imscrúdú straitéiseach é don RTB an t-ardán slán, ar líne, teicneolaíochta nua-aimseartha seo, atá in ann ceanglais reachtaíochta athraitheacha a chomhlíonadh, amhail clárú bliantúil tionóntachtaí a sheachadadh, a sholáthróidh luach suntasach amach anseo.



**Tom Dunne**

*Cathaoirleach*

Dáta: 27 Meitheamh 2022

# Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste

## Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 178 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeáda
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgeadais agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáíochta.

Is é mo thuairim, go dtugtar léargas fíor cóir sna ráitis airgeadais maidir le sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe amhail an 31 Nollaig 2021 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas le haghaidh 2021 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

## Bunús na tuairime

Rinne mé an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé Neamhspleách ar an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

## Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe faisnéis áirithe eile mar aon leis na ráitis airgeadais i láthair. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí tuairisciú maidir le heolas mar sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú go heisceachtúil in aguisín na tuarascála seo.

## Córas bainistíochta nua le haghaidh clárúcháin tionóntachta agus díospóidí

I Márta 2018, chuir an Bord tús le tionscadal nua chun córas TF nua a fhorbairt le haghaidh clárúcháin tionóntachtaí agus díospóidí a bhainistiú. Nochtann an ráiteas ar rialú inmheánach go gcosnaíonn seachadadh an chórais nua € 7.3 milliún. Bhí sé seo €4 milliún os cionn an bhunchostais mheasta. Coimisiúnaíodh an córas agus cuireadh in úsáid é i mí na Samhna 2021, 29 mí níos déanaí ná mar a bhí beartaithe ar dtús.

## Soláthar seirbhísí próiseála gnó

Fostaíonn an Bord soláthraí seirbhíse seachtrach chun gnáthphróisis ghnó áirithe a chur i gcrích. Rinneadh conradh trí bliana leis an soláthraí seirbhíse i mBealtaine 2013 tar éis próiseas soláthair phoiblí iomaíoch. Ina dhiaidh sin, bhain an Bord leas as an rogha chun síneadh dhá bhliain breise a chur leis an gconradh (go Bealtaine 2018), ar mheánchostas míosúil méadaithe. Ag an tús, measadh go raibh luach an chonartha cothrom le €5 milliún thar chúig bliana. Caiteachas € 5.7 milliún san iomlán a tabhaíodh le linn na gcúig bliana de théarma bunaidh an chonartha, is é sin €95,000 sa mhí ar an meán.

Ó Bhealtaine 2018, tá síneadh ceithre huaire eile curtha ag an mBord leis an gconradh leis an soláthraí seirbhíse. B'ionann an caiteachas faoi na conarthaí leathnaithe go dtí deireadh 2021 agus € 7.4 milliún — thart ar € 170,000 in aghaidh na míosa ar an meán. Is ionann an costas beartaithe breise ar conradh go dtí Deireadh Fómhair 2022 agus díreach faoi bhun € 2 milliún, nó díreach faoi bhun €200,000 in aghaidh na míosa.


In 2020, chuir an Bord tús le comórtas tairisceana chun na seirbhísí próiseála gnó a sholáthar, agus d'fhostaigh sé gnólacht comhairliúcháin seachtrach chun an próiseas tairisceana a bhainistiú ar chostas €319,000. Tréigeadh an comórtas tairisceana tar éis an phróisis tairisceana, áfach, agus cuireadh síneadh leis an gconradh bunaidh arís.

Mar a míníodh sa ráiteas ar rialú inmheánach, tá an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe den tuairim gurbh iomchuí síneadh a chur leis an gconradh mar gheall ar an leibhéal riosca a bhaineann leis an gcóras nua bainistíochta tionóntachta (dá dtagraítear thuas) a bhfuil moill air a sheachadadh, agus (a d'fhéadfadh a bheith) soláthraí seirbhíse atá ag athrú ag an am céanna. Measann an Bord, ar fhorais theicniúla, gur chomhlíon na conarthaí sínte rialacha soláthair an AE.

I rialacha soláthair an AE ceadaítear mionathruithe ar chonarthaí le haghaidh seirbhísí breise (lena n-áirítear síntí conartha) i gcás nach féidir conraitheoir a athrú ar chúiseanna teicniúla, faoi réir aon mhéadú ar phraghas nach mó ná 50% de luach an chonartha bunaidh. Tá foráil ann freisin maidir le mionathruithe comhleánúna ar chonarthaí (gach ceann acu faoi réir an teorannaithe 50%), fad is nach bhfuil na mionathruithe dírithe ar dhul timpeall ar na rialacha soláthair.

Bunaithe ar na cúinsí a leagtar amach thuas agus ar na mínithe a fuarthas ón mBord um Thionóntachtaí Cónaithe, níl mé ag áitiú go raibh soláthar na seirbhíse próiseála gnó faoi na síntí conartha ó mhí na Bealtaine 2018 ag teacht leis na rialacha soláthair ábhartha.

Amhail Meitheamh 2022, níor chuir an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe tús le próiseas tairisceana iomaíoch chun teacht in ionad an chonartha reatha, a chríochnaíonn i mí Dheireadh Fómhair 2022.



**Seamus McCarthy**

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachta na gcomhaltaí Boird

Faoi mar a leagtar amach sa ráiteas rialála agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an bhoird freagrach as na nithe seo a leanas

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 178 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir leis na ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- a mheasúnú cé acu atá nó nach bhfuil bonn gnóthais leantaigh na cuntasaióchta iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad a bheith riachtanach chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaíocht nó ar earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 178 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe agus tuairisc a thabhairt fúthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuiriscí ábhartha de bharr calaíocht nó earráide. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbeidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna in ann míshonrú ábhartha a bhrath i gcónaí nuair is ann dó. Féadann míráitis ábhartha teacht ó chalaíocht nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más amhlaidh go bhféadfaí go réasúnach a bheith ag súil go rachaidís, ina n-aonar nó go comhiomlán, i gcion ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus déanaim sceipteachas gairmiúil a choimeád ar feadh an iniúchta. Agus sin á dhéanamh,

- Sainaitnínm na rioscaí agus déanaim measúnú orthu maidir le míshonrú ábhartha i leith na ráiteas airgeadais, is cuma más mar gheall ar chalaos nó earráid é sin, déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do na rioscaí sin, agus faighim fianaise don iniúchadh atá imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míthuairisc ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaos níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaais.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta a dhearadh atá iomchuí do na himthosca, ach ní ar mhaithe le tuairim a léiriú maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus ar rudaí gaolmhara a nochtar.
- Déanaim cinneadh maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh cuntasáiochta agus, ar bhonn na fianaise iniúchóireachta a fhaighim, agus maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le dálaí lena gcaithfí amhras suntasach ar chumas an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo bheith ina gcúis leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar an láithreoireacht fhoriomlán, ar struchtúr agus ar inneachar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na rudaí a nochtadh, agus cibé an léirítear leis na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na teagmhais bhunúsacha ar dhóigh lena dtugtar léargas cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaitnínm le linn m'iniúchta.

Tuairiscim, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a bhí ag teastáil uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- ní raibh na taifid chuntasaíochta imleor chun ligean d'iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis airgeadais le mo thuairim maidir leis na ráitis sin agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dhearbhairte maidir leis sin.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus trí sin á dhéanamh, déanaim machnamh ar cibé an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a aimsíodh le linn an iniúchta, nó má léirítear ar dhóigh eile go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má tharlaíonn sé, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go ndéanaim amach go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile sin, éillítear orm an fhír sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ghnótháí eile


Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscim más amhlaidh go bhfuil gnéithe ábhartha ann a bhaineann leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscim má thagaim ar chás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

# An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

	Nótaí	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2020 €
<b>Ioncam</b>			
Táillí clárúcháin	2	9,488,664	11,654,588
Táillí faoi easaontais	2	107,244	95,040
Ioncam Eile	4	57,926	30,926
Maoiniú an Stáitchiste	3	10,728,188	6,694,511
Cistiú pinsin iarchurtha	12c	1,595,812	1,381,489
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	10	(2,098,866)	(1,544,896)
Fo-iomlán		<b>19,878,968</b>	<b>18,311,658</b>
<b>Caiteachas</b>			
Costais foirne	5a	5,730,173	5,106,243
Costais chomhaltaí an Bhoird agus an phainéil	5b	1,924,518	1,175,923
Costais riaracháin	5c	10,805,744	10,182,623
Costais phinsin	12a	1,312,000	1,206,000
Dímheas	6	478,015	357,923
Fo-iomlán		<b>20,250,450</b>	<b>18,028,712</b>
<b>Barrachas / (Easnamh) don bhliain</b>		<b>(371,482)</b>	<b>282,946</b>
Barrachas Carntha an 1 Eanáir		6,770,285	6,487,339
Barrachas Carntha an 31 Nollaig		6,398,803	6,770,285

Áirítear an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 - 18 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



**Niall Byrne**

Stiúrthóir

Dáta: 27 Meitheamh 2022



**Tom Dunne**

Cathaoirleach

Dáta: 27 Meitheamh 2022

## An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

	Nótaí	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2020 €
Barrachas / (Easnamh) don bhliain		<b>(371,482)</b>	282,946
Gnóthachan/(caillteanas) taití ar dhliteanas scéime pinsin	12d,e	<b>241,000</b>	742,000
Athrú ar thiomhdí faoi luach reatha dhliteanas na scéime pinsin	12d,e	<b>(1,016,000)</b>	(1,739,000)
Cailteanas achtúireach & costas seirbhíse roimhe seo aitheanta		<b>(775,000)</b>	(997,000)
Coigeartú ar an maoiniú pinsin iarchurtha		<b><u>775,000</u></b>	<u>997,000</u>
Barrachas / (easnamh) iomlán aitheanta don bhliain		<b><u>(371,482)</u></b>	<u>282,946</u>

Áirítear an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 - 18 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



**Niall Byrne**

Stiúrthóir

Dáta: 27 Meitheamh 2022



**Tom Dunne**


Cathaoirleach

Dáta: 27 Meitheamh 2022

# Ráiteas ar Staid an Airgeadais

	Nótaí	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2020 €
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Maoin, gléasra agus trealamh	6	<b>8,277,792</b>	6,178,926
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Infháltais	7	<b>371,500</b>	983,982
Airgead tirim agus a choibhéis		<b>9,521,014</b>	9,139,738
		<b>9,892,514</b>	10,123,720
<b>Suimeanna Iníoctha</b>			
Suimeanna dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin	8	<b>(3,493,711)</b>	(3,353,435)
<b>Glansócmhainní Reatha</b>			
		<b>6,398,803</b>	6,770,285
<b>Glan-Sócmhainní Iomlána Roimh Phinsin</b>			
		<b>14,676,595</b>	12,949,211
Cistiú pinsin iarchurtha	12b,c	<b>21,526,000</b>	19,243,000
Dliteanais na scéime pinsin	12b	<b>(21,526,000)</b>	(19,243,000)
<b>Glansócmhainní Iomlána</b>		<b>14,676,595</b>	12,949,211
<b>Arna léiriú ag</b>			
Barrachas carntha	9	<b>6,398,803</b>	6,770,285
An cuntas caipitil	10	<b>8,277,792</b>	6,178,926
		<b>14,676,595</b>	12,949,211

Áirítear an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 - 18 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



**Niall Byrne**

Stiúrthóir

Dáta: 27 Meitheamh 2022



**Tom Dunne**

Cathaoirleach

Dáta: 27 Meitheamh 2022



## Ráiteas ar na Sreafaí Airgid

	Nótaí	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2020 €
<b>Réiteach an Bharrachais Oibriúcháin leis an nGlan-insreabhadh airgid ó Ghníomhartha Oibriúcháin</b>			
Barrachas / (Easnamh) oibriúcháin don bhliain		(371,482)	282,946
Dímheas	6	478,015	357,923
Ús tuillte		0	(24,229)
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil (Méadú) /laghdú ar Infháltais	10	2,098,866	1,544,896
Méadú / (laghdú) ar shuimeanna iníoctha		<u>140,276</u>	<u>377,946</u>
Glan-Insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		<b>2,958,157</b>	2,474,923
<b>Ráiteas ar an Sreabhadh Airgid</b>			
Glan-insreabhadh / (eis-sreabhadh) airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibríochta		<u>2,958,157</u>	<u>2,474,923</u>
<b>Toradh ar Infheistíocht agus ar an Seirbhísiú Airgeadais</b>			
Ús faighte		0	24,229
<b>Glanchaiteachas Caipitiúil</b>			
Maoin, gléasra agus trealamh	6	<u>(2,576,881)</u>	<u>(1,902,819)</u>
<b>Méadú / (laghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim</b>			
		<u>381,276</u>	<u>596,333</u>
Iarmhéid Airgid Oscailte		<b>9,139,738</b>	8,543,405
<b>Iarmhéid Airgid Deiridh</b>		<b>9,521,014</b>	9,139,738

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1 Beartais Chuntasaíochta

Tá bonn na beartais chuntasaíochta suntasacha a bhfuil an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (“RTB”) tar éis a ghlacadh leo leagtha amach thíos. Táthar tar éis iad go léir a chur i bhfeidhm go seasta ar fad na bliana agus ar fad na bliana a tháinig roimhe sin.

### a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha roimhe seo) faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (“an tAcht”) agus tá a Príomhoifig ag Sráid D’Olier, Baile Átha Cliath 2. Athraíodh ainm an Bhoird in 2016 go dtí an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) chun teacht lena shainchúram d’earnáil na gComhlacht Ceadaithe Tithíochta. Lena chois sin, le linn 2016 aistríodh feidhmeanna an Bhinse Cíos chuig an RTB.

Tá príomhfeidhmeanna an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe leagtha amach in Acht 2004 (arna leasú) mar a leanas:

- a) an réiteach díospóidí idir tionóntaí agus tiarnaí talún
- b) clárú na sonraí i ndáil le tionóntachtaí lena n-áirítear tionóntachtaí a bhaineann go sonrach le mic léinn agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.
- c) comhairle a sholáthar don Aire maidir le beartas i ndáil leis an earnáil réadmhaoine cónaithe ar cíos
- d) forbairt agus foilsíú treoirlínte maidir leis an nea-chleachtas ag na daoine a bhaineann leis an earnáil réadmhaoine cónaithe ar cíos
- e) an bailiúchán agus soláthar faisnéise a bhaineann leis an earnáil, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na leibhéil chíos atá i réim
- f) i gcás go measann an Bord gur cuí é, taighde a dhéanamh ar an earnáil agus monatóireacht a dhéanamh ar oibriú gnéithe éagsúla den earnáil nó a eagrú go ndéanfaí taighde nó monatóireacht dá leithéid
- g) an t-athbhreithniú ar fheidhmiú an Achta agus achtachán gaolmhara ar bith agus molta a thabhairt don Aire maidir le leasú an Achta nó na nAchtachán sin
- h) a dhearbhu don Aire cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann limistéar na critéir maidir le hainmniú mar chrios brú cíos mar a shainítear san Acht
- i) imscrúduithe a dhéanamh ar sháruithe líomhnaithe ar an Acht agus an chumhacht smachtbhannaí a eisiúint i gcás gur dearbhaíodh sárú
- j) feidhmíocht feidhmeanna breise ar bith a thugtar don Bhord faoin Acht nó faoi aon dlíthe eile a rítear san Oireachtas iad.

### b) Ráiteas Comhlíonta

Tá ráitis airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 ullmhaithe i gcomhréir na reachtaíochta infheidhme agus le FRS 102, An Caighdeán Tuairisciú Airgeadais atá infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA.

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### c) Bonn an Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ar a luachanna córa, faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a d'fhaomh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht le comhthoilú an Aire Airgeadais faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004.

### d) Airgeadra

Tá na ráitis airgeadais tuairiscithe in Euro (€), arb é sin airgeadra feidhmeach an RTB.

### e) Ioncam

#### *Táillí Clárúcháin*

Aithnítear ioncam ó tháillí clárúcháin go ginearálta ar bhonn fabhraithe. Tuairiscítear an t-ioncam clárúcháin nuair a fhaightear iarratas chun tionóntacht a chlárú, nó nuair a eisíonn an RTB iarraidh ar íocaíocht do thionóntachtaí arna chur in iúl dúinn ag soláthraí cóiríochta mac léinn nó Comhlacht Ceadaithe Tithíochta. Aithníonn an RTB an soláthar le haghaidh táillí a bhféadfaí iad a thabhairt ar ais do hiarratasóirí i gcás go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán nó i gcás gur íocadh an táille mhícheart.

#### *Táillí Díospóide*

Aithnítear ioncam nuair a íoctar iarratas díospóide.

#### *Maoiniú an Státchiste*

Aithnítear Maoiniú Státchiste ar bhonn airgead tirim faighte.

#### *Ioncam Eile*

Is ionann ioncam eile, go hiondúil, agus ús a fhabhraítear ar éarlaisí atá á gcoinneáil ag institiúidí airgeadais agus costais dhlíthiúla ar bith a aisghabhtar le linn na bliana.

#### *Ioncam úis*

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhraithe ag baint úsáide as modh an ráta úis éifeachtaigh.

### f) Maoín, Gléasra agus Trealamh

Is ar a gcostas lúide an dímheas carnach atá maoín, gléasra agus trealamh léirithe, oiriúnaithe d'aon soláthar le bearnúchán. Soláthraítear dímheas ar an maoín, gléasra agus trealamh go léir ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne díri thar a saol úsáideach measta, mar seo a leanas:

Feabhsúcháin Léasachta	5% sa bhliain
Daingneáin & Feistis	10% in aghaidh na bliana
Trealamh Oifige	20% in aghaidh na bliana
Trealamh Ríomhaireachta & Forbairt Bogearraí	20% in aghaidh na bliana
Córais atá á bhForbairt	Gan dhímheas

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Déantar costais na gcóras atá á bhforbairt a chaipitliú a mhéid is a shásaíonn siad ceanglais FRS 102 maidir le sócmhainní doláimhsithe seachas dea-thoil a chaipitliú. Gearrtar dímeas ag an ráta a thaispeántar thuas le haghaidh forbairt bogearraí ón uair a bheidh an fhorbairt críochnaithe agus an córas curtha i seirbhís.

Is éard atá i gceist leis an luach iarmharach ná an luach measta a bhainfí amach ó dhíuscáirt sócmhainne faoi láthair na huaire, tar éis do na costais measta diúscartha a bheith bainte de, de réir mar a bheadh an sócmhainn roimhe seo ar an aois lena mbeifear ag súil leis a bheith mar dheireadh a shaol úsáide, agus an baill sin air.

Má tá fianaise neamhspleách ar bhearnúchán luach sócmhainne aithnítear caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil sa bhliain.

### g) Infháltais

Tuairiscítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar i leith fiacha amhrasacha. Foráil ar leith is ea an soláthar le fiachas amhrasach, agus cruthófar é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe in ann na suimeanna uile atá amach aige a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht i soláthar fiachas amhrasach sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

### h) Léasanna Oibriúcháin

Tuairiscítear an caiteachas ar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe thar fadtréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh thréimhse an léasa, seachas sa chás gurb ann do mhéaduithe cíosa atá nasctha le ráta ionchasach an bhoilscithe, agus aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad, sa chás sin. Tuairiscítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear i gcaitheamh shaolré an léasa.

### i) Airgead tirim agus a choibhéis

Áiríonn airgead tirim agus coibhéisí airgid airgead ar láimh agus taiscí a choinnítear ar ghlaodhualgas le bainc.

### j) Sochair d'fhostaithe

#### *Sochair Ghearrthéarmacha*

Áirítear sochair ghearrthéarmacha, dála an phá saoire, mar chaiteachas a tharla sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh bliana sna suimeanna Iníochta sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

### k) Sochair Scoir

Feidhmíonn an Bord Tionóntachtaí Cónaithe (RTB) scéim phinsin sochair shainithe a mhaoínítear go bliantúil ar bhonn pá agus tú ag dul ó airgead atá ar fáil dó. Le hlonstraim Reachtúil (I.R. Uimh. 625 de 2011) tugadh éifeacht do Scéim Aoisliúntais an RTB agus d'fhaomh an tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil í le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Samhna 2011 (ag tosú le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2004). Oibríonn an RTB Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") chomh maith, ar scéim sochair shainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a earcaíodh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuill na fostaithe sa tréimhse, agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na foirne, agus caitear leo mar a bheith iníochta leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus fritháirítear é más gá le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a ghlanadh.

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Tá na gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a tharlaíonn mar gheall ar dhliteanais scéime tuairiscithe sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht.

Is ionann dliteanais phinsin agus luach reatha íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Is éard a léirítear leis an gcistiú um shocair scoir iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Dlí agus Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht

### l) Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro ag na rátaí malairte ag dáta a bheidh i réim ar dháta an idirbhirt. Gearrtar difríochtaí ar bith as an aistriú idir na dátaí idirbhirt agus na dátaí íocaíochta ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais.

### m) An Cuntas Caipitil

Léirítear sa chuntas caipitil méid gan amúchadh an ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

### n) Meastacháin agus Breithiúnais Chuntasíochta Chriticiúla

Ag ullmhú na ráiteas airgeadais dóibh, caitheann an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an chláir comhardaithe agus na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhir a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

#### *Bearnúchán Maoine, Gléasra agus Trealaimh*

Déantar athbhreithniú maidir leis an dímheas ar shócmhainní a dhéantar amúchtadh orthu aon uair a léirítear nach bhfuil an suim ghlanluacha in-aisghabhála in athruithe a thagann ar na dálaí. Aithnítear cailteanas maidir le lagú mar an difear idir an tsuim ghlanluacha sa bhreis ar an tsuim in-aisghabhála. Is í an tsuim in-aisghabhála an luach cóir is airde ag sócmhainn lúide costas a díola agus a luach úsáide. Chun críocha measúnú a dhéanamh ar an lagú, déantar sócmhainní a aicmiú de réir an leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid ar leith inaitheanta leo (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais a bhí thíos le lagú i dtaobh aisiompú féideartha an lagaithe ag dáta gach tuairiscithe.

#### *Dímheas agus Luachanna Iarmharacha*

Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar na saolréanna sócmhainne agus ar luachanna gaolmhara iarmharacha gach aicme shócmhainne seasta agus bhain siad an tátal as go bhfuil saolréanna sócmhainne agus luachanna iarmharacha cuí.

#### *Forálacha*

Féadfar don Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe forálacha a dhéanamh le haghaidh oibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe a bhfuil a fhios aige go mbeidh siad gan íoc ag dáta deiridh na tréimhse. Déantar na forálacha seo, go ginearálta, bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ábhartha eile, agus déantar iad a choigeartú i dtaobh treochtaí a sonraíodh le déanaí. Mar sin féin, meastacháin is iad de chostais airgeadais eachtraí nach gá go dtarlódh siad ar feadh na mblianta. Mar thoradh air seo agus ar an leibhéal éiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh an toradh féin a bheith an-éagsúil ón toradh sin a rinneadh a mheas.

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### Forálacha le hAisíoc Táillí Chlárúcháin

Faigheann an RTB iarratais agus táillí ó thiarnaí talún chun tionóntachtaí a chlárú. In Alt 135 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 ceanglaítear go ndéanfaí iarratais neamhiomlána nó iarratais nach bhfuil an táillí cheart leo a chur ar ais chuig an iarratasóir mar aon le táillí ar bith a íodadh.

Féachann an RTB le fadhbanna a réiteach agus tá córais forbartha aige chun an próiseas seo a dhéanamh níos éifeachtúla. I gcás nach féidir an fhadhb a réiteach in am cuirtear an t-iarratas agus an táille ar ais chuig an iarratasóir agus ní chláraítear an tionóntacht.

Ar 31 Nollaig 2021, bhí roinnt iarratas clárúcháin idir lámha á bpróiseáil. Aithníonn an RTB foráil i ndáil le táillí ó chuid de na hiarratais sin i gcás go bhféadfaí iad a chur ar ais chuig an iarratasóir ar deireadh. I Nóta 8 a ghabhann leis na ráitis airgeadais seo taifeadtar líon na n-iarratas neamhiomlán agus an foráil comhfhreagrach.

### Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na toimhdí is bonn le luachanna achtúireacha dá ndéantar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmaireachta agus rátaí treochtaí costais chúram sláinte) a nuashonrú gach bliain, bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus i gcás aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus na bpleananna i ndiaidh scoir.

Féadfaidh tionchar a bheith ag na nithe seo a leanas ar na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta; agus
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, agus dálaí an mhargaidh shaothair amach anseo.

## 2 Ioncam ó Tháillí

	2021	2020
	€	€
<b>Táillí clárúcháin</b>		
Cóiríocht Sonrach do Mhic Léinn	668,415	446,980
Cóiríocht Príobháideach agus Comhlacht Tithíochta Ceadaithe	8,820,249	11,207,608
	<b>9,488,664</b>	<b>11,654,588</b>

Is é an táille chaighdeánach clárúcháin ná €90 le haghaidh teaghais príobháideach agus cóiríocht Comhlacht Tithíochta Ceadaithe. Is é an táille chaighdeánach ná €40 chun cóiríocht sonrach do mhic léinn a chlárú. Ar fud na dtrí earnáil tá laghduithe ar fáil le haghaidh ilchlárúcháin ábhartha, agus tá táillí déanacha i bhfeidhm ar fud na n-earnálacha go léir.

	2021	2020
	€	€
<b>Táillí Díospóide</b>		
Táillí Díospóide	107,244	95,040

Is é an táille chaighdeánach do sheirbhís bhreithnithe páipéarbhunaithe an RTB ná €25. Tá táille laghdaithe de €15 i bhfeidhm ar iarratais ar bhreithnithe a dhéantar ar líne. Má roghnaíonn an dá pháirtí i ndíospóid idirghabháil seachas breithiúnas ní ghearrfar aon táille. I ngach cás má dhéantar achomharc i gcoinne breith breithneora nó idirghabhálaí beidh táille achomhairc de €85.

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 3 Maoiniú ón Stáitchiste (Vóta 34, fotheideal A.24)

	2021 €	2020 €
Maoiniú le haghaidh costas oibriúcháin	11,012,000	6,300,000
Maoiniú le haghaidh costas caipitil	0	570,000
Pinsean fostaí íoctha don Stáitchiste	(283,812)	(175,489)
	<b>10,728,188</b>	<b>6,694,511</b>

Chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta an maoiniú Stáitchiste ar fáil don RTB. Cuireadh an maoiniú caipitil ar fáil mar chuid de cheangaltas ilbhliantúil maidir le forbairt córais úir tionóntachta a mhaoiniú chun tacú le feidhmeanna clárúcháin agus bainistíochta díospóidí an RTB. Tháinig an córas nua i bhfeidhm le linn 2021.

### 4 Ioncam Eile

	2021 €	2020 €
Ioncam úis	0	24,229
Ioncam Ilghnéitheach	10	29
Costais dlí aisghafa	7,916	6,668
Éileamh Árachais Briseadh Gnó	50,000	0
	<b>57,926</b>	<b>30,926</b>

### 5a Costais Foirne

	2021 €	2020 €
Pá fhoireann & fhoireann iasachta an RTB	4,676,857	4,328,713
Oiliúint foirne	75,554	81,004
Costais leasa sóisialaigh	427,103	394,361
Costais foirne eile	550,659	302,165
	<b>5,730,173</b>	<b>5,106,243</b>

Áirítear ar phá foirne & na foirne ar iasacht an RTB in 2021 €291,569 le haghaidh ranníocaíochtaí pinsin fostóirí leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (2020: €235,285). I measc na gcostas foirne eile in 2021 tá costais earcaíochta agus costais ghníomhaireachta a tabhaíodh nuair a bhí folúntais ann i rith na bliana. Bhí 90 ball foirne á n-íoc go díreach ag an RTB ag deireadh 2021 (2020: 91). Chomh maith leis sin, bhí ball foirne amháin ar iasacht leis an RTB ó Roinn Rialtais eile (2020: 1). Níor íocadh aon sochair fhoirceanta, iar-fhostaíochta nó ghearrthéarmacha eile le fostaithe ar bith le linn na bliana.

Rinneadh Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise dar luach €89,140 a asbhaint agus a íoc leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta in 2021 (2020: €80,696).

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### Comhaltáí príomhúla na foirne bainistíochta

	2021	2020
	€	€
Sochair ghearrthéarmacha a íocadh	<b>777,672</b>	769,942

Tá luach iomlán na sochar gearrthéarmach, lena n-áirítear tuarastail, a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta an RTB taispeánta thuas. Áirítear na méideanna sin laistigh de phá fhoireann an RTB agus na foirne ar iasacht faoi Chostais na Foirne. Áirítear le príomhphearsanra an RTB an Stiúrthóir agus a Leas-Stiúrthóirí.

Níl luach na sochar scoir arna dtuilleamh le linn na bliana san áireamh le luach na sochar gearrthéarmach. Is baill de cheann amháin de scéimeanna pinsin na seirbhíse poiblí iad an príomhphearsanra bainistíochta agus ní sháraíonn a dteidlíochtaí ina leith sin téarmaí scéim pinsin eiseamláireach na seirbhíse poiblí.

### Luach saothair na stiúrthóirí

	2021	2020
	€	€
Luach saothair na stiúrthóirí	<b>100,347</b>	100,767

Ceapadh an tUas. Padraig McGoldrick mar Stiúrthóir Eatramhach ar an RTB le héifeacht ón 01 Márta, 2020 tráth ar éirigh an Stiúrthóir a bhí ann roimhe le héifeacht an 28 Feabhra 2020. Áirítear i bhfigiúr 2020 in aghaidh an tábla thuas luach saothair don bheirt a d'fhóin mar Stiúrthóir RTB i rith na bliana sin.

Áirítear luach saothair Stiúrthóirí le Sochair Ghearrthéarmacha faoi Phríomhphearsanra Bainistíochta. Ní bhfuair an Stiúrthóir bónas ar bith ná sochar comhchineál in 2021 nó in 2020. Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin na Stiúrthóirí na teidlíochtaí caighdeánacha atá i scéim aoisliúntais samhla le sochar sainithe na hearnála poiblí.

Fuair 19 mball foirne ollphá sa bhreis ar €60,000 in 2021 (2020: 17). Tá anailís déanta ar na híocaíochtaí sin ar an tábla ag seo a leanas.

### Raon Iomlán na Sochar Fostaithe

Raon Iomlán na Sochar Fostaithe		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go dtí	2021	2020
€60,000	€69,999	8	10
€70,000	€79,999	8	5
€80,000	€89,999	2	1
€90,000	€99,999	0	1
€100,000	€109,999	1	0



## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 5b Costais Chomhaltaí an Bhoird agus an Phainéil

	2021 €	2020 €
Táillí chomhaltaí an bhoird	106,558	112,625
Táillí comhaltaí an bhinse	902,260	334,351
Táillí na mbreithneoirí idirghabhálaithe <sup>1</sup> & táillí eile	842,776	698,064
Taisteal & cothabháil - An Bord	0	319
Taisteal & cothabháil - comhaltaí an phainéil	17,146	16,524
Oiliúint – an Bord	7,170	320
Oiliúint – comhaltaí an phainéil	48,608	13,720
	<b>1,924,518</b>	<b>1,175,923</b>

### 5c Costais Riaracháin

	2021 €	2020 €
Teagmhálacha custaiméirí <sup>1</sup>	2,524,248	2,254,438
Táillí dlí	1,480,938	1,959,622
Táillí gairmiúla	299,309	679,748
Cumarsáid & oideachas	766,710	661,591
Innéacs cíosa agus taighde	260,717	347,602
Priontáil & postas	609,190	1,000,922
Riarachán	286,058	325,167
Seomraí cruinnithe	45,748	55,780
Cíos agus árachas	868,678	894,864
Áitreamh	92,880	98,270
Seirbhísí ICT	1,950,933	1,718,075
Síntiúis	15,861	3,188
Gearrscríbhneoireacht	68,074	29,379
Aistriúchán	43,076	17,022
Tionscnaimh agus tionscadail	1,493,324	129,435
Taisteal agus cothú	0	7,520
	<b>10,805,744</b>	<b>10,182,623</b>

<sup>1</sup> Baineann teagmhálacha custaiméirí le caiteachas a tabhaíodh le cuideachta seirbhíse tríú páirtithe a sholáthraíonn seirbhísí teagmhála custaiméirí (teileafón, comhrá gréasáin, ríomhphost) agus riaracháin do chustaiméirí an RTB.

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 6 Réadmhaoin, Gléasra &amp; Trealamh

	Trealamh Ríomhaireachta & Forbairt Bogearraí	Córas á Fhorbairt <sup>2</sup>	Feabhsúcháin Léasachta	Troscán & Feistis	Trealamh Oifige	Iomlán
Costas	€	€	€	€	€	€
Iarmhéid tosaigh	2,803,813	4,810,246	2,116,746	443,523	84,328	10,258,656
Breiseanna	0	2,571,632	0	5,249	0	2,576,881
Aistriú	<u>7,381,878</u>	<u>(7,381,878)</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>0</u>
Amhail an 31 Nollaig 2021	10,185,691	0	2,116,746	448,772	84,328	12,835,537
<b>Dímheas</b>						
Iarmhéid tosaigh	2,561,651	0	1,174,727	259,024	84,328	4,079,730
Muirear don bhliain	<u>348,332</u>	<u>0</u>	<u>105,002</u>	<u>24,681</u>	-	<u>478,015</u>
Amhail an 31 Nollaig 2021	2,909,983	0	1,279,729	283,705	84,328	4,557,745
<b>Glanluach de réir na Leabhar</b>						
Amhail an 31 Nollaig 2020	<u>242,162</u>	<u>4,810,246</u>	<u>942,019</u>	<u>184,499</u>	<u>0</u>	<u>6,178,926</u>
Amhail an 31 Nollaig 2021	<u>7,275,708</u>	<u>0</u>	<u>837,017</u>	<u>165,067</u>	<u>0</u>	<u>8,277,792</u>

## 7 Infháltais

	2021 €	2020 €
Clárúcháin SSA & AHB infhaighte	<b>140,945</b>	653,540
Speansais réamhíochta	<b>118,532</b>	297,776
Ioncam fabhraithe	<b>105,821</b>	29,290
Asbhaintí deonacha	<b>6,202</b>	3,376
	<b><u>371,500</u></b>	<u>983,982</u>

Is méideanna iad na clárúcháin SSA & AHB atá le híoc ó sholáthraithe Cóiríochta Sonracha do Mhic Léinn agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta le haghaidh mórchlárúcháin a phríoiseálar agus a mbilleálaimid dóibh. Is éard atá i gceist le hiarmhéid 2021 ná na mórchlárúcháin a bhaineann le soláthraithe na Cóiríochta do Mhic Léinn go Sonrach amháin. Den iarmhéid seo, tá € 16,905 de chlárúcháin SSA 2019 agus € 19,360 de chlárúcháin SSA 2020 fós gan íoc faoi dheireadh 2021. Rinneadh measúnú agus socraíodh nach raibh aon fhoráil maidir le drochfhiach ag teastáil.

2 Léiríonn córas atá á fhorbairt na costais a bhaineann le córas bainistíochta um caidreamh custaiméirí nua a fhorbairt don RTB. Críochnaíodh an fhorbairt agus cuireadh an córas i seirbhís i mí na Samhna 2021.

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 8 Suimeanna dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin

	2021 €	2020 €
Creidiúnaithe	1,348,414	1,260,599
Sonraisc fabhráithe	1,758,334	1,692,763
Dliteanais eile	386,963	400,073
	<b><u>3,493,711</u></b>	<b><u>3,353,435</u></b>

Cuimsítear i nDliteanais Eile tá foráil maidir le 1,099 clárúcháin neamhiomlán le luach € 69, 862 (2020: 1,314 iarratas, luach €156,171).

### 9 Barrachas Carntha

Tháinig an barrachas carntha €6,398,803 ar an 31 Nollaig 2021 chun cinn go príomha as ioncam clárúcháin neamhbheartaithe a fháil le linn 2019 nuair a tháinig an ceanglas isteach go gcaithfí cóiríocht a bhaineann go sonrach le mic léinn a chlárú leis an RTB chomh maith le tearc-chaitheamh ar ghníomhaíochtaí beartaithe in 2020 agus i mblianta roimhe sin. Tá beartas bainistíochta cúlchistí glactha ag an mBord lena chinntiú go mbeidh go leor cúlchistí ag an RTB le bheith ábalta an gnó a oibriú le linn tréimhsí neamhchinnteachta eacnamaíche nó strus ar an sreabhadh airgid tirim (mar shampla, mar a tharla le linn phaindéim Covid-19) agus chun cúlchistí a choinneáil ar leibhéal optamach thar an meántéarma. Coinneoidh an Bord, i gcomhar leis an Roinn Tithíocht, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht, staid airgeadais an RTB, go háirithe barrachas cistí ar bith, faoi athbheithniú le linn na bliana atá le teacht.

### 10 An Cuntas Caipitil

	2021 €	2020 €
Iarmhéid tosaigh	6,178,926	4,634,030
<b>Aistriú (chuig) / ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais</b>		
Maoiniú chun sócmhainní a cheannach	2,576,881	1,902,819
Amúchta ar aon dul le dímhéas sócmhainne	(478,015)	(357,923)
Scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní seasta	0	0
	<b><u>2,098,866</u></b>	<b><u>1,544,986</u></b>
Iarmhéid deiridh	<b><u>8,277,792</u></b>	<b><u>6,178,926</u></b>

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 11 Cóiríocht

I mí Dheireadh Fómhair 2007 shínigh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe comhaontú léasachta 20 bliana i ndáil lena áitreabh ag Teach Dhroichid Uí Chonaill, Sráid D'Oliver, Baile Átha Cliath 2. I mí Dheireadh Fómhair 2018 ghlac an RTB spás breise san fhoirgneamh céanna chun freastal ar mhéadú ar na baill foirne agus ionchais le haghaidh fás amach anseo agus sainordú na heagraíochta ag méadú. Éagfaidh an léas don spás breise ag an am céanna leis an mbun-chomhaontú léasachta 20 bliain an 23 Deireadh Fómhair 2027. B'ionann an ceangaltas bliantúil faoi na léasanna sin ag deireadh na bliana agus €701,247.

Ar an 31 Nollaig 2021 bhí ceangaltas bhliantúla léasa faoi léasanna oibriúcháin ann faoi mar a leanas:

An dáta éaga:	2021 €	2020 €
Idir 0 agus 1 bhliain	701,247	701,247
Idir 1 agus 5 bliana	2,804,988	2,804,988
Breis is 5 bliana	568,679	1,269,926
Iomlán	<u>4,074,914</u>	<u>4,776,161</u>

### 12 Aoisliúntas

#### a) Anailís ar na costais iomlána phinsin a gearradh ar an Caiteachais

	2021 €	2020 €
Costas seirbhíse reatha <sup>3</sup>	1,113,000	962,000
Ús ar dhliteanas na scéime pinsin	199,000	244,000
Costas phinsin a gearradh ar an gcaiteachas	<u>1,312,000</u>	<u>1,206,000</u>

#### b) Gluaiseacht sa ghlandliteanas pinsin le linn na bliana airgeadais

	2021 €	2020 €
Glandliteanas pinsin amhail an 1 Eanáir	(19,243,000)	(16,865,000)
Costas reatha	(1,309,000)	(1,137,000)
Costais úis	(199,000)	(244,000)
Gnóthachan Achtúireach	(775,000)	(997,000)
Easnamh pinsin ag deireadh na bliana	<u>(21,526,000)</u>	<u>(19,243,000)</u>

3 Tá costais Reatha na Seirbhíse glan ó ranníocaíochtaí a chuirtear ar ais chuig an státchiste Ba iad na méideanna a cuireadh ar ais chuig an státchiste (2021) € 283,812 a chuimsigh € 195,910 i ranníocaíochtaí pinsin fostaithe agus € 87,902 i luach a aistríodh ó fhostóir eile san earnáil phoiblí agus (2020) € 175,489 in ranníocaíochtaí fostaí amháin.

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### c) Cistiú Iarchurtha do Phinsin

D'fhaomh an tAire Comhshaoil, Pleanála, agus Rialtais Áitiúil Scéim Aoisliúntais an RTB le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Samhna 2011 (le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2004). Aithníonn an RTB méideanna atá dlite ón Stát maidir leis an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean a eascraíonn as an scéim aoisliúntais faofa seo ar bhonn ar an tsraith bonn tuisceana ar a bhfuil cur síos déanta in (e) agus roinnt imeachtaí san am a chuaigh thart. I measc na tarluithe siúd, áirítear an bonn reachtúil faoinar mbunaíodh an scéim aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá ann faoi láthair chun sochair scoir don tseirbhís poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ón fhostaí agus an próiseas meastacháin bliantúil.

Ba é seo a leanas an Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean a aithníodh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2021 €	2020 €
Coigeartuithe ar an maoiniú maidir le muirear pinsin na bliana reatha	1,312,000	1,206,000
Ranníocaíochtaí pinsin fostaithe	283,812	175,489
	<b>1,595,812</b>	<b>1,381,489</b>

B'ionann an tsócmhainn iarchurtha chistithe le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2021 €21,526,000 (2020: €19,243,000).

### d) Cuntas Comaoin Sochair Sainithe

	2021 €	2020 €
Comaoin Sochar Sainithe	21,526,000	19,243,000
Caillteanais/(Gnóthachain) ó Thaithí ar Dhliteanais Scéime & Athrú ar Bhoinn Tuisceana	775,000	997,000
Céatadán Dliteanais na Scéime	4%	5%

### e) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Socrú pinsin tuarastail deiridh shochair shainithe atá i scéim phinsin an RTB ag a bhfuil sochair agus ranníocaíochtaí a shainítear trí thagairt a dhéanamh do rialacháin na scéime reatha poiblí "samhlaí". Anuas air sin, soláthraíonn an scéim pinsean (an t-ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (na trí ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is gnách go méadaítear na pinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) ar aon dul le boilsciú ginearálta tuarastail na hearnála poiblí.

Is í an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ("An Scéim Aonair") an scéim shochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí ar ceapadh iad ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh ar aon dul leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar soláthar sa scéim i gcomhair pinsin agus cnapshuim scoir bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin réimghairme, agus pinsin fhéideartha céilí agus leanaí. Is é an aois phinsin íosta ná 66 bliana (ag ardú de réir athruithe ar aois pinsin an Stáit). Cuimsítear leis saoráid luathscoir laghdaithe go hachtúireach ó 55 bliain d'aois ar aghaidh. Téann pinsin atá á n-íoc i méid i gcomhréir leis an innéacs praghsanna do thomhaltóirí. Bhí 54 comhalta gníomhach den Scéim Aonair i 2021 (2020: 56).

Tá na torthaí atá leagtha amach thuas bunaithe ar luacháil achtúireach na ndliteanais pinsin maidir leis na baill foirne amhail an 31 Nollaig 2021. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil sin chun críche an chaighdeáin tuairiscithe, *Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 – Nochtadh um Pleananna Pinsin*.

## Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Is iad seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a úsáideadh chun na dliteanais scéime a ríomh:

	2021	2020
Ráta lascaíne	<b>1.55%</b>	1.00%
Toimhde faoin méadú tuarastail	<b>3.70%</b>	2.95%
Méadú pinsin - Scéim Aoisliúntais	<b>3.20%</b>	2.45%
Méadú pinsin - Scéim Aonair <sup>4</sup>	<b>2.20%</b>	1.45%
Boilsciú praghsanna (CPI)	<b>2.20%</b>	1.45%

### 13 Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála

Tá an Bord ar an eolas faoina fhreagrachtaí faoi na Rialacháin maidir le híocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002 agus bhunaigh sé nósanna imeachta agus próisis iomchuí lena chinntiú go ndéanfar gach íocaíocht i gcomhréir leis na Rialacháin. Is ionann costas na n-íocaíochtaí déanacha don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus €0. (2020: €161).

### 14 Cásanna gan Réiteach

Bhí 1,045 réiteach díospóide ag an mBord ar feitheamh ar éisteacht amhail an 31 Nollaig 2021. (2020: 753). Cé go mbíonn costais éagsúla ar an bpróiseas réitigh díospóidí i gceist ag brath ar an gcás níl soláthar ar bith do na cásanna sin nár réitíodh a cláraíodh roimh an 31 Nollaig 2021 sna Ráitis Airgeadais.

### 15 Leasanna agus Táillí Chomhaltaí an Bhoird

Ghlac an Bord nósanna imeachta de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais i dtaca le nochtadh leasanna ag an Comhaltaí Boird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana. Ní raibh aon idirbhearta ann le linn na tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag na Comhaltaí Boird.

Tá táillí Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach i Sceideal Táillí na gComhaltaí Boird, Freastal, agus Speansais sa Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird. Is iad an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta a shocraíonn na socraítear rátaí táillí.

### 16 Smachtbhannaí Airgeadais arna bhforchur ag Cinnteoirí

In 2021, fuair RTB € 28,546 de bhun smachtbhannaí arna bhforchur ag Cinnteoirí ar thiarnaí talún faoi S148X (4) (a) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (arna leasú). Faoin alt seo féadfaidh Cinnteoirí smachtbhanna a thabhairt ar rabhadh i scríbhinn agus/nó suim suas le € 15,000 agus suas le € 15,000 i gcostais ar thiarna talún más cuí leo é a dhéanamh in imthosca an cháis. De réir nósanna imeachta airgeadais poiblí, chuir an RTB smachtbhannaí airgeadais ar suim € 22,982, a d'íoc tiarnaí talún leis an RTB, chuig an Státchiste in 2021. Tá an t-iarmhéid de € 5,564 atá le híoc in 2022 san áireamh i gCreidiúnaithe ag deireadh na bliana.

### 17 Nochtadh Páirtithe Ghaolmhara

Le linn na bliana ní raibh aon idirbhearta ná iarmhéideanna ag an RTB le páirtithe ghaolmhara mar a shainmhínítear in FRS 102 (alt 33).

### 18 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an **12 Bealtaine 2022**.

<sup>4</sup> Méadú pinsin - Níor nochtadh Scéim Aonair ar leithligh i ráitis airgeadais 2020 ach nochtar í anseo chun comparáid a dhéanamh le nochtadh 2021.

# Eochairfhocail RTB

**Oifigeach Rochtana:** Tá Oifigeach Rochtana ag an RTB chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar sheirbhísí RTB.

**Breithniú:** Tá Breithniú ar cheann de na roghanna maidir le Réiteach Díospóidí a thairgeann an RTB chun díospóid chíos idir páirtithe a réiteach. I mBreithniú, cuireann páirtithe cáis (tiarnaí talún, tionóntaí agus/nó tríú páirtithe amhail comharsa) fianaise i láthair in éisteacht os comhair Breithneora, nó Cinnteora, a dhéanann cinneadh ar bhonn na fianaise a chuirtear i láthair.

**Breithneoir:** Is é an Breithneoir an cinnteoir san éisteacht um Bhreithniú. Cinneadh sé nó sí toradh an cháis bunaithe ar an bhfianaise a chuireann gach páirtí sa díospóid chíos ar fáil.

## **Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBanna):**

Soláthraíonn agus bainistíonn Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBanna) tithíocht shóisialta ar cíos. Is eagraíochtaí neamhbhrabúis iad a chuireann tithíocht inacmhainne ar cíos ar fáil do dhaoine nach bhfuil sé d'acmhainn acu cíosanna san earnáil phríobháideach a íoc nó a dtithe féin a cheannach. Cuireann siad tithíocht ar fáil freisin do ghrúpaí ar leith, ar nós daoine aosta nó daoine gan dídean. In 2016, tháinig AHBanna faoi shainchúram an RTB, ag iarraidh orthu a dtionóntachtaí a chlárú leis an RTB. Thug an t-athrú seo rochtain do thiarnaí talún agus do thionóntaí AHB ar Sheirbhís Réitigh Díospóidí an RTB dá dtiocfadh ceist tionóntachta chun cinn.

**Oifigeach Údaraithe:** Duine a cheapann an RTB chun imscrúdú a dhéanamh ar shárú líomhnaithe ar an dlí um chíos ag tiarna talún. Tá an chumhacht ag an Oifigeach Údaraithe dul isteach i dteaghais agus iniúchadh a dhéanamh uirthi, cóipeanna de thaifid a thógáil, a iarraidh ar aon duine ag an teaghais faisnéis agus taifid a sholáthar, a iarraidh ar thiarna talún taifid a sholáthar agus Éisteacht ó Bhéal a sheoladh faoi mhionn

## **Betterlet - Scéim Oilíúna do Thiarnaí Talún atá**

**Creidiúnaithe ag RTB:** Oilíuint saor in aisce is ea Scéim Oilíúna Betterlet do Thiarnaí Talún atá Creidiúnaithe ag RTB do thiarnaí talún chun cuidiú leo tuiscint níos fearr a fháil ar a gcearta agus ar a bhfreagrachtaí cíosa, ionas go mbeidh siad ábalta a dtionóntachtaí a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Bíonn sé ar siúl thar Shatharn iomlán nó thar dhá thráthnóna agus faigheann tiarnaí talún creidiúnú nuair a dhéanann siad scrúdú beag i ndiaidh an tseisiúin oilíúna.

**Cáspháirtí nó cáspáirtithe:** D'fhéadfadh aon duine a bheith i gceist leis sin atá bainteach le díospóid chíos: tiarna talún, tionónta(i), comharsa, tríú páirtithe, srl.

**An Chúirt Chuarda:** Suíonn an Chúirt Chuarda os cionn na Cúirte Dúiche agus faoin Ard-Chúirt agus tá an chumhacht aici damáistí suas le €75,000 a bronnadh agus déileáil le formhór na gcásanna coiriúla. Ní mór do Chúirteanna Cuarda smachtbhannaí ar bith a fhorchuireann Cinnteoirí an RTB mar thoradh ar imscrúdú a dhearbhu.

**Comhlíonadh:** Is ionann cloí le nó comhlíonadh nuair a leanann duine nó eagraíocht na rialacha nó na dlíthe. Is é an mhalairt ar na rialacha a bhriseadh. San earnáil chíos, bainistíonn an RTB comhlíonadh an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe, ag cinntiú go bhfuil a bhfuil gach duine a chónaíonn agus a oibríonn san earnáil cíosa ag cloí leis an dlí cíosa.

**Cíos Costais:** Is cineál de thithíocht sheachbhrabúsach é Cíos Costais ina gclúdaíonn an cíos a íocann an tionónta costas tógála, bainistíochta agus cothabhála an tí.

**Cairt Chustaiméirí:** Ráiteas is ea Cairt Custaiméirí an RTB maidir leis na caighdeáin seirbhíse ar féidir le custaiméirí bheith ag súil leo ón RTB. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar [www.rtb.ie](http://www.rtb.ie).

**Bainistíocht Caidrimh le Custaiméirí (CRM):** Is straitéis é CRM a úsáideann cuideachtaí chun idirghníomhaíochtaí le custaiméirí agus le custaiméirí féideartha a bhainistiú.

**Cinnteoir:** Duine a cheapann an RTB le cén smachtbhanna, más aon cheann, ba cheart a fhorchur ar thiarna talún faoi imscrúdú. Gairmithe dlíthiúla is ea cinnteoirí ag a bhfuil taithí fhairsing ar ról chinnteoireachta agus tá siad neamhspleách ar an RTB.

**Éarlais:** Is ionann éarlais, ar a dtugtar éarlais slándála uaireanta, ná méid airgid a íocann tionónta leis an tiarna talún de ghnáth sula dtosaíonn an tionóntacht nó ar an dáta a thosaíonn an tionóntacht. Coinníonn an tiarna talún an éarlais agus tugtar ar ais í don tionónta ag deireadh na tionóntachta. Meastar gurb é maoin dhleathach an tionónta í an éarlais go dtí go mbunóidh an tiarna talún ceart ina leith. Áirítear ar na cúiseanna ar féidir le tiarnaí talún cuid den éarlais nó an éarlais ar fad a choinneáil nuair a bhíonn riaráistí cíosa, billí, cánacha nó táillí dlite; nó i gcás ina ndearnadh damáiste don réadmhaoin thar gnáthchaitheamh agus cuimilt; nó sa chás go dtugann tionónta fógra neamhleor chun deireadh a chur le tionóntacht nó má chríochnaíonn sé/sí a dtionóntacht ar théarma seasta roimh dheireadh na dtéarmaí comhaontaithe.

**Ordú Cinnidh:** Eisíonn an RTB Orduithe Cinnidh i ndiaidh Idirghabháil Gutháin, éisteachtaí um Breithniú agus Binse Tionóntachta. Doiciméad atá ina cheangal dlí is ea Ordú Cinnidh ina dtugtar toradh cáis agus ina n-achoirítear na téarmaí nach mór cloí leo agus cé chomh fada a chaithfidh an duine cloí leis na téarmaí.

**An Chúirt Dúiche:** Is í an Chúirt Dúiche an chúirt is ísle i gCóras Breithiúnach na hÉireann ag a bhfuil an chumhacht damáistí suas le €15,000 a bronnadh i gcásanna sibhialta agus déileáil le formhór na mionchásanna coiriúla. Tionóltar imeachtaí forfheidhmiúcháin Orduithe Cinnidh sa Chúirt Dúiche. Is féidir le páirtithe cáis imeachtaí a thionscnamh iad féin le cuidiú ón RTB. Laistigh de shainchúram na n-imscrúduithe, is féidir leis an RTB nó an tOifigeach Údaraithe iarratas a chur faoi bhráid na Cúirte Dúiche, más gá, le haghaidh Ordú lena iarraidh ar dhuine freastal ar Éisteacht ó Bhéal nó comhoibriú le himscrúdú.

**Fianaise:** Faisnéis nó taifid ar bith a bhaineann le gníomhaíocht ar bith i ndáil le ligean nó tionóntacht réadmhaoine ar cíos. Is féidir le páirtithe cáis fianaise a chur i láthair ag éisteacht réitigh díospóide nó is féidir le hOifig Údaraithe í a bhailiú le linn imscrúdaithe.

**Iompar Míchuí:** Is féidir leis an RTB imscrúdú a dhéanamh ar thiarnaí talún maidir le sárúithe áirithe ar an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe a shainítear mar Iompar Míchuí, ar a n-áirítear: mainneachtain cloí leis na ceanglais maidir le Criosanna Brú Cíos (CBC); mainneachtain tionóntacht a chlárú; mainneachtain fógra a thabhairt don RTB maidir le hathruithe ar shonraí tionóntachta; mainneachtain fógra a thabhairt don RTB agus díolúine ó cheanglais CBC á héileamh nó ag iarraidh brath ar dhíolúine ó cheanglais CBC nach gcloíonn leis na ceanglais sin; mainneachtain tionóntacht a thairiscint ar ais i gcás nach bhfuil na forais shonracha maidir le foirceannadh ábhartha a thuilleadh; nó cúiseanna bréagacha nó míthreoracha le deireadh a chur le tionóntacht; má lorgaítear éarlais/iocáíocht de bhreis ar chíos míosa amháin, tá feidhm aige seo i gcás tionóntachta a cruthaíodh ón 9 Lúnasa 2021 ar aghaidh.

**An Ard-Chúirt:** Is í an Ard-Chúirt an chúirt atá os cionn na Cúirte Cuarda agus ag a bhfuil dlínse iomlán chun gach cúrsa dlí agus fíorais a chinneadh. Féadfaidh an RTB, nó tiarna talún arb é ábhar cinnidh ag an gCúirt Cuarda achomharc a dhéanamh, le cead ón gCúirt Cuarda, ar chinneadh chun na hArd-Chúirte ar phointe dlí.

**Teorainneacha LEA:** Is ionann teorainneacha Toghcheantar Áitiúil (LEAanna) agus limistéir a ainmnítear laistigh de chontae nó de chathair chun críche toghcháin áitiúla. Comhfhreagraíonn ceantair bhargasacha le Toghcheantair. Nuair a dhéantar Crios Brú Cíos a ainmniú, déantar é a ainmniú de ghnáth le Toghcheantar Áitiúil sonrach.

**Údarais Áitiúla:** Tá 31 Údarás Áitiúil in Éirinn, áirítear leis sin 26 Comhairle Contae, 2 Chomhairle Cathrach agus Contae agus 3 Chomhairle Cathrach.

Soláthraíonn Comhairlí Cathrach agus Contae raon leathan seirbhísí i ndáil le bóithre; trácht; pleanáil; tithíocht; forbairt eacnamaíoch agus pobail; seirbhísí comhshaoil, fóillíochta agus taitneamhachta; seirbhísí dóiteáin agus clár na dtoghthóirí a choinneáil. Maidir le tithíocht, bainistíonn na hÚdarais Áitiúla cigireachtaí tithíochta lena sheiceáil go bhfuiltear ag cloí le caighdeáin réadmhaoine ar cíos, mar aon le scéimeanna tacaíochta cíosa a bhainistiú amhail ÍCT agus Líuntas Forlíonta Cíos.

**Clinic Buail Isteach an Oireachtais:** Is é an tOireachtas, ar a dtugtar Oireachtas Éireann uaireanta, an comhlacht a dhéanann an dlí in Éirinn. Tá sé comhdhéanta d'Uachtarán na hÉireann agus dhá theach an Oireachtais: Dáil Éireann agus Seanad Éireann. Cruthaíonn na comhlachtaí sin le chéile dlíthe in Éirinn. D'eagraigh an RTB Clinic Buail Isteach an Oireachtais, ag tabhairt cuiridh do chomhaltaí na Dála agus an tSeanad, ar a dtugtar Teachtaí Dálaí agus Seanadóirí, le tuilleadh eolais a fháil faoin RTB, faoina chuid seirbhísí agus faoin reachtaíocht is déanaí maidir le cíos chun bonn eolais a chur faoina toghthóirí.

**Rósheilbh:** Is ionann rósheilbh agus nuair a fhanann tionónta ina c(h)ónaí i réadmhaoin ar cíos thar thréimhse níos faide ná tréimhse an fhógra, cé gur eisigh an tiarna talún Fógra Foirceannta bailí agus gur thug sé nó sí an méid ceart ama le haghaidh thréimhse an fhógra don tionónta chun an réadmhaoin a fhágáil.

**Soláthar:** Is ionann soláthar agus an próiseas maidir le téarmaí a fháil agus aontú leo, agus earraí, seirbhísí, nó oibreacha a fháil ó fhoinshe sheachtrach, trí phróiseas tairisceana nó iomaíoch go minic.

**Nochtadh Cosanta:** Leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014 cuirtear ar chumas fostaithe faisnéis a nochtadh a bhaineann le héagóir faoina bhfuil siad eolach san áit oibre agus cinntítear go mbíonn cosaintí ann, dá ndéanfaí bearta díoltais ina gcoinne.



**Fógra Athbhreithnithe Cíos:** Tá tiarnaí talún go léir i dteideal athbhreithniú a dhéanamh ar an méid cíos a íoctar ar a gcuid maoin. Ag brath ar an áit a bhfuil an réadmhaoín, ní féidir athbhreithnithe ar chíos a dhéanamh ach gach 12 mí má tá sé laistigh de Chrios Brú Cíos nó gach 24 mí má tá sé lasmuigh de Chrios Brú Cíos. Agus méideanna cíos á n-athbhreithniú, ní mór do na tiarnaí talún é sin a chur in iúl do na tionóntaí trí Fógra i scríbhinn maidir le hAthbhreithniú Cíos a thabhairt dóibh 90 lá ar a laghad roimh an athrú ar an gcíos.

**Fógra Foirceanta:** Is é sin an doiciméad oifigiúil lena gcuirtear deireadh le tionóntacht, nach mór don tiarna talún é a thabhairt don tionónta nó do na tionóntaí. Tá rialacha dochta i bhfeidhm maidir leis an bhFógra seo chun go mbeidh sé bailí, lena n-áirítear go gcaithfidh an Fógra bheith i scríbhinn, gur cheart go mbeadh an dáta ar seirbheáladh é agus nuair a thioctaidh deireadh leis an tionóntacht air, go mbeidh sé sínithe ag an tiarna talún nó ag gníomhaire, agus ba cheart cúis bhailí a bheith ann le deireadh a chur leis an tionóntacht má mhair sé tréimhse níos mó ná sí mhí. Ní mór cóipeanna a sheoladh chuig an RTB.

**Rialálaí:** Is ionann Rialálaí agus duine nó eagraíocht a dhéanann maoirseacht ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil gnólacht nó earnáil ag leanúint rialacha agus dlíthe áirithe. Mar shampla, is é an RTB an rialálaí don earnáil cíos, rud a chiallaíonn go gcuireann sé an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe chun feidhme agus go bhforfheidhmíonn sé é, lena chinntiú go bhfuil gach duine ag leanúint na rialacha san earnáil cíos.

**Creat Rialála:** Is ionann an creat rialála agus comhcheangal de na rialacha, dlíthe, treoirlínte agus nósanna imeachta lena dtreoraítear tionscal nó earnáil ar leith. Mar shampla, tá an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe ina chuid mhór den chreat rialála lena dtreoraítear an earnáil cíos in Éirinn.

**Riaráistí cíos:** Mura n-íocann tionónta cíos, tugtar riaráistí cíos ar an méid cíos atá dlite don tiarna talún.

**Riaráistí Cíos agus Rósheilbh:** Tarlaíonn sé sin i gcás nár íoc tionónta a c(h)íos agus go bhfuil sé nó sí fós ina c(h)ónaí sa réadmhaoín ar chíos thar thréimhse níos faide ná thréimhse an fhógra, cé gur eisigh an tiarna talún Fógra Foirceannta bailí agus gur thug sé nó sí an méid ceart ama le haghaidh thréimhse an fhógra don tionónta chun an réadmhaoín a fhágáil.

**Crios Brú Cíos (RPZ):** Is limistéar sainithe é Crios Brú Cíos (RPZ) nach féidir cíosanna a ardú níos mó ná boilsciú ginearálta, mar a thaifeadtar san Innéacs Comhchuibhithe den Phraghas do Thomhaltóirí (HICP). Ní féidir le haon mhéadú cíos i RPZ an boilsciú ginearálta a shárú, mar a thaifeadtar san Innéacs Comhchuibhithe den Phraghas do Thomhaltóirí (HICP) agus ní féidir leis an gcíos a socraíodh roimhe seo a ardú níos mó ná 2% in aghaidh na bliana pro rata. Tá feidhm aige sin maidir le tionóntachtaí úra agus cinn atá ann cheana (mura bhfuil díolúine á cur i bhfeidhm).

**Díolúine Creasa Brú Cíos (CBC):** I roinnt cásanna, ní chaithfear rialacha um shocrú cíos CBC a chur i bhfeidhm ar réadmhaoine cíos agus ina ionad sin is féidir an cíos a shocrú ar leibhéal an mhargaidh. Tugtar díolúine CBC ar na cásanna sin. Tá trí bhealach inar féidir le tiarnaí talún a bheith díolmhaithe ó rialacha socraithe cíos RPZ: díolúine 1 - nuair nach raibh maoin ar cíos sa dá bhliain roimhe sin; díolúine 2 - nuair is déanmhas cosanta nó molta é an mhaoin nó nuair atá sé i bhfoirgneamh cosanta nó nuair nár lígeadh ar cíos é le 12 mhí anuas; nó díolúine 3 - nuair a tháinig athrú suntasach ar nádúr maoin (nach mór dó na critéir atá leagtha amach sa dlí a chomhlíonadh). Nuair a bhraitheann tiarna talún ar cheann de na díolúine sin, caithfidh sé nó sí fógra a thabhairt don RTB.

**Stoc Cíos:** Is ionann stoc cíos agus an méid cóiríochta ar cíos atá ar fáil ag aon am amháin.

**Binse Cíos:** Bunaíodh Binse Cíos an RTB in 1983, chun cinneadh a dhéanamh maidir le cíos agus téarmaí tionóntachta eile a bhí ar cíos rialaithe roimhe seo faoi na hAchtanna Sriannta Cíos 1960-1981. In 2016, dhíscaoil an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Binse Cíos agus aistríodh a fheidhmeanna chuig an RTB.

**An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe (2004, arna leasú):** Dá ngairtear an 'tAcht' nó RTA, is é seo ainm na reachtaíochta lenar cruthaíodh an RTB agus is é an dlí lena gcuirtear taca faoin earnáil cíos in Éirinn, agus an bonn dlíthiúil á sholáthar maidir le cearta agus freagrachtaí tionóntaí agus tiarnaí talún.

**Dlínse an RTB:** Is ionann dlínse an RTB agus a mhéid is féidir leis an RTB cinntí agus moltaí dlíthiúla a dhéanamh. Mar bhonn leis seo tá an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe a leagann amach ról agus cumhachtaí an RTB; is dócha go bhfuil aon rud nach bhfuil leagtha amach san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe lasmuigh de dhlínse an RTB agus ní bheadh an RTB in ann gníomhú nó cinneadh a dhéanamh. Samplaí de chásanna nach bhfuil dlínse ag an RTB is ea déileáil le socruithe 'faigh seomra ar cíós' nó socruithe AirbnB.

**Smachtbhanna:** Is féidir leis an RTB smachtbhannaí de rabhadh i scríbhinn agus/nó fíneáil suas le €15,000 nó suas le €15,000 i gcostais imscrúdaithe an RTB a fhorchur ar thiarna talún a sháraíonn an dlí (Iompar Míchuí).

**Páirtí Leasmhar:** Is ionann páirtí leasmhar agus duine nó eagraíocht a chónaíonn nó a oibríonn san earnáil cíosa. Tá páirtithe leasmhara éagsúla ag an RTB a n-oibríonn sé leo agus a ndéanann sé cumarsáid leo ar bhonn rialta, lena n-áirítear tiarnaí talún, tionóntaí, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, Ollscoileanna, mic léinn, Údaráis Áitiúla, lucht déanta beartas, Ranna Rialtais, na meáin agus an pobal i gcoitinne.

**Reachtúil:** Nuair a bhíonn rud éigin reachtúil ciallaíonn sé go bhfuil sé riachtanach de réir an dlí.

**Dearbhú Reachtúil:** Is ionann Dearbhú Reachtúil agus doiciméad dlíthiúil nach mór do thiarnaí talún iad a eisiúint chuig tionónta mar aon le Fógra um Fhoirceann agus deireadh á chur le tionóntacht faoi fhorais áirithe. Áirítear ar na forais sin: nuair atá sé beartaithe ag an tiarna talún a réadmhaoín a dhíol; nuair atá sé beartaithe acu bogadh isteach inti arís nó nuair atá sé beartaithe ag ball teaghlaigh bogadh isteach sa réadmhaoín arís; nó chun úsáid na háite cónaithe a athrú.

Doiciméad sínithe is ea Dearbhú Reachtúil ina ndéantar breac-chuntas ar dhearbhú tiarna talún go bhfuil an fhaisnéis sa doiciméad i gceart.

**Cóiríocht Sonrach do Mhic Léinn (SSA):** Cóiríocht is ea Cóiríocht Sonrach do Mhic Léinn (SSA) a tógadh go sonrach d'úsáid mac léinn, lena n-áirítear cóiríocht a chuireann ollscoileanna agus institiúidí oideachais ar fáil.

**Idirghabháil Gutháin:** Tá Idirghabháil Gutháin ina seirbhís faoi rún atá saor in aisce agus a chuireann an RTB ar fáil do thiarnaí talún, tionóntaí agus tríú páirtithe a bhfuil fadhb acu lena dtionóntachta nach féidir é a réiteach go neamhfhoirmiúil eatarthu féin. Oibreoidh Idirghabhálaí neamhspleách oilte leis an dá pháirtí leo féin chun teacht ar chomhaontú a bheidh inghlactha ag an mbeirt acu i dtréimhse ghairid ama.

**Binse Tionóntachta:** Mura mbeidh na páirtithe cáis in éisteacht um Breithniú nó Idirghabháil Gutháin sásta le toradh an cháis, is féidir leo an cinneadh a achomharc chun Binse Tionóntachta. Reáchtáiltear an éisteacht achomhairc i mBinse Tionóntachta, agus bíonn atheisteacht iomlán ar an aighneas i gceist leis mura n-aontaíonn na páirtithe é a theorannú do cheisteanna áirithe. Cé go bhféadfadh gur trí Idirghabháil Gutháin a rinneadh an cás, nó gur éisteacht an cás ag Breithneoir, tabharfar deis don dá pháirtí an cás iomlán a chur i láthair arís.

**Tríú páirtithe (i ndáil leis an earnáil cíosa):** Is éard atá i dtríú páirtithe na daoine sin a ndéanann tionóntaí comharsanachta dífeach díreach agus díobhálach dóibh agus tá an ceart acu cás a thabhairt i gcoinne thiarnaí talún na dtionóntaí sin.

**Foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta:** Tugtar díshealbhú mídhleathach air seo, agus d'fhéadfadh a leithéid a bheith i gceist sa chás go ndíulthaíonn tiarna talún, trí fhórsa, imeaglú nó ar shlí éigin eile (cosúil le stop a chur le soláthar fiontas, glais a athrú srl.) cead a thabhairt do thionónta teaghais ar cíós a rochtain nó sa chás go dtógann sé earraí tionónta ón teaghais.

**Éisteachtaí fíorúla:** Tá na nósanna imeachta le haghaidh éisteacht fhíorúil cosúil leis na nósanna imeachta le haghaidh éisteacht aghaidh ar aghaidh, is próisis fhianaisebhunaithe iad, ach reáchtáiltear Éisteacht Fhíorúil trí úsáid a bhaint as MS Teams. Bíonn deis ag páirtithe i gcás labhairt go díreach leis an mBreithneoir agus na saincheisteanna atá ag déanamh imní dóibh a mhíniú.

**Seirbhís Comhrá Gréasáin:** Is bealach cumarsáide é Seirbhís WebChat an RTB a ligeann do chustaiméirí cumarsáid a dhéanamh go díreach leis an RTB ar láithreán gréasáin RTB i bhfíor-am.



ISSN 1649 -9247



Bord um Thionóntachtaí Cónaithe  
**Residential Tenancies Board**

An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe, BOSCA POIST  
12323, Baile Átha Cliath 2.

01-7028100 / 0818 303037

@RTBinfo

[www.rtb.ie](http://www.rtb.ie)